AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 681 final

2026/0286 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

Gníomh AE um Leas an Linbh ar Líne – caomhnú na cuntasachta agus na hiontaofachta i dtaca le spásanna digiteacha ar an idirlíon (EU KIDS ACT)

{SWD(2026) 681 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Ní deir ach leath de leanaí idir 9-16 bliana d'aois ar fud na hEorpa go mbraitheann siad sábháilte ar líne. Tá na rioscaí a bhíonn roimh mhionaoisigh ar líne fíor agus práinneach, agus bíonn tionchar acu ar a sláinte, ar a bhforbairt agus ar a bhfolláine, mar shampla gníomhaíocht choirp laghdaithe, riosca méadaithe mióiopiae agus codladh laghdaithe, siomptóim dúlagair agus imníocha, féinmheas a laghdú, tionchar diúltach ar fhoghlaim agus ar fhorbairt chognaíoch, neamhoird itheacháin, ionbhá laghdaithe, uaigneas agus iompraíochtaí andúile. Tá mionaoisigh i mbaol cibearbhulaíochta, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus mealltóireachta ar líne freisin.

Is tosaíocht pholaitiúil de chuid an Choimisiúin é mionaoisigh a chosaint ar líne. Ina haitheasc ar Staid an Aontais in 2025, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, go gcoimisiúnódh sí painéal saineolaithe chun comhairle a chur uirthi maidir leis an gcur chuige is fearr don Eoraip i ndáil le sábháilteacht leanaí ar líne. Tar éis próiseas sa chéad leath de 2026 ina raibh raon leathan saineolaithe ó réimsí éagsúla páirteach, chomh maith le hionadaithe ón tionscal, ó thuismitheoirí agus ón óige, chuir comhchathaoirligh an Phainéil Speisialta a moltaí faoi bhráid an Uachtaráin i mí Iúil 2026. Leagtar amach sna moltaí bealach soiléir chun sábháilteacht mionaoiseach a fheabhsú ar líne agus chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú. Go háirithe, moltar iontu srian a chur ar rochtain ar fud an Aontais, rialacha comhchuibhithe maidir le sábháilteacht trí dhearadh a thabhairt isteach chomh maith le córais chomhréireacha um dhearbhú aoise lena gcaomhnaítear príobháideachas. Ar deireadh, moltar iontu go ndéanfaí seirbhísí digiteacha a chumhdach lasmuigh d'ardáin na meán sóisialta, lena n-áirítear aipmhargaí, comrádaithe IS agus roinnt físchluichí agus ardáin comhroinnte físeán a thairgeann gnéithe a bhfuil riosca ag baint leo.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, i nDearbhú na hIútlainne a shínigh 25 Bhallstát, éilítear fíorú aoise agus timpeallacht níos sábháilte ar líne do mhionaoisigh. Sna conclúidí uaithi i mí an Mhárta 2026 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé mionaoisigh a chosaint ar líne, lena n-áirítear trí lán-aois dhigiteach. Sa tuarascáil uaithi i mí na Samhna 2025 maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne, d'iarr Parlaimint na hEorpa gur 16 bliana d'aois an teorainn aoise digití chomhchuibhithe a bheadh san Eoraip maidir le rochtain ar na meáin shóisialta, ar ardáin comhroinnte físeán agus ar chomrádaithe IS mura rud é go mbeadh údarú ag leanaí ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí. D'iarr sí freisin gur teorainn 13 bliana d'aois an teorainn aoise digití chomhchuibhithe san Eoraip faoi nach féidir le haon mhionaoiseach rochtain a fháil ar ardáin na meán sóisialta. D'aithin Parlaimint na hEorpa freisin go bhfuil gá le reachtaíocht bhreise maidir le dearadh atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus sábháilteacht trí dhearadh. D'iarr sí freisin go mbeadh cur chuige Eorpach ann maidir le haois a dhdearbhú aoise lena n-áiritheofaí deimhneacht dhlíthiúil.

Ar fud an Aontais Eorpaigh, tá reachtaíocht náisiúnta á plé nó á moladh ag na Ballstáit chun sábháilteacht mionaoiseach a fheabhsú ar líne. Thug an Iodáil, an Fhrainc, an Iorua, an Ghréig, an Ostair, an Pholainn agus an Bheilg fógra in 2025 agus in 2026 faoina ndréachtreachtaíocht lena dteorannaítear rochtain ar sheirbhísí digiteacha áirithe do mhionaoisigh faoi aois áirithe. Thug an Iorua fógra faoina reachtaíocht freisin i mí na Bealtaine 2026. I mbeagnach gach Ballstát eile, tá comhairliúcháin ar siúl, tá dréachtaí á bplé sna parlaimintí náisiúnta nó tá siad fógartha ag rialtais. Tá difríocht idir na

dréachtreachtaíochtaí náisiúnta atá beartaithe ó thaobh raon feidhme, teorainneacha aoise agus cineálacha srianta a fhorchuirtear, rud a d'fhéadfadh an margadh aonair a ilroinnt, deimhneacht dhlíthiúil a laghdú agus costais chomhlíontachta a mhéadú agus leibhéal míchothrom cosanta a bheith ann do mhionaoisigh ar fud an Aontais Eorpaigh.

Níl an timpeallacht ar líne atá ann faoi láthair deartha agus mionaoisigh á gcur san áireamh. Cé go bhfuil reachtaíocht ann cheana chun timpeallacht níos sábháilte ar líne a chruthú, ní ghlacann aon reachtaíocht amháin na leanaí agus a sábháilteacht agus a gcumhachtú mar thúsphointe. Ag tógáil ar na príomhphrionsabail a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065 agus i Rialachán (AE) 2024/1689, féachtar leis an togra seo mionaoisigh a chosaint ar sheirbhísí digiteacha agus ar chórais IS lena mbaineann rioscaí, seasamh leis an margadh aonair digiteach agus creat rialála comhleanúnach agus struchtúr forfheidhmiúcháin comhleanúnach a choinneáil ar bun chun mionaoisigh a chosaint ar líne.

Aithnítear sa togra na rioscaí a bhíonn roimh mhionaoisigh ar sheirbhísí líonraithe shóisialta áirithe ar líne agus ar ardáin comhroinnte físeán agus, dá bhrí sin, cuirtear teorainn le cruthú cuntas uathrialach ar na hardáin agus ar na córais shonracha sin ag leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois. Trí aon aois amháin a shocrú ar fud an Aontais Eorpaigh, comhchuibhítear leis rialacha náisiúnta éagsúla lena mbaintear bacainní ar chur chun feidhme an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, lena n-áirithítear deimhneacht dhlíthiúil agus leibhéal comhchosúil cosanta do gach leanbh san Aontas Eorpach. Tá sé sin comhcheangailte le rialacha lena n-aithnítear ról na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí dlíthiúla maidir le tacú le forbairt shábháilte mionaoiseach ar líne, trí chuntais a chruthú lena ngabhann feidhmiúlachtaí teoranta do mhionaoisigh ó 13 bliana d'aois chomh maith le rialacha chun timpeallacht seirbhísí agus córas sábháilte a chruthú do leanaí an-óg lena mbaineann dianmhaoirseacht tuismitheora agus lena gcuirtear a bhforbairt san áireamh. I gcomhréir leis an gcur chuige forbartha a mhol comhchathaoirligh an Phainéil Speisialta um Shábháilteacht Leanaí ar Líne, níor cheart rochtain a bheith ag mionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois ar sheirbhísí líonra líonraithe shóisialta díobhálacha ar líne ná ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

Leagtar amach sa togra ceanglais shoiléire maidir le sábháilteacht trí dhearadh le haghaidh seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, agus siopaí feidhmchlár bogearraí. Ag tógáil ar mholtaí chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta, déanann sé na ceanglais sin a chomhchuibhiú agus a leathnú lena n-áirithítear deimhneacht dhlíthiúil ar fud an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus ardleibhéal cosanta do mhionaoisigh ar fud na timpeallachta digití, agus é á chur san áireamh go bhfuil samhlacha gnó ag athrú de shíor sa réimse dinimiciúil sin agus nach mór lúba ar lár a sheachaint.

Chun bonn taca a chur faoin moill ar rochtain agus faoi chur chun feidhme na gceanglas maidir le sábháilteacht trí dhearadh, bunaítear leis an togra creat soiléir le haghaidh dearbhú aoise lena ngabhann critéir agus coimircí soiléire maidir le húsáid agus cur chun úsáide na gcóras sin. Trí cheanglais maidir le húsáid modhanna dearbhaithe aoise a chumhdach, áirithítear leis an togra go mbeidh úsáid na modhanna sin comhréireach, éifeachtach, iontaofa agus go gcaomhnófar príobháideachas leo. Déantar foráil ann freisin maidir le critéir choiteanna le haghaidh dearbhú aoise lena n-áirithítear feidhmiú an Mhargaidh Aonair.

Tá forfheidhmiú tapa, éifeachtach agus láidir ríthábhachtach chun mionaoisigh a chosaint ar líne agus d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, leagtar amach sa togra creat forfheidhmiúcháin atá ag brath ar struchtúir forfheidhmiúcháin atá ann cheana agus foráil á déanamh an tráth céanna maidir le nós imeachta forfheidhmiúcháin brostaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuireann an togra leis an gcreat reachtach atá ann cheana chun mionaoisigh a chosaint ar líne lena n-áirithítear feidhmiú an Mhargaidh Aonair. Trí chur le Rialachán (AE) 2022/2065 agus Rialachán (AE) 2024/1689, soláthraítear leanúnachas agus comhleanúnachas le creat rialála an Aontais maidir le seirbhísí digiteacha agus córais IS agus ceanglais shonracha á bhforbairt an tráth céanna maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne agus a n-acmhainneachtaí athraitheacha, a sábháilteacht agus cumhachtú mionaoiseach á gcur san áireamh mar thúsphointe.

Tá an Rialachán seo atá beartaithe gan dochar don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus cuireann sé leis na forálacha a leagtar síos ann, go háirithe Airteagal 28 maidir leis an oibleagáid atá ar sholáthraithe áirithe ardán ar líne bearta iomchuí a dhéanamh chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh. Leagtar síos san ionstraim atá beartaithe, agus go háirithe sna forálacha a bhaineann le sábháilteacht trí dhearadh, i ‘ndlí crua’ na sonraíochtaí sin atá curtha san áireamh cheana féin ag an gCoimisiún sna Treoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint faoi Rialachán (AE) 2022/2065. Ar an gcaoi sin, sonraítear ann na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2022/2065 i gcás ina mbaineann siad sin le ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh agus dearbhú aoise. Dá bhrí sin, ní dhéantar difear do chásanna leanúnacha a bhaineann leis na hoibleagáidí sin faoi Rialachán (AE) 2022/2065, go háirithe Airteagal 28. Tá an Rialachán atá beartaithe gan dochar do Rialachán (AE) 2024/1689 freisin agus cuireann sé lena chreat, go háirithe lena rialacha cuimsitheacha rioscabhunaithe. Tá an Rialachán atá beartaithe comhlántach agus ní dhéanann sé difear do na toirmisc ná d’oibleagáidí ná ceanglais eile maidir le córais IS ná samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha atá bunaithe cheana i Rialachán (AE) 2024/1689.

Tacaíonn an straitéis i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+) le cur chun feidhme an chreata reachtaigh sin, go háirithe Rialachán (AE) 2022/2065. Faoi BIK+, cuireann líonra cómhaoinithe an Aontais d’Ionaid um Idirlíon Níos Sábháilte seisiúin oiliúna, línte cabhrach agus beolínte ar fáil agus reáchtálann sé gníomhaíochtaí múscailte feasachta. Téann siad i gcomhairle go rialta le leanaí agus le daoine óga maidir lena riachtanais agus maidir lena ndearcadh ar shábháilteacht ar líne. I mí Feabhra 2026, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta i gcoinne na cibearbhulaíochta chun an chibearbhulaíocht a chosc, chun feasacht a mhúscailt agus chun é a dhéanamh níos éasca tuairisciú a dhéanamh agus chun a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh tacaíocht leordhóthanach. Tá an togra comhsheasmhach leis na gníomhaíochtaí neamhreachtacha sin, agus cuireann sé leo chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do leanaí san Eoraip agus iad ag úsáid na timpeallachta ar líne.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an Rialachán atá beartaithe, tugtar isteach creat cothrománach chun mionaoisigh a chosaint ar líne. Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear gnéithe eile de sholáthar seirbhísí idirghabhálacha sa mhargadh inmheánach, go háirithe, na rialacha maidir le seirbhísí meán closamhairc, cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí agus maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Comhlánófar an togra le gníomhaíochtaí breise a bheadh i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an mheastóireacht leanúnach agus an t-athbhreithniú atá ar na bacáin ar an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc lena bhféachfar freisin ar mhionaoisigh a chosaint mar lucht féachana agus lena n-áiritheofar go dtabharfar cosaint leordhóthanach dóibh agus iad ag féachaint ar ábhar closamhairc. Agus bagairtí agus rioscaí nua á gcur san áireamh, scrúdóidh sé an bhfuil gá le coincheap an ábhair closamhairc

dhíobhálaigh a shonrú a thuilleadh, agus cad iad na bearta is gá chun a áirithiú nach dtiocfaidh mionaoisigh ar ábhar den sórt sin.

Thairis sin, is é is aidhm don Ghníomh um Chothroime Dhigiteach atá ar na bacáin an dlí maidir le cosaint tomhaltóirí a neartú agus a dhéanamh oiriúnach dá fheidhm, sa timpeallacht dhigiteach freisin, i gcomhréir iomlán leis na hoibleagáidí sa Rialachán seo. Tá ról tábhachtach ag dlí na dtomhaltóirí chun a áirithiú nach mbeidh tomhaltóirí, leanaí ina ról tomhaltóirí san áireamh, neamhchosanta ar chleachtais éagóracha nó mhíthreoracha. Aithnítear go háirithe sa Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha gur tomhaltóirí leochaileacha iad leanaí a dteastaíonn cosaint fheabhsaithe uathu; Cuirtear toirmeasc léi freisin ar leanaí a spreagadh go díreach chun táirgí fógartha a cheannach nó a chur ina luí ar thuismitheoirí nó ar dhaoine fásta eile na táirgí sin a cheannach dóibh. Ina theannta sin, mar chuid den athbhreithniú ar an dlí um chosaint tomhaltóirí atá ann cheana, déanfar athbhreithniú ar an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí freisin chun an córas comhordaithe forfheidhmiúcháin atá ann cheana d'údaráis náisiúnta a neartú agus chun cumhachtaí díreacha imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a dhílsiú i gcásanna sonracha.

Ina theannta sin, leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (AE) 2024/1689 lena dtoirmisctear córais IS a ghineann ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, le glacadh leanúnach an Rialacháin chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, mar aon leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a glacadh le déanaí, neartaítear creat an Aontais in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, ar líne agus as líne araon. Leis na hionstraimí sin cuirfear feabhas ar chosc, ar imscrúdú agus ar thacaíocht d'íospartaigh.

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach freisin, agus tacaíonn a thuilleadh, le tionscnaimh atá ann cheana nó atá ar na bacáin chun mionaoisigh a chumhachtú agus tacú leo agus chun a bhfolláine ar líne a áirithiú, lena n-áirítear Straitéis an Aontais um chearta an linbh[8], an Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh[9], an Plean Gníomhaíochta um an Oideachas Digiteach (2021-2027)12, chomh maith le Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha atá le teacht.

Is dúshlán domhanda í sábháilteacht leanaí ar líne a éilíonn comhar idirnáisiúnta. Tá an togra comhsheasmhach le beartais sheachtracha an Aontais, lena n-áirítear an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta (2025) trína leathnaíonn agus trína ndoimhníonn an tAontas a chomhar go déthaobhach, go réigiúnach agus go hiltaobhach. Leis an togra, comhchuibhítear reachtaíocht ar fud an Aontais lena dtacófar le héifeachtacht chomhar seachtrach an Aontais agus lena thionchar ar shábháilteacht leanaí ar líne ar fud an domhain.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo, lena ndéantar foráil maidir le bearta a bhunú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Is é is aidhm don togra seo rialacha a chomhfhogasú leis an gcuspóir feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a bhunú agus, i gcomhréir le hAirteagal 114(3), ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte agus do shábháilteacht leanaí ar fud an Aontais Eorpaigh agus forbairtí teicneolaíochta nua á gcur san áireamh.

Is é príomhchuspóir an togra seo forálacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm chun mionaoisigh a chosaint ar líne. Ós rud é go bhfuil bearta nua á bplé nó á nglacadh ag na Ballstáit chun srian a chur ar rochtain ar ardáin áirithe ar líne a mheastar riosca a bheith i gceist leo do leanaí faoi aois shonraithe, tá an baol ann go mbeidh margadh an Aontais ag éirí níos ilroinnte. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, go háirithe i ndáil le soláthar seirbhísí líonralíonraithe shóisialta trasteorann ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, siopaí feidhmchlár bogearraí, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, agus cluichí ar líne. Áirithítear le cur chuige comhchuibhithe den sórt sin freisin leibhéal cosanta atá chomh hard céanna do mhionaoisigh ar fud an Aontais.

Thairis sin, sonraítear agus comhlánaítear leis an togra seo forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2022/2065 a mhéid a bhaineann le mionaoisigh a chosaint, agus comhlánaítear leis Rialachán (AE) 2024/1689 a mhéid a bhaineann le ceanglais sábháilteachta a bhaineann go sonrach le leanaí le haghaidh comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta. Ós rud é go bhfuil Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar bhunús dlí ag Rialachán (AE) 2022/2065 agus ag Rialachán (AE) 2024/1689 araon, leanann an togra seo an cur chuige céanna.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Agus é á chur san áireamh gur de chineál trasteorann iad seirbhísí digiteacha agus córais IS, cuireann na hiarrachtaí reachtacha ar an leibhéal náisiúnta thuasluaite maidir le rochtain mhoillithe ar mhionaoisigh bac ar sholáthar seirbhísí agus córas digiteach trasteorann, cruthaíonn siad éiginnteacht dhlíthiúil agus bacainní ar chur chun feidhme an Mhargaidh Aonair, ar chostais arda chomhlíontachta agus ar leibhéal éagothrom cosanta do mhionaoisigh ar fud na hEorpa.

Mar gheall ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann in éagmais gníomhaíocht láithreach, tá gá le gníomhaíocht phráinneach freisin. Tá a reachtaíocht féin á glacadh ag na Ballstáit mar atá. In 2025 agus 2026, fuarthas roinnt fógraí TRIS (an Iodáil, an Fhrainc, an Iorua, an Ghréig, an Pholainn, an Ostair, an Bheilg) maidir le srianta aoise le haghaidh cineálacha áirithe seirbhísí digiteacha. I mbeagnach gach Ballstát eile, tá comhairliúcháin ar siúl, tá dréachtaí á bplé sna parlaimintí náisiúnta nó tá siad fógartha ag rialtais. Tá difríochtaí idir dlíthe náisiúnta ó thaobh raon feidhme, teorainneacha aoise agus cineálacha srianta a fhorchuirtear. Moltar iontu sainmhínithe nó critéir éagsúla maidir leis na cineálacha seirbhísí digiteacha a bhfuil a rochtain le bheith teoranta, teorainneacha aoise éagsúla (ó 13 bliana go 16 bliana d'aois), ag brath ar thoiliú tuismitheora ar deireadh. I measc na reachtaíochta náisiúnta atá á plé tá oibleagáidí breise maidir le sábháilteacht trí dhearadh. Le hiomadú na reachtaíochta náisiúnta, le hoibleagáidí dlíthiúla éagsúla, tá an baol ann go ndéanfar an Margadh Aonair a ilroinnt go mór, deimhneacht dhlíthiúil a laghdú agus costais chomhlíontachta a mhéadú do sholáthraithe seirbhísí digiteacha agus an tráth céanna leibhéal míchothrom cosanta á chur ar fáil do mhionaoisigh ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha chun mionaoisigh a chosaint agus timpeallacht shábháilte ar líne a sholáthar dóibh ar leibhéal an Aontais, agus ar an gcaoi sin intuarthacht agus cinnteacht a sholáthar, costais chomhlíontachta a laghdú ar fud na hEorpa agus a áirithiú go bhfreastalófar ar gach mionaoiseach, is cuma cén áit a bhfuil cónaí air, le hardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála ar líne.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra creat láidir comhleanúnach a áirithiú chun mionaoisigh a chosaint ar líne. Déanann sé amhlaidh trí shrian ar rochtain ar na meáin shóisialta+ a thabhairt isteach ar fud an Aontais do dhaoine faoi bhun 13 bliana d'aois. Leis an gcur chuige sin, is féidir cuntais tuismitheora a chruthú do leanaí idir 13 agus 15 bliana d'aois. Déantar foráil ann maidir le rochtain chomhchuibhithe ar sheirbhísí líonraithe shóisialta agus ar ardáin comhroinnte físeán atá sábháilte ó 15 bliana d'aois ar aghaidh, mar aon le hoibleagáidí soiléire maidir le sábháilteacht trí dhearadh agus ceanglais agus critéir shoiléire maidir le dearbhú aoise a úsáid.

Glacann an togra an tuarascáil ó chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta um Shábháilteacht Leanaí mar thúsphointe, ina leagtar amach go soiléir na rioscaí a bhíonn ann do mhionaoisigh ar líne. I bhfianaise an mhéid sin, cuirtear creat i bhfeidhm leis lena dtéitear i ngleic leis na rioscaí atá ann do na seirbhísí a luaitear sa tuarascáil, gan tionchar díréireach a imirt ar chearta bunúsacha (féach an roinn thíos).

Le príomhghnéithe an togra, déantar an Rialachán a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Go háirithe, leagtar amach sa togra oibleagáidí maidir le cineálacha éagsúla seirbhísí agus córas digiteach, ag brath ar chineál na seirbhíse nó an chórais chun a áirithiú go bhfuil siad spriocdhírithe agus comhréireach. Leis an gcur chuige sin, tugtar aghaidh ar na fadhbanna a shainaithnítear, ach ní chuirtear ró-ualach ar sholáthraithe nach mbaineann fadhbanna den sórt sin leo. Tá na hoibleagáidí substainteacha teoranta do sheirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, do chluichí ar líne, agus do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí. De réir cur chuige comhrialála, cuireann siad le tionscnaimh chomhrialála le haghaidh na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear maidir le siopaí feidhmchlár bogearraí agus cluichí ar líne. A mhéid a bhaineann le córais IS, tá an togra teoranta do chomrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ina rioscaí tromchúiseacha do shláinte, do shábháilteacht agus d'fholláine mionaoiseach nach gcumhdaítear le ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh atá dírithe go sonrach ar aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin do mhionaoisigh faoi Rialachán (AE) 2024/1689.

An tráth céanna, níl fiontair bheaga agus micrifhiontair díolmhaithe ón Rialachán seo, ós rud é go bhféadfaidís díobháil a dhéanamh do mhionaoisigh freisin. Bhainfeadh sé an bonn de chuspóir an togra seo iad a eisiamh ón raon feidhme.

Díolmhaithe ón raon feidhme toisc nach dócha go ndéanfaidh siad díobháil do mhionaoisigh, tá ciclipéidí neamhbhrabúsacha ar líne, stórtha, seirbhísí agus córais oideachais agus eolaíocha neamhbhrabúsacha atá deartha chun críoch oideachais amháin agus a oibrítear laistigh d'fhorais nó eagraíochtaí oideachais, ardáin forbartha agus comhroinnte bogearraí foinse oscailte, ach amháin más córas IS é an t-ardán féin faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2024/1689, seirbhísí agus córais a fhorbraítear agus a oibrítear go sonrach chun críche taighde agus forbartha eolaíche agus chun na críche sin amháin, agus seirbhísí agus córais arna ndearadh, arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag údaráis phoiblí agus lena n-úsáid go heisiach ag na húdaráis phoiblí sin nó thar a gceann.

Trí chreat soiléir a bhunú, in éineacht le comhar idir na Ballstáit, chomh maith le comhrialáil, tá sé d'aidhm ag an togra seo deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus leibhéil iontaoibhe a mhéadú.

- **An rogha ionstraime**

Is féidir leis an reachtóir faoi Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh rialacháin agus treoracha a ghlacadh.

Chinn an Coimisiún togra a chur ar aghaidh le haghaidh Rialacháin chun leibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do mhionaoisigh ar fud an Aontais agus chun éagsúlachtaí a chuireann bac ar shaorsholáthar na seirbhísí agus na gcóras ábhartha laistigh den mhargadh inmheánach a chosc. Tá gá leis sin chun deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha agus do leanaí agus do thuismitheoirí araon.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leanann an togra go díreach na moltaí ó chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta um Shábháilteacht Leanaí ar Líne. Mar phróiseas neamhspleách, scrúdaigh an Painéal Speisialta um Shábháilteacht Leanaí ar líne rioscaí agus deiseanna do leanaí maidir le seirbhísí digiteacha chomh maith leis an gcreat rialála atá ann cheana agus na bearnaí atá ann. Bhailigh sé sonraí agus saineolas fairsing. Leis an bpróiseas neamhspleách sin, tugadh le chéile saineolaithe ar fud an Aontais Eorpaigh ó réimsí éagsúla, lena n-áirítear sláinte, síceolaíocht agus síciatracht leanaí, ríomheolaíochtaí, teicneolaíocht dhigiteach agus na meáin dhigiteacha, na heolaíochtaí sóisialta agus cearta leanaí. Ghlac ionadaithe ó ghrúpaí óige, ó ghrúpa tuismitheoirí agus ó eagraíochtaí um chearta leanaí páirt sa chruinniú freisin. Sholáthair páirtithe leasmhara breise ionchur le linn an phróisis amhail Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, meithleacha machnaimh speisialaithe, ionadaithe tionscail chomh maith leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

Chuathas i gcomhairle leis an óige freisin agus an togra seo á ullmhú. Phléigh Grúpa Comhairleach an Uachtaráin um an Óige sábháilteacht agus folláine leanaí ar líne ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Nollag 2026, inar tugadh le chéile tuairimí ó leanaí ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais. Tugtar le chéile sa Ghrúpa breis agus 30 ionadaí óg, ionadaí amháin ó Chomhairle Náisiúnta Óige gach Ballstáit den Aontas, agus ionadaí amháin ó Fhóram Eorpach na nÓg, mar aon le breathnóirí ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha ar aontachas leis an Aontas. I mí na Nollag 2025, phléigh an Fóram um Idirlíon Níos Sábháilte, ina raibh os cionn 200 leanbh, duine óg agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta, ón tionscal agus ó na húdaráis náisiúnta rannpháirteach, an t-ábhar 'An chúis a bhfuil tábhacht le haois: An óige a chosaint agus a chumhachtú sa ré dhigiteach'. Cuireadh ambasadóirí Óige um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí agus ionadaithe óige ó na hardáin rannpháirtíochta leanaí san áireamh go gníomhach sa Phainéal Speisialta freisin. Ar fud na ngrúpaí, leag ionadaithe don óige béim ar fhreagracht na seirbhísí digiteacha maidir le seirbhísí sábháilte atá oiriúnach ó thaobh aoise de a sholáthar. Leag siad béim ar an ngá atá le ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh, lena n-áirítear réamhshocruithe atá oiriúnach ó thaobh aoise de, córais mholtóraoltaí agus dearadh comhéadain.

Comhlánaítear an próiseas comhairliúcháin sin le rannpháirtíocht níos leithne an Choimisiúin le páirtithe leasmhara i réimse na sábháilteachta leanaí ar líne. Áirítear leis sin próisis chomhairliúcháin a rinneadh i gcomhthéacs chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha chomh maith leis an Straitéis maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí agus a líonra d'Ionaid um Idirlíon Níos Sábháilte agus d'Ambasadóirí Óige

d’Idirlíon Níos Fearr do Leanaí. I gcomhthéacs ghlacadh na dtreoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint faoi Rialachán (AE) 2022/2065, sholáthair Glao ar Fhianaise 2024, a fuair níos mó ná 170 freagra aiseolais, agus comhairliúchán poiblí 2025, ina raibh níos mó ná 300 ionchur, faisnéis mhionsonraithe ó raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear taighdeoirí, an tsochaí shibhialta, an tionscal agus údaráis phoiblí maidir le dea-chleachtais agus bearta i ndáil le hardáin ar líne chun seirbhís shábháilte ar líne a dhearadh do leanaí. Bhí dearcadh dearfach ag formhór na bhfreagróirí maidir leis na bearta a tugadh isteach leis na Treoirlínte, bearta a chódaítear den chuid is mó leis an togra seo. D’iarr siad soiléireacht sa mbreis freisin maidir le cineál dlíthiúil na dtreoirlínte, agus maidir leis na cásanna faoina bhfuil fíorú aoise agus meastachán aoise iomchuí.

Idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2026, rinne an Coimisiún suirbhé Eorabharaiméadair maidir leis an tionchar a bhíonn ag an iomarca ama ar an scáileán agus ar na meáin shóisialta ar mheabhairshláinte daoine óga agus sonraí á mbailiú acu ó níos mó ná 26,000 13-18 mbliana d’aois agus ó níos mó ná 12,000 tuismitheoir ar fud na 27 mBallstát uile. Léiríonn na torthaí go gcaitheann déagóirí cuid mhór dá saol laethúil ar an scáileán, agus go bhfuil rioscaí móra ag baint leis sin toisc gur tháinig naonúr as gach deichniúr déagóirí ar phíosa ábhair díobhálaigh nó anacra amháin ar a laghad ar líne le 3 mhí anuas, agus go bhfuil imní orthu freisin maidir le díobhálacha idirphearsanta agus le cibearbhulaíocht. Measann 54 % de thuismitheoirí agus 45 % de dhaoine idir 13-18 mbliana d’aois gur réiteach éifeachtach iad moilleanna aoise agus tá 47 % de thuismitheoirí agus 48 % de dhéagóirí ag iarraidh go gcuirfeadh seirbhísí digiteacha na rialacha atá ann cheana chun feidhme ar bhealach níos fearr.

Ina theannta sin, tá foinsí fianaise breise á bhfáil ag an gCoimisiún ar bhonn leanúnach ón mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus ó na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na hardáin bheaga ar líne agus as a áirithiú go gcuireann siad timpeallacht shábháilte ar fáil do mhionaoisigh agus a dhéanann dlúthfhaireachán ar an réimse sin ar an láthair.

Tugadh próisis chomhairleacha bhreise i gcrích freisin faoi thionscnaimh Eorpacha ghaolmhara, amhail an Gníomh um Chothroime Dhigiteach agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Osclaíodh an comhairliúchán agus an glao ar fhianaise maidir leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach ar feadh 12 sheachtain an 17 Iúil 2025, inar bailíodh aiseolas fairsing ó shaoránaigh, ó údaráis phoiblí agus ó pháirtithe leasmhara eile, a bhailigh fianaise ábhartha maidir le dearadh andúile ar tháirgí digiteacha agus ar dhearadh meabhlach nó ionramhálach ar chomhéadain, lena n-áirítear an tionchar atá ag cleachtais den sórt sin ar mhionaoisigh. Mar shampla, chuathas i gcomhairle le 5 000 leanbh ó Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí maidir le cothroime dhigiteach, faoi Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh. Thairis sin, an 10 Feabhra 2026 sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí chun measúnú a dhéanamh ar Thionchar na treorach maidir le seirbhísí meán closamhairc, lenar bailíodh aiseolas ó raon páirtithe leasmhara atá chomh leathan céanna, lena n-áirítear maidir leis na bealaí is fearr chun na cosaintí do mhionaoisigh ar líne a neartú. Chuir an dá phróiseas chomhairleacha fianaise ábhartha ar fáil chun críoch an togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Cuireann na gnéithe is tábhachtaí den togra seo le corpas saibhir fianaise ó fhoinsí an-éagsúil, lena n-áirítear Measúnuithe Tionchair a chuireann tionscnaimh reachtacha eile ar an eolas, bíodh siad glactha cheana féin nó le teacht.

Dá bhrí sin, tá bonn láidir fianaise mar bhonn taca leis an Rialachán atá beartaithe agus leis an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis maidir le tionchair an togra.

Ar an gcéad dul síos, thug an Painéal Speisialta um Shábháilteacht Leanaí ar Líne os cionn 60 saineolaí le chéile ó réimsí éagsúla lena n-áirítear sláinte, síceolaíocht agus síciatracht leanaí, eolaíocht ríomhaireachta agus shóisialta, chomh maith le hionadaithe ó ghrúpaí óige, ó ghrúpaí tuismitheoirí agus ó eagraíochtaí um chearta leanaí, agus bhuail na comhchathaoirligh freisin le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, le meithleacha machnaimh speisialaithe, leis an tionscal agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

Ar an dara dul síos, leis an anailís thiomnaithe ar thionchair a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre, cuirtear le measúnuithe tionchair atá ann cheana, lena n-áirítear le haghaidh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, an Ghnímh um Margaí Digiteacha, an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, an togra le haghaidh Rialachán chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac agus an Treoir athmhúnlaithe maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, chomh maith leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach atá ar na bacáin agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

Ar an tríú dul síos, bailítear fianaise agus sonraí trí chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, go háirithe 10 réamhthoradh maidir le mionaoisigh a chosaint, lena n-áirítear maidir le dearadh andúile, cuntais shábháilte agus dearbhú aoise, chomh maith le staidéir, tuarascálacha measúnaithe riosca agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, go háirithe le linn fhorbairt na dtreoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint lenar bhain glao ar fhianaise, comhairliúchán poiblí, rannpháirtíocht le leanaí agus le daoine óga agus cruinnithe leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha. Sa chomhthéacs sin, tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl leis na húdaráis náisiúnta laistigh de chreat maoirseachta agus forfheidhmithe an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Cuireann sé sin ionchuir luachmhara ar fáil ó imscrúduithe agus tá fiosrúcháin agus comhairliúcháin déanta ag go leor Ballstát maidir lena ndréachtdlíthe náisiúnta maidir le mionaoisigh a chosaint, amhail an tSualainn agus an Ghearmáin.

Ar an gceathrú dul síos, léiríonn rannpháirtíocht agus comhar idirnáisiúnta go bhfuil foinsí fianaise ann ó údaráis phoiblí agus ó rialtóirí. Tá an Coimisiún ag comhoibriú go dlúth le rialtóirí eile lena n-áirítear rialtóirí ón Astráil agus ón Ríocht Aontaithe a rinne measúnuithe agus staidéir tionchair, chomh maith leis an mBrasaíl agus an tSeapáin.

Ar an gcúigiú dul síos, áirítear i staidéir bhreise corpas ollmhór taighde acadúil, Eorabharaiméadar a rinneadh in 2026 maidir leis an tionchar atá ag an iomarca ama ar an scáileán agus ar na meáin shóisialta ar mheabhairshláinte daoine óga agus staidéar a sholáthair an Coimisiún maidir leis na tionchar atá ag dearbhú aoise ar chearta bunúsacha agus ar a chostais eacnamaíocha.

D’ullmhaigh an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre anailíseach a ghabhann leis, lena n-áirítear (i) sainmhíniú ar fhadhb, (ii) an míniú ar an gcur chuige a leanadh, agus (iii) measúnú ar thionchair. Cuireann an Doiciméad Inmheánach Oibre leis an tuarascáil ó chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta, chomh maith le fianaise agus sonraí a bhailítear i gcomhthéacs chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, agus measúnuithe tionchair a ullmhú, go háirithe don Ghníomh um Chothroime Dhigiteach agus don athbhreithniú ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

Leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre príomhthionchair shóisialta agus eacnamaíocha an togra. Ó thaobh tionchair shóisialta de, ba cheart go dtiocfadh feabhas ar shláinte mionaoiseach mar thionchar díreach agus indíreach araon an togra. By delaying access to certain specific services and providing safeguards for age-appropriate digital services, the online environment will become a safer place for minors, limiting the risks they encounter online and their impact on their cognitive development as well as their physical and mental health.

I dtéarmaí tionchair eacnamaíocha, meastar gur beag athrú a bheidh ar na costais imeallacha a bheidh i gceist leis an togra seo maidir le cur chun feidhme fhormhór na gceanglas i dtaobh sábháilteacht trí dhearadh toisc go mba ann dóibh cheana sna Treoirlínte maidir le Mionaoisigh a Chosaint faoi Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tá na ceanglais maidir le pleananna comhlíontachta a ullmhú agus brath ar iniúchtaí san áireamh cheana féin, den chuid is mó, sna measúnuithe riosca agus sna forálacha iniúchóireachta sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Baineann siad freisin le soláthraithe a bhfuil bonn úsáideoirí an-mhór acu (45 mhilliún úsáideoir gníomhach in aghaidh na míosa) a fhágann go mbeidh teorainn leis an tionchar ar FBManna ós rud é, i bprionsabal, nach mbaineann siad scála amach ina mbonn úsáideoirí atá coibhéiseach le scála ardán an-mhór ar líne. Beidh costais bhreise ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart dearbhaithe aoise agus na n-uirlisí rialaithe do thuismitheoirí. Ní féidir costais na gcoigeartuithe sin agus a minicíocht a chinneadh go cinntitheach, go háirithe i gcás an líon mór soláthraithe beaga agus micreasholáthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus fischluichí a d'fhéadfadh a bheith ann nach raibh faoi réir Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha roimhe sin. Mar sin féin, maolaítear na costais sin tríd an réiteach físoraithe aoise AE a fhorbairt, tríd an bhforbairt mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar an margadh le haghaidh réitigh deartha shábháilte agus toisc go bhfuil ceanglais chomhchosúla ann cheana i ndlí an Aontais agus sin ag dul i méid i ndlí tríú tíortha. Ba cheart a mheas freisin gur dócha go mbeadh go leor de na costais sin le seasamh arís agus arís eile ag go leor soláthraithe seirbhísí digiteacha faoin reachtaíocht náisiúnta, agus ar an gcaoi sin go mbainfidís tairbhe as rialacha comhchuibhithe.

- **Cearta bunúsacha**

Tá sé d'aidhm ag an togra urraim do chearta an linbh ar líne a fheabhsú, a chur chun cinn agus tacú léi, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Is é is cuspóir don mhoill ar rochtain cearta cuimsitheacha an linbh ar líne a áirithiú, lena n-áirítear a gcearta chun cosanta is gá ar mhaithe lena ndea-bhail, lena sláinte agus lena slándáil, lena bpríobháideachas, lena rannpháirtíocht, lena dtuairimí a chur in iúl gan bhac, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht, agus a leasanna á gcur san áireamh mar phríomhthosaíocht, lena n-áirithítear a gceart chun forbartha agus féinchinntitheiúcháin atá saor ó na rioscaí agus ón díobháil a bhaineann le seirbhísí agus córais áirithe ar líne. Cé go bhfuil rioscaí móra ag baint leis na seirbhísí faoi raon feidhme an Rialacháin seo do shláinte agus do shlándáil leanaí, cuireann siad ar chumas leanaí freisin a dtuairimí a chur in iúl gan bhac agus smaointe a fháil agus a roinnt, mar a chosnaítear le hAirteagal 24(1) agus le hAirteagal 11(1) den Chairt. Dá bhrí sin, tá an mhoill ar rochtain teoranta go docht do chruthú cuntas ar shraith an-shainithe de sheirbhísí agus de chórais dhigiteacha a úsáideann gnéithe dearthóireachta áirithe agus a chuireann feidhmiúlachtaí áirithe ar fáil do mhionaoisigh a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad díobhálach do shláinte agus do shábháilteacht mionaoiseach. Áirithítear leis an mbeart sin go leanfaidh an teorannú sin ar cheart an linbh chun tuairimí a nochtadh de bheith comhréireach agus riachtanach chun cuspóir an leasa ghinearálta a chomhlíonadh mar a cheanglaítear leis an gCairt. Níor cheart teorainn a chur le

rochtain ar sheirbhísí atá sábháilte, , oiriúnach ó thaobh aoise de, agus atá deartha do leanaí agus lenar féidir rialú agus maoirseacht iomchuí tuismitheora a dhéanamh. Ina theannta sin, cuirtear eisceachtaí ar fáil ón moill chun rochtain ar fhaisnéis, ar ábhair oideachais agus ar sheirbhísí poiblí a áirithiú.

I gcomhréir le Barúil Ghinearálta 25 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, bunaítear ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh chun a áirithiú go n-urramófar cearta an linbh ar líne. Cuirfidh socruithe sábháilte príobháideachas breise ar fáil do leanaí, agus laghdóidh teagmhálacha teoranta le strainséirí rioscaí na cibearbhulaíochta agus na mealltóireachta.

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí freisin i dtógáil agus i bhforbairt a leanaí, mar a aithnítear in Airteagal 24(3) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déantar an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ar an áit chónaithe agus ar an gcumarsáid a choimirciú le hAirteagal 7 den Chairt. Áirithítear le hAirteagal 14(3) den Chairt go n-urramófar an tsaoirse chun forais oideachais a chur ar bun agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabail dhaonlathacha agus do cheart tuismitheoirí oideachas agus teagasc a leanaí a áirithiú i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fhealsúnacha agus oideolaíocha, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú na saoirse agus na gceart sin, agus urraim do chearta bunúsacha eile a chumhdaítear sa Chairt á háirithiú an tráth céanna, lena n-áirítear Airteagal 21 maidir le neamh-idirdhealú agus Airteagal 24 maidir le cearta leanaí, agus tús áite á thabhairt dá leasanna.

Mar aitheantas ar an ról tábhachtach sin atá ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí, sainordaítear leis an togra uirlisí do chaomhnóirí agus tugtar an deis do thuismitheoirí cuntais a chur ar bun i dtimpeallacht shábháilte do mhionaoisigh idir 13-15 bliana d'aois. Ní mór na huirlisí sin a sholáthar i gcomhréir le hacmhainneachtaí athraitheacha leanaí, agus i gcomhréir lena gcearta chun príobháideachais.

Ar an gcuma chéanna, áirithítear leis an Rialachán seo go n-urramófar cearta an linbh trína neamhspleáchas a neartú. Leis an Rialachán, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha agus córas digiteach atá ag teacht faoin raon feidhme córais tuairiscithe a bhfuil sé éasca rochtain a fháil orthu agus atá oiriúnach do leanaí a sholáthar. Ní mór dóibh a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar thuairiscí ó mhionaoisigh agus ó chaomhnóirí mar thosaíocht. Ceadaítear leis an Rialachán freisin breis rialaithe a dhéanamh ar shocruithe do mhionaoisigh. Ina theannta sin, cuidíonn an togra le leanaí ina n-oideachas digiteach, ina litearthacht agus ina dtacaíocht ó thuismitheoirí, ó chúramóirí, ó mhúinteoirí agus ó oideoirí trí fhoráil a dhéanamh go bhforbróidh na Ballstáit straitéisí náisiúnta chun tacú leis na cuspóirí maidir le leanaí a chosaint ar líne.

D'fhéadfadh impleachtaí tábhachtacha a bheith ag córais dearbhaithe aoise agus ag an gceanglas aois úsáideoirí a fhíorú maidir leis an gceart chun príobháideachais, chomh maith leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, le rannpháirtíocht agus neamh-idirdhealú na n-úsáideoirí. Bunaítear leis an togra ceanglais shoiléire maidir le córais dearbhaithe aoise a chur chun úsáide agus a úsáid chomh maith le coimircí agus bearta idirthréimhseacha chun an tionchar ar na cearta bunúsacha sin a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun sláinte agus sábháilteacht mionaoiseach ar líne a chosaint. Cuimsítear leis na critéir sin ardleibhéal cruinnis, iontaofachta, stóinseachta, slándála, neamh-idirdhealaithe agus neamhchunórachta. Agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint agus comhréireacht á háirithiú, ní dhéantar fíorú aoise a shainordú ach amháin chun an mhoill ar rochtain a chur chun feidhme agus ní dhéantar é a theorannú do chuntais nua ná do chuntais atá ann cheana ach amháin nuair nach féidir leis an soláthraí a rá le hardleibhéal muiníne go bhfuil sealbhóir an chuntais os cionn na tairsí aoise. Trí na critéir sin a chumhdach sa dlí, déantar foráil sa togra i ndáil le caighdeáin

dhlíthiúla shoiléire maidir le cur chun úsáide agus úsáid córas dearbhaithe aoise lena n-áirithítear ardchaighdeán cosanta sonraí dá n-úsáid. Cuirfidh sé sin chun cinn cur chun úsáide margaidh nuálaigh de réitigh dearbhaithe aoise laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach agus cearta bunúsacha á n-urramú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain foirne ag an gCoimisiún chun na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a dhéanamh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin toisc go mbeidh ar an gCoimisiún, agus a chúraimí á bhfeidhmiú aige, maoirseacht a dhéanamh ar chuid de na cuideachtaí is láidre ó thaobh airgeadais de agus is sofaisticiúla ar domhan ó thaobh na teicneolaíochta de. Chun maoirseacht a dhéanamh ar na cuideachtaí sin, beidh gá le baill foirne a bhfuil próifílí ardoilte speisialaithe acu. Beidh riosca ard polaitiúil i gceist don Choimisiún má bhíonn an forfheidhmiú gann ar acmhainní. Tá an t-éileamh ag méadú go ndéanfaí gníomhaíocht thapa chun leanaí na hEorpa a chosaint ar líne agus tá foireann leordhóthanach ag teastáil chun a áirithiú go ndéanfar an chéad ghlúin eile a chosaint go héifeachtach – chun an forfheidhmiú mear a cheanglófar leis an Rialachán seo a bhaint amach freisin.

Chun é sin a dhéanamh, beidh an Coimisiún ag brath ar an táille mhaoirseachta mar a bhunaítear in Airteagal 43 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Ós rud é gur sonraíocht de chuid an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha é an togra seo, ba cheart a acmhainní a bheith bunaithe go cothrom ar an táille mhaoirseachta chéanna. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na himpleachtaí buiséadacha leagtha amach sa Ráiteas Airgeadais agus Digiteach Reachtach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar dianmheastóireacht ar an togra, go háirithe i dtéarmaí éifeachtacht na moille ar rochtain, raon feidhme pearsanta na moille ar rochtain agus a chomhréireacht agus na ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht sin an taithí a fuarthas agus an togra á chur chun feidhme mar aon le forbairtí teicneolaíochta, margaidh agus dlíthiúla.

Comhlánóidh sé sin an faireachán leanúnach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar forálacha ginearálta amach i g**Caibidil I**, lena n-áirítear ábhar agus raon feidhme an Rialacháin (Airteagail 1 agus 2) agus na sainmhínithe ar phríomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán (Airteagal 3). Leagtar amach sa roinn sin freisin rialacha frith-imchéimniúcháin do sholáthraithe faoi raon feidhme an Rialacháin seo (Airteagal 4) agus oibleagáidí ar sholáthraithe sainaitheanta fógra a thabhairt faoi phlean comhlíontachta agus tabhairt faoi iniúchadh neamhspleách air (Airteagal 5).

I **gCaibidil II** tá forálacha maidir le rochtain mhoillithe mionaoiseach ar na meáin shóisialta, lena leagtar síos nach gceadóidh soláthraithe seirbhísí a bhfuil gnéithe sonracha ag baint leo agus arb éard atá i gceist leo seirbhísí líonra líonraithe shóisialta nó seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, nó iad araon, do mhionaoisigh faoi bhun 15 bliana d'aois cuntas uathrialach a chruthú. Thairis sin, féadfaidh soláthraithe na seirbhísí sin cead a thabhairt do chaomhnóirí cuntais a chur ar bun do mhionaoisigh os cionn 13 bliana d'aois a bhfuil gnéithe

teoranta ag baint leo atá oiriúnach ó thaobh aoise de chun rochtain a fháil ar an tseirbhís (Airteagal 6). I gcás inar féidir le soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a léiriú gur seirbhís iad atá oiriúnach ó thaobh aoise de iad, féadfaidh siad cead a thabhairt do chaomhnóirí rochtain eisceachtúil a chumasú do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois freisin trí bhíthin cuntais arna gcruthú agus arna maoirsiú ag na caomhnóirí féin (Airteagal 7).

Leagtar amach i **gCaibidil III** forálacha maidir le sábháilteacht trí dhearadh is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta agus soláthraithe cluichí ar líne.

Leagtar síos i **Roinn 1** na forálacha ginearálta is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, cluichí ar líne, agus siopaí feidhmchlár bogearraí. Sonraítear sa roinn sin go bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil sin freisin maidir le faighteoirí nó úsáideoirí neamhchláraithe na seirbhíse nó an chórais, agus nach féidir maolú ar na ceanglais sin ach amháin nuair a shuitear gur duine fásta é faighteoir na seirbhíse nó úsáideoir an chórais, agus úsáid á baint as dearbhú aoise i gcomhréir le Caibidil V (Airteagal 8).

Leagtar síos i **Roinn 2** na forálacha is infheidhme maidir le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Go háirithe, tá toirmeasc ar na seirbhísí sin seirbhísí a dhearadh, a eagrú nó a oibriú ar bhealach lena bhfuil sé beartaithe, nó a bhféadfaí a thuar go réasúnta, úsáid éigníoch nó iomarcach na seirbhíse ag mionaoisigh a spreagadh agus ba cheart uirlisí éifeachtacha bainistithe ama a chur i bhfeidhm lena gcosnaítear croí-uaireanta codlata agus am scoile mionaoiseach (Airteagal 9). Tá sé d'oibleagáid ar na soláthraithe sin a úsáideann córais moltaí an fhaisnéis a mholtar agus barrfheabhsú a gcóras moltaí do mhionaoisigh a dhearadh ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach (Airteagal 10). Thairis sin, cuirfidh na soláthraithe sin bearta iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm chun a áirithiú go socrófar socruithe mar réamhshocrú ag ardleibhéal príobháideachais, slándála agus sábháilteachta mionaoiseach agus nach féidir iad a athrú mura rud é gur thoiligh mionaoisigh go sainráite leis na hathruithe sin. Áiritheoidh na soláthraithe sin nach mbeidh gnéithe nó socruithe a bhfuil aon éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha acu ar phríobháideachas, ar shábháilteacht ná ar shlándáil mionaoiseach ar fáil do mhionaoisigh (Airteagal 11). Tá sé d'oibleagáid ar na seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus ar na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán sin freisin bearta a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a mhéid a bhaineann le teagmhálacha idir mionaoisigh agus faighteoirí eile na seirbhíse (Airteagal 12). Ar deireadh, áiritheoidh na soláthraithe céanna, sula ndéanfar idirbheart eacnamaíoch, go mbeidh sé trédhearcach don mhionaoiseach gur idirbheart eacnamaíoch é, agus nach mbainfear leas as a litearthacht tráchtála atá fós ag forbairt trí roghanna deartha, eagrúcháin nó oibríochta a bhféadfadh caiteachas iomarcach, spreagthach tobann nó neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear gan mionaoisigh a nochtadh do chórais luaíochta athraitheacha (Airteagal 13).

Leagtar síos i **Roinn 3** na forálacha is infheidhme maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta. Go háirithe, leis an roinn seo cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe forálacha maidir le sábháilteacht trí dhearadh a chur chun feidhme a bhaineann le dearadh andúile, socruithe sábháilte agus trédhearcacht idirbheart tráchtála a leagtar amach le hAirteagail 9, 11 agus 13 de Roinn 2, chomh maith le rialacha sonracha atá saincheaptha do na córais sin (Airteagal 14). Leis na rialacha sin, ceanglaítear ar sholáthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta cosaintí láidre maidir le sábháilteacht leanaí a chur i bhfeidhm, lena n-

áirítear na córais a dhearadh ionas nach mbeidh mionaoisigh neamhchosanta ar ghnéithe ar dócha go gcruthóidh siad spleáchais mhothúchánacha, go gcuirfidh siad cosc ar idirghníomhaíochtaí díobhálacha, agus go ndéanfaidh siad tástáil agus faireachán iarmhargaidh chun díobháil do shábháilteacht, do shláinte, do chearta bunúsacha agus d'fholláine agus d'fhorbairt mionaoiseach a shainaithint agus a mhaolú. I gcás ina gcuirtear na córais sin chun úsáide mar fheidhmiúlacht de chuid seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, de chuid seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, de chuid cluiche ar líne, ba cheart do sholáthraithe na seirbhísí sin a áirithiú nach ngníomhachtaítear comrádaithe IS ná botaí comhrá ginearálta go huathoibríoch, go mbeidh an deis ag mionaoisigh diúltú dá n-úsáid, i gcás ina gcumasaítear iad, agus nach spreagtar iad chun iad a úsáid.

Leagtar síos i **Roinn 4** na forálacha is infheidhme maidir le cluichí ar líne. Go háirithe, leis an roinn seo cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe forálacha maidir le sábháilteacht trí dhearadh a chur chun feidhme a bhaineann le dearadh andúile agus socruithe sábháilte a leagtar amach in Airteagail 9, 11 agus 12 de Roinn 2, chomh maith le rialacha sonracha atá saincheaptha do chluichí ar líne (Airteagal 15). Áirítear ar na rialacha sin go gcuirfidh cluichí ar líne coimircí chun feidhme chun cosc a chur ar úsáid na gcluichí ar líne chun na mionaoisigh a mhealladh chun teagmhálacha a thionscnamh maidir le seirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dá bpríobháideachas, dá sábháilteacht agus dá slándáil. I gcás ina gceadaíonn soláthraithe ardán físchluichíochta d'fhaighteoirí físchluichí a chruthú, cuirfidh an soláthraí na bogearraí agus an eagraíocht is gá i bhfeidhm chun gur leis na físchluichí sin na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 15(1) agus (2) agus in Airteagail 18 agus 20 a chomhlíonadh.

Leagtar síos i **Roinn 5** forálacha maidir le rochtain atá oiriúnach ó thaobh aoise, ar forálacha iadaoisoiriúnach is infheidhme maidir le soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí. Leis an roinn seo, cuirtear d'oibleagáid ar na soláthraithe sin córas rátála aoise a chur i bhfeidhm chun aoisoiriúnacht ó thaobh aoise de na bhfeidhmchlár bogearraí a shuí agus chun measúnú a dhéanamh ar aois fhaighteoir na seirbhíse trí dhearbhú aoise. I gcás nach meastar feidhmchlár bogearraí a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de, ní cheadóidh soláthraí an tsiopa feidhmchlár bogearraí do mhionaoisigh rochtain a fháil ar fheidhmchláir bogearraí den sórt sin atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de (Airteagal 16). Ar deireadh, moltar sa roinn seo cóid iompair a tharraingt suas chun rannchuidiú le bunú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gcóras rátála aoise (Airteagal 17).

Leagtar amach i **Roinn 6** oibleagáidí ginearálta breise maidir leis an smacht atá ag mionaoisigh agus uirlisí cumhachtaithe do mhionaoisigh agus do chaomhnóirí is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta agus ardáin físchluichíochta agus cluichí. Sonraítear sa roinn sin go bhfuil sé d'oibleagáid ar na soláthraithe sin a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag gach mionaoiseach ar ghnéithe, ar chumarsáid, ar fhaisnéis, ar uirlisí rialaithe úsáideoirí agus ar shásraí na seirbhíse, ar rabhaidh, agus ar aon fhaisnéis eile dá dtagraítear i gCaibidil III agus go gcuirfear i láthair iad ar bhealach is féidir le mionaoisigh a thuiscint. Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe ardán an -mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 an fhaisnéis sin a chur i láthair i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina soláthraítear an tseirbhís. na theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta, ar sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar sholáthraithe comrádaithe IS, ar sholáthraithe botaí comhrá ginearálta**,** agus ar sholáthraithe ardán físchluichíochta uirlisí a sholáthar lena gcuirtear ar a gcumas do mhionaoisigh ábhar agus a socruithe a rialú agus aiseolas a sholáthar rud ar cheart éifeacht mharthanach a bheith aige ar an ábhar a mholtar (Airteagal 18). Sonraítear sa roinn seo freisin go bhfuil sé d'oibleagáid ar na soláthraithe sin sásraí tuairiscithe agus uirlisí

tacaíochta atá oiriúnach do leanaí a chur i bhfeidhm do mhionaoisigh (Airteagal 19) chomh maith le huirlisí éifeachtacha atá éasca le húsáid do chaomhnóirí. Thairis sin, leis an roinn seo, cuirtear d'oibleagáid ar na soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta sin, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta**,** agus cluichí ar líne leathadh amach na n-uirlisí sin a spreagadh agus ceanglaítear ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 a áirithiú go bhfuil na huirlisí sin do chaomhnóirí idir-inoibritheach le huirlisí do chaomhnóirí arna soláthar ag tríú páirtithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/1925 (Airteagal 20). Ar deireadh, leagtar amach sa roinn seo go bhfuil sé de cheart ag mionaoisigh agus ag caomhnóirí gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil in aghaidh soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta**,** agus cluichí ar líne lena líomhnaítear sárú ar an Rialachán seo, tá sé de cheart ag mionaoisigh agus ag caomhnóirí sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas na cearta a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú thar ceann an mhionaoisigh nó a chaomhnóra (Airteagal 21).

Tá forálacha eile i **Roinn 7** maidir le dícheall cuí i gcomhair timpeallacht shábháilte ar líne. Leagtar amach inti na hoibleagáidí faireacháin atá ar ardáin an-mhór ar líne (Airteagal 22), forálacha maidir le cóid iompair a tharraingt suas (Airteagal 23), agus an oibleagáid ionadaithe dlíthiúla a bheith i bhfeidhm ag seirbhísí (Airteagal 24). Ar deireadh, leagtar amach ann go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na bearta a liostaítear sa Chaibidil seo a fhorlíonadh chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach ar a seirbhís a áirithiú (Airteagal 25).

I g**Caibidil IV** tá an oibleagáid freagracht tuismitheoirí a fhíorú (Airteagal 26).

Tá forálacha i g**Caibidil V** maidir le dearbhú aoise.

Leagtar amach i **Roinn 1** na prionsabail ghinearálta maidir le dearbhú aoise. Sonraítear sa roinn seo, i gcás nach mór do sholáthraithe atá faoi raon feidhme Chaibidlí II agus III réitigh dearbhaithe aoise a chur chun feidhme, go soláthróidh siad ardleibhéal cruinnis, iontaofachta, stóinseachta, neamhionsáiteneamhchunórachta, príobháideachais agus neamh-idirdhealaithe, agus nach leor féin-dearbhú chun an Rialachán seo a chomhlíonadh (Airteagal 27), go leagtar amach ann freisin na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí i ndearbhú aoise (Airteagal 28).

Comhlánaítear é sin le **Roinn 2** le hoibleagáidí sonracha maidir le dearbhú aoise, ina leagtar amach gur cheart do sholáthraithe fíorú aoise a chur i bhfeidhm chun Airteagail 5 agus 6 a chomhlíonadh, agus chun Caibidil III a chomhlíonadh féadfaidh siad fíorú aoise agus réitigh eile dearbhaithe aoise araon a úsáid faoi choinníollacha sonracha (Airteagal 29), arna gcomhlánú le cumhachtú don Choimisiún mionsonraí a leagtar amach sa Chaibidil dearbhaithe aoise (Airteagal 30) a shonrú. Thairis sin, ceanglaítear leis an roinn sin ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh modhanna éagsúla ar fáil chun dearbhú um chruthúnas aoise a fháil ar fhianú aoise chun an aois íosta a fhíorú agus chun réiteach físaithe aoise amháin ar a laghad a chur ar fáil (Airteagal 31). Ar deireadh, tá bearta sa roinn sin maidir le fíorú aoise i gcás cuntais atá ann cheana (Airteagal 32).

Tá foráil i g**Caibidil VI** maidir le bearta do na Ballstáit chun mionaoisigh a ullmhú agus chun tacú leo de réir mar a thagann an Rialachán seo chun fíre. (Airteagal 33).

I g**Caibidil VII** tá na forálacha a bhaineann le hinniúlachtaí, maoirseacht agus forfheidhmiú na bhforálacha sa togra seo a bhraitheann ar na struchtúir agus na creataí forfheidhmiúcháin atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2022/2065 agus Rialachán (AE) 2024/1689 chun dúbláil a sheachaint agus comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha atá ann cheana maidir le seirbhísí idirghabhálacha agus córais IS (Airteagal 34). I gcás ina dtionscnaíonn an Coimisiún imeachtaí le haghaidh seirbhísí agus córas laistigh dá inniúlacht eisiach, féachfaidh an Coimisiún le cinneadh críochnaitheach a ghlacadh laistigh de 90 lá agus na réamhchinntí a chur in iúl don soláthraí lena mbaineann laistigh de 30 lá ó thionscnamh na n-imeachtaí (Airteagal 35). Ar deireadh, tá foráil ann maidir le maoiniú gníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo (Airteagal 36) agus forálacha maidir le saineolas agus sásraí freagartha teagmhas a fhorbairt (Airteagail 37 agus 38).

I g**Caibidil VIII** tá na forálacha maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe (Airteagail 39 agus 40) agus i g**Caibidil IX** tá na forálacha críochnaitheacha lena n-áirítear maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán, maidir leis an Rialachán seo a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha (Airteagal 41), agus maidir leis an teacht i bhfeidhm agus an cur i bhfeidhm (Airteagail 42 agus 43).

2026/0286 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

Gníomh AE um Leas an Linbh ar Líne – caomhnú na cuntasachta agus na hiontaofachta i dtaca le spásanna digiteacha ar an idirlíon (EU KIDS ACT)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, cluichí ar líne, agus siopaí feidhmchlár bogearraí atá anois ina gcuid thábhachtach de shaol laethúil mionaoiseach. Cuireann seirbhísí na sochaí faisnéise agus córais IS den sórt sin deiseanna ar fáil do mhionaoisigh i réimsí na forbartha céannachta, na foghlama, an oideachais, na rannpháirtíochta sibhialta, na forbartha caidrimh, na cumarsáide, an naisc agus na cruthaitheachta. An tráth céanna, d'fhéadfadh roinnt de na seirbhísí agus de na córais sin, lena n-áirítear mar gheall ar a ndearadh, rioscaí a chruthú do phríobháideachas, do shábháilteacht agus do shlándáil mionaoiseach. Áirítear ar na rioscaí sin, mar shampla, nochtadh d'ábhar neamhdhleathach nó ábhar agus rioscaí a eascraíonn as cibearbhulaíocht nó as teagmháil ó dhaoine aonair atá ag iarraidh díobháil a dhéanamh do mhionaoisigh. D'fhéadfadh rioscaí a bheith ann do mhionaoisigh freisin mar thomhaltóirí leochaileacha trí chleachtais tráchtála a d'fhéadfadh a bheith ionramhálach agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le caiteachas nach bhfuil ag teastáil, iompar éigníoch agus andúileach. D'fhéadfadh na rioscaí sin eascairt as taithí dhíreach an mhionaoisigh ar na seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne, ar na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar chomrádaithe IS, ar bhotaí comhrá ginearálta, ar chluichí ar líne, agus ar shiopaí feidhmchlár bogearraí nó as gníomhaíochtaí úsáideoirí eile ar an ardán nó ar na córais.

(2) Bunaíodh Painéal speisialta saineolaithe maidir le sábháilteacht leanaí ar líne ('Painéal Speisialta') chun comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cur chuige na hEorpa i ndáil le sábháilteacht leanaí ar líne. Cuireadh tuarascáil Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta i láthair i mí Iúil 2026 agus tá sí bunaithe ar shé

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

threoirphrionsabal: cur chuige forbartha, comhionannas agus éagsúlacht, cosaint mionaoiseach, cuntasacht seirbhísí digiteacha agus cearta tomhaltóirí, cumhachtú agus oideachas sna meáin agus cearta agus rannpháirtíocht leanaí. Go háirithe, moltar sa tuarascáil srianta rochtana uile-Aontais ar na meáin shóisialta, rialacha comhchuibhithe maidir le sábháilteacht trí dhearadh le haghaidh na meán sóisialta, seirbhísí digiteacha eile, cluichí ar líne agus córais IS áirithe a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu chomh maith le córais dearbhaithe aoise atá comhréireach agus lena gcaomhnaítear príobháideachas. Tá sé i gceist an timpeallacht dhigiteach ina hiomláine a chumhdach chun cosaint éifeachtach chuimsitheach mionaoiseach ar líne a áirithiú (na meáin shóisialta+).

(3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun aois íosta a bhunú do mhionaoisigh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí áirithe ar líne. Tá tionchar diúltach ag na dlíthe náisiúnta difriúla sin ar an margadh inmheánach, atá comhdhéanta, de bhun Airteagal 26 de CFAE, de limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bhunaíochta, ag tabhairt san áireamh cineál trasteorann an idirlín agus seirbhísí agus córais ar líne. Leis na coinníollacha ar sholáthraithe chun srian a chur ar rochtain mionaoiseach ar sheirbhísí agus ar chórais áirithe, chomh maith le hoibleagáidí maidir le dearadh a seirbhísí agus a gcóras, tá gá le comhchuibhiú chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú do sholáthraithe a thairgeann seirbhísí agus córais a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu ar fud an Aontais, agus chun leibhéal comhchuibhithe cosanta a áirithiú do mhionaoisigh gan beann ar a suíomh san Aontas.

(4) Le Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] , bunaítear creat cothrománach d'oibleagáidí díchill chuí do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, lena n-áirítear oibleagáidí sonracha a bhaineann le mionaoisigh a chosaint ar líne. Le hAirteagal 28 de Rialachán sin, déantar foráil d'oibleagáidí a chur ar sholáthraithe ardán ar líne a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu bearta iomchuí agus comhréireacha a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, ar a seirbhís. Sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh ar líne[4], leagtar amach liosta neamh-uileghabhálach de bhearta ba cheart do sholáthraithe ardán ar líne a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu a chur i bhfeidhm chun a n-oibleagáid faoi Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonadh.

(5) Sonraítear agus comhlánaítear leis an Rialachán seo forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2022/2065 a mhéid a bhaineann le mionaoisigh a chosaint, go háirithe chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, agus na Treoirlínte agus an tuarascáil arna tarraingt suas ag comhchathaoirligh an Phainéil Speisialta á gcur san áireamh. Chuige sin, leagtar amach sa Rialachán seo rialacha maidir le haois íosta chomhchuibhithe chun cuntas a chruthú le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus rialacha

[3] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála ar líne a áirithiú do mhionaoisigh ar líne, de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 (IO C, C/2025/5519, 10.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5519/oj).

maidir le ceanglais deartha chomhchuibhithe le haghaidh seirbhísí den sórt sin, agus maidir le dearbhú aoise.

(6) Chun na críche sin, sonraítear Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2022/2065 sna forálacha lena leagtar síos aois íosta chomhchuibhithe chun cuntas a chruthú le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ceanglais sábháilteachta chomhchuibhithe maidir le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, seirbhísí ardáin físchluichíochta agus siopaí feidhmchlár bogearraí, agus rialacha comhchuibhithe maidir le dearbhú aoise ar líne agus freagracht tuismitheoirí, a mhéid a chuirtear i ngníomh leo an oibleagáid ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a chur i bhfeidhm.

(7) Níor cheart a fhorléiriú le ní ar bith den Rialachán seo mar oibleagáid ghinearálta faireacháin nó oibleagáid ghinearálta ghníomhach aimsithe fíoras a fhorchur, nó mar oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha bearta réamhghníomhacha a dhéanamh i ndáil le hábhar neamhdhleathach.

(8) Comhlánaíonn an Rialachán seo freisin Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], lena leagtar amach creat cuimsitheach rioscabhunaithe chun intleacht shaorga a rialáil san Aontas. Le Rialachán (AE) 2024/1689 cuirtear toirmeasc ar chleachtais intleachta saorga áirithe, lena n-áirítear dúshaothrú díobhálach ar leochaileachtaí mionaoiseach agus ionramháil mionaoiseach. Thairis sin, leagtar síos leis ceanglais maidir le córais IS ardriosca, ceanglais trédhearcachta maidir le córais IS idirghníomhacha agus ghiniúnacha agus oibleagáidí ar sholáthraithe na samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha is cumasaí chun rioscaí sistéamacha a mheasúnú agus a mhaolú, lena n-áirítear rioscaí do shábháilteacht agus d'fholláine mionaoiseach. Gan dochar do na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1689, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ar leith a bhaineann le comrádaithe IS agus le botaí comhrá ginearálta do mhionaoisigh agus bearta comhchuibhithe a shonrú ar cheart do sholáthraithe na gcóras IS sin iad a ghlacadh chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte agus do shábháilteacht mionaoiseach agus chun tacú lena bhfolláine agus lena bhforbairt fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach.

(9) Ba cheart breathnú ar an Rialachán seo mar chuid d'iarrachtaí foriomlána an Aontais úsáideoirí, lena n-áirítear leanaí agus grúpaí leochaileacha eile, a chosaint ar ábhar neamhdhleathach ar líne. Áirítear leis sin Treoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, lena ndéantar comhroinnt neamhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta nó ábhar ionramháilte, fuathchaint inscnebhunaithe, cibearchiapadh cibirchiapadh agus cibearstalcaireacht a choiriúlú, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad dírithe ar mhionaoisigh.

(10) Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2010/13/AE lena rialaítear gnéithe eile de sholáthar na seirbhísí sin a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe rialacha maidir le mionaoisigh a chosaint mar lucht féachana ar an ábhar closamhairc. I gcás ina rialaítear le hionstraimí eile de dhlí an

[5] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

Aontais gnéithe comhchosúla, ach nach bhfuil níos sonraí, maidir le soláthar seirbhísí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart forlámhas a bheith ag an Rialachán seo.

(11) Ag cur leis na sainmhínithe a chumhdaíonn an timpeallacht dhigiteach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí áirithe sa sochaí faisnéise mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad, is é sin, aon seirbhís a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, ó chian, trí mheán leictreonach agus tar éis iarraidh aonair a fháil ó fhaighteoir. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le córais IS áirithe de réir bhrí Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2024/1689 atá inrochtana do mhionaoisigh agus a cháilíonn mar chomrádaithe IS nó mar bhotaí comhrá ginearálta. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe córas oibriúcháin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/1925, chomh maith le soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí mar a shainmhínítear i Rialachán 2022/1925, ar cineál seirbhíse idirghabhála ar líne iad atá dírithe ar fheidhmchláir bogearraí mar an táirge nó an tseirbhís idirghafa. Chun amhras a sheachaint, tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis na seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne sin, leis na hardáin comhroinnte físeán sin, agus leis na siopaí feidhmchlár bogearraí sin a ainmnítear mar ardáin an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065.

(12) Tá físchluichí anois ina gcuid thábhachtach den timpeallacht dhigiteach ina nglacann mionaoisigh páirt agus ina n-idirghníomhaíonn siad le daoine eile, ar bhealach spraíúil, atá dírithe ar spriocanna nó atá siamsúil. Ar ardáin físchluichíochta áirithe, is féidir ábhar a ghineann úsáideoirí a scaipeadh agus a mhalartú ar líon neamhchinntithe d'fhaighteoirí na seirbhíse agus teagmháil a éascú idir na faighteoirí sin. Tagann cluichí ar líne den sórt sin faoin sainmhíniú ar ardáin ar líne dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2022/2065 agus ba cheart iad a chumhdach faoi raon feidhme an Rialacháin seo. An tráth céanna, ba cheart roinnt cluichí ar líne nach gceadaíonn faisnéis a scaipeadh ar líon neamhchinntithe faighteoirí teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo freisin. Is amhlaidh atá i gcás aon chluiche is féidir a imirt ar ríomhaire, ar ghléas móibíleach, nó ar chonsól cluichí, gan beann ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na bogearraí foluiteacha cluiche go háitiúil, go cianda, mar shampla trí mheán marthanach, agus gan beann ar cé acu a sholáthraítear an tseirbhís saor in aisce, ar íocaíocht, nó ar luach saothair hibrideach lena mbaineann ceannacháin inseirbhíse (nó feidhmchláir). Chun críocha an Rialacháin seo, ní mheastar gur cluichí ar líne iad cluichí ar líne atá inrochtana nó incheannaithe go heisiach trí na meáin fhisiceacha, gan aon chomhpháirt ar líne lena gcumasaítear iad a rochtain, a dháileadh nó a cheannach. Chun amhras a sheachaint, i gcás ina bhfuil gnéithe áirithe ag cluiche ar líne freisin a chomhfhreagraíonn d'ardán comhroinnte físeán, measfar gur cluiche ar líne é chun críoch an Rialacháin seo.

(13) Chun comhréireacht an Rialacháin a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí nó córais a bhfuil, de bhua iad a bheith de chineál neamhthráchtála, oideachasúil, eolaíoch nó chun leasa an phobail, riosca an-íseal ag baint leo go hábhartha do mhionaoisigh. Ba cheart ciclipéidí seachbhrabúsacha ar líne, stórtha oideachais agus eolaíocha seachbhrabúsacha, seirbhísí agus córais atá deartha go príomha chun críoch oideachais agus atá á n-oibriú ag forais nó eagraíocht oideachais, nó dóibhsean, a chumhdach leis an eisiamh sin; ardáin, seirbhísí agus córais forbartha agus comhroinnte bogearraí foinse oscailte arna bhforbairt agus arna

n-oibriú go sonrach chun críche taighde eolaíche agus forbartha, agus chun na críche sin amháin, agus seirbhísí agus córais arna ndearadh, arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag údaráis phoiblí agus lena n-úsáid go heisiach ag na húdaráis phoiblí sin nó thar a gceann.

(14) I gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir na hoibleagáide ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú de bhun Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 freisin, sonraítear na hoibleagáidí sin le haghaidh na n-ábhar a chumhdaítear sa Rialachán seo. Níor cheart comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorléiriú, áfach, ann féin mar chruthúnas go gcomhlíonann na soláthraithe sin Airteagal 28(1) de Rialachán 2022/2065 agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bheith gan dochar do bhearta maolaithe breise a bhféadfaí a cheangal ar na soláthraithe sin iad a chur i bhfeidhm le haghaidh ábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, mar shampla na cinn sin a bhaineann leis an tslándáil a áirithiú. Ar an gcuma chéanna, ba cheart Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 leanúint de bheith infheidhme maidir le hardáin ar líne lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

(15) Chun críocha an Rialacháin seo, is iomchuí sainmhíniú coiteann a bhunú ar mhionaoiseach nó ar leanbh. Ba cheart ‘mionaoiseach’ nó ‘leanbh’ a thuiscint mar aon duine nádúrtha faoi bhun 18 mbliana d’aois, gan beann ar aon fhorálacha den dlí náisiúnta lena ndéantar foráil do thromlach dlíthiúil a bhaint amach níos luaithe nó níos déanaí. Ina theannta sin, cé go bhfuil soláthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, siopaí feidhmchlár bogearraí agus córas IS fós freagrach go príomha as sábháilteacht a seirbhísí agus a gcóras nuair a úsáideann mionaoisigh iad, is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla ról a imirt maidir le heispéireas na mionaoiseach ar líne a threorú. Ba cheart coincheap an chaomhnóra chun críoch an Rialacháin seo a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar fhreagracht tuismitheoiríra i Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle[6].

(16) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag an sainmhíniú ar ‘chóras IS’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2024/1689. Thairis sin, is iomchuí cineálacha áirithe córas IS a shainiú atá incháilithe mar chomrádaithe IS nó mar bhotaí comhrá ginearálta agus atá faoi réir na n-oibleagáidí comhlántacha faoin Rialachán seo. I gcás ina ndéantar tagairt do sholáthraí comrádaithe IS nó do sholáthraí bota comhrá ginearálta sa Rialachán seo, ba cheart coincheap an tsoláthraí a thuiscint mar a shainmhínítear in Airteagal (3), pointe (3), de Rialachán (AE) 2024/1689.

(17) Maidir leis na sainmhínithe a bhaineann le dearbhú aoise, lena n-áirítear ‘fíorú aoise’, ‘dearbhú aoise’, ‘liosta an Aontais de sholáthraithe dhearbhuithe um chruthúnas aoise san Aontas’, liosta an Aontais de sholáthraithe réiteach fíoraithe aoise AE’, ‘Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais ’ agus ‘dearbhú um chruthúnas ar fhianú aoise’, ba cheart iad a thuiscint amhail is go bhfuil siad ag cur le creat an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1183, agus le Moladh (AE) 2026/1035 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2026 maidir le creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh

[6] Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, aithint agus forfheidhmiú cinntí in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO L 178, 2.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1111/oj).

teicneolaíochtaí Fíoraithe Aoise ar fud an Aontais do mhionaoisigh agus leis na Treoirlínte gaolmhara ón gCoimisiún maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne, agus ba cheart iad a léirmhíniú go comhsheasmhach leo.

(18) Chun a áirithiú go ráthófar ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála do mhionaoisigh, tá sé tábhachtach go gcuirfear na hoibleagáidí i bhfeidhm go héifeachtach agus nach rachfar timpeall orthu. Dá réir sin, níor cheart do sholáthraithe dul i mbun iompair a bhainfeadh an bonn d'éifeachtacht na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Áirítear le hiompraíocht den sórt dearadh na seirbhíse nó an chórais, roghanna a chur i láthair fhaighteoirí na seirbhíse nó úsáideoir an chórais ar bhealach neamhneodrach, nó struchtúr, feidhm nó modh oibríochta comhéadain úsáideora, nó cuid de, a úsáid chun neamhspleáchas, cinnteoireacht, nó rogha úsáideora a chur de dhroim seoil nó a loit. Mar shampla, níor cheart a iarraidh ar mhionaoisigh leibhéal na socruithe íogaire a ísliú nuair atá cuntas á chruthú, amhail rochtain ar gheoshuíomh nó ar cheamara. Níor cheart iad a mhealladh ach oiread chun dul timpeall ar na hoibleagáidí rochtana moillithe. Ba cheart do sholáthraithe teorainn a chur freisin le cruthú cuntas tánaisteach ag mionaoisigh arb é is aidhm dóibh dul timpeall ar bhearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh.

(19) Chun a áirithiú go ndéanfaidh seirbhísí a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu foráil maidir leis an leibhéal is airde príobháideachais, sábháilteachta agus slándála, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán atá ainmnithe mar ardáin an-mhór ar líne arna n-ainmniú de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta atá beartaithe acu a dhéanamh chun comhlíonadh éifeachtach na n-oibleagáidí a áirithiú, amhail rochtain mhoillithe ar sheirbhís agus sábháilteacht trí dhearadh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas an Choimisiúin a fhíorú, tar éis measúnú arna dhéanamh ag iniúchóirí neamhspleácha a bhfuil saineolas sonrach acu, go ndearna na soláthraithe atá faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo na bearta is gá chun iad a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún freagairt don phlean comhlíontachta sin, gan dochar dá chumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, go háirithe an chumhacht chun imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 34 den Rialachán seo. Tá an sásra fógartha sin riachtanach agus comhréireach i bhfianaise an chuspóra a shaothraíonn sé agus urramaítear leis cearta bunúsacha na saoirse chun gnó a sheoladh a chumhdaítear in Airteagal 16 den Chairt agus an tsaoirse chun faisnéis a fháil agus a thabhairt faoi Airteagal 11 di.

(20) Tá tábhacht ar leith ag baint leis na blianta idir 0 agus 15 bliana d'aois i gcás forbairtí cognaíocha, mothúchánacha agus sóisialta mionaoiseach, agus i gcás fhorbairt a bpearsantachta, a gcéannachta agus a gcóras luacha. Léiríonn fianaise eolaíoch go bhfuil riosca an-tromchúiseach ag baint le seirbhísí áirithe líonralíonraithe shóisialta ar líne agus le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán do phríobháideachas, do shábháilteacht agus do shlándáil mionaoiseach atá faoi bhun 15 bliana d'aois mar gheall ar a ngnéithe agus a bhfeidhmiúlachtaí ar leith. Ó rioscaí mar úsáideoirí éighníomhacha ar líne faoi bhun 3 bliana d'aois, nuair is féidir am ar an scáileán, a dhéanann difear do réimse airde, do shealbhú teanga, agus d'fhorbairt shochmhothúchánach leanaí, teacht in ionad cúraim, trí rioscaí neamhréire idir nochtadh leanúnach do spreagadh seachtrach agus acmhainneachtaí athraitheacha leanaí agus féintuairim atá ag teacht chun cinn, go rioscaí maidir le cóineasú íogaireachtaí forbartha agus méadú ar ábhar agus ar idirghníomhaíochtaí faoi thionchar ardáin, léirítear sa taighde tionchair ar mheabhairshláinte agus go bhfuil leanaí an-leochaileach faoi bhun 13 bliana d'aois. Bíonn déagóirí ag éirí neamhspleách

suas go mbíonn siad 15 bliana d'aois, agus cé nach mbíonn an mhaoirseacht a dhéanann cúramóirí agus oideoirí chomh héifeachtach céanna, tá méadú ag teacht ar an tionchar a bhíonn ag gnéithe sóisialta na seirbhísí digiteacha ar rioscaí, seachas iompraíochtaí aonair, agus tá ógánaigh ó 13 go 15 ag buaic na leochaileachta forbartha. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú gur féidir leas a bhaint as a gceart chun forbartha agus féinchinntiúcháinithe saor ó na tionchair shubstaintiúla a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí agus na díobhálacha a bhaineann le seirbhísí áirithe ar líne ar mhionaoisigh. Chun leibhéal comhionann cosanta a áirithiú do mhionaoisigh atá lonnaithe san Aontas, is gá srian rochtana ar na meáin shóisialta+ a thabhairt isteach ar fud an Aontais do mhionaoisigh atá faoi bhun 13 bliana d'aois. Chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh trí dhlíthe náisiúnta éagsúla a sheachaint, ba cheart aois íosta chomhchuibhithe 15 bliana a bhunú chun cuntais uathrialacha a chruthú le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a léiríonn gnéithe nó feidhmiúlachtaí atá díobhálach go háirithe do mhionaoisigh faoi bhun na haoise sin. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do dhlíthe an Aontais nó do dhlíthe náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, lena mbunaítear aois íosta níos airde do chatagóirí sonracha ábhair amhail ábhar pornagrafach nó cearrbhachais.

(21) Na gnéithe agus na feidhmiúlachtaí a mheastar a bheith ina riosca do phríobháideachas, do shábháilteacht agus do shlándáil mionaoiseach faoi bhun 15 bliana d'aois, comhfhreagraíonn siad d'aicmithe rioscaí ar líne a aithnítear ar fud an domhain, lena n-áirítear mionaoisigh a nochtadh d'ábhar nó do theagmhálacha atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de chomh maith le hiompar díobhálach úsáideoirí eile nó rioscaí tráchtála nó trasearnála eile amhail úsáid iomarcach. Áirítear orthu sin, dá bhrí sin, gnéithe agus feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear tomhaltas agus scaipeadh ábhair dhíobhálaigh áirithe chomh maith le hidirghníomhaíochtaí díobhálacha nó iompraíocht dhíobhálach. Go háirithe, seirbhísí lena gcuirtear ar chumas faighteoirí ábhar a scaipeadh i bhfíor-am ar líon neamhchinntithe daoine, nochtann siad mionaoisigh do rioscaí dá bpríobháideachas agus d'ábhar míchuí, amhail ábhar pornagrafach; má chuirtear ar a gcumas do mhionaoisigh idirghníomhú le húsáideoirí anaithnide, nochtar iad do rioscaí go mbeadh teagmháil mhíchuí ag daoine fásta leo chomh maith lena nochtadh d'iompar mí-úsáideach nó díobhálach eile ag úsáideoirí eile freisin; trí ábhar nó teagmhálacha a mholadh go huathoibríoch, nochtar mionaoisigh don riosca go nochtfaí iad d'ábhar díobhálach nó do 'phoill choinín', mar a thugtar orthu, d'ábhar díobhálach, chomh maith le dul i dteagmháil le húsáideoirí mailíseacha a d'fhéadfadh a bheith díobhálach; feidhmiúlachtaí, dearaí comhéadain nó saintréithe a chur chun úsáide a bhféadfadh úsáid éigníoch nó iomarcach a bheith mar thoradh orthu, amhail brúfhógraí nó fothaí ábhair éigríochta, an mionaoiseach a nochtadh do rioscaí a bhaineann le hiompraíochtaí a fhorbairt a dhéanann dochar dá meabhairshláinte agus dá bhfolláine, lena n-áirítear iompraíochtaí andúile. De ghnáth, ní thairgtear na feidhmiúlachtaí sin ach d'fhaighteoirí na seirbhíse a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís trí chuntas. Dá bhrí sin, tá sé comhréireach, agus ceart an mhionaoisigh chun tuairimí a nochtadh á chur san áireamh, moill a chur ar rochtain ar an tseirbhís ag pointe cruthaithe agus úsáide na gcuntas sin, ós rud é go bhfuil riosca níos ísle do mhionaoisigh ag baint le húsáid na seirbhíse céanna gan chuntas.

(22) Agus ról na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí dlíthiúla á aithint maidir le tacú le forbairt uathrialach agus shábháilte mionaoiseach ar líne, is iomchuí cead a thabhairt do sholáthraithe maolú ar bhonn eisceachtúil ón aois íosta le haghaidh rochtain uathrialach a leagtar síos sa Rialachán seo, go dtí aois íosta níos ísle de 13 bliana, chun cead a thabhairt don té duine a bhfuil freagracht tuismitheora air cuntas a chur ar bun ina mbeidh feidhmiúlachtaí teoranta do leanaí idir 13 agus 15 bliana d'aois. Ba cheart

gur cuntas de chuid an té a bhfuil freagracht tuismitheorairí air seachas de chuid an mhionaoisigh féin a bheadh i gcuntas den sórt sin. Ba cheart an maolú sin a bheith faoi réir fíorú freagrachta tuismitheoiríra agus níor cheart dó an bonn a bhaint den chuspóir atá á shaothrú leis an Rialachán seo, agus ceart an linbh chun cosanta agus chun príobháideachais á chur san áireamh agus tús áite á thabhairt do leas an linbh. Ar deireadh, níor cheart an maolú sin a bheith indéanta i gcás ina gcuireann na soláthraithe ina dtéarmaí seirbhíse srian ar rochtain ar a seirbhís agus ar úsáid a seirbhíse d'úsáideoirí atá faoi bhun aois íosta níos airde ná 13 bliana d'aois.

(23) I gcás ina ndeartar seirbhís ardáin comhroinnte físeán go sonrach do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois, féadfaidh caomhnóir, ar bhonn eisceachtúil, a chur ar chumas an mhionaoisigh sin rochtain a fháil ar an tseirbhís faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7, go heisiach trí chuntas an chaomhnóra féin agus faoi rialú agus faoi mhaoirseacht an chaomhnóra. Níl cruthú ná úsáid cuntais ag an mionaoiseach i gceist leis an rochtain sin atá faoi rialú caomhnóra agus, dá bhrí sin, ní rochtain í i bhfoirm cuntas a chruthú don mhionaoiseach nó a shanntar dó de réir bhrí Airteagal 6(1). Féadfar rochtain atá faoi rialú caomhnóra a eagrú trí shocruithe nó próifílí a bhaineann go sonrach le leanaí laistigh de chuntas an chaomhnóra; ní hionann socruithe nó próifílí den sórt sin agus cuntais a bheith ag an mionaoiseach.

(24) Ní cheanglaítear le haon ní sa Rialachán seo ar aon soláthraí a sheirbhís a chur ar fáil do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois, ná ní dhéanann sé difear do na téarmaí ná na coinníollacha a ghabhann le seirbhísí lena ndéantar mionaoisigh den sórt sin a eisiamh, atá fós ag teacht go hiomlán faoi réir oibleagáidí an Rialacháin seo chun rochtain orthu a chosc. Ní bhaineann ceanglais a bhaineann leis an eispéireas atá oiriúnach ó thaobh aoise de ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán ach leis na seirbhísí sin a bhfuil rogha déanta ag a soláthraithe d'aon ghnó timpeallacht atá deartha go sonrach do leanaí a thairiscint, agus cuireann siad an rogha sin faoi réir coinníollacha dochta.

(25) Tá eispéiris shábháilte ar líne atá oiriúnach ó thaobh aoise de ríthábhachtach chun mionaoisigh a chosaint i dtimpeallacht ar timpeallacht ar líne í níos mó agus níos mó. Chun a áirithiú gur féidir le mionaoisigh tairbhiú de thimpeallacht dhigiteach shábháilte, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, agus siopaí feidhmchlár bogearraí, bearta iomchuí agus comhréireacha a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú nuair atá a seirbhís nó a gcóras á n-úsáid acu. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe a seirbhísí agus a gcórais a mhúnlú trí dhearadh ar bhealach lena dtugtar tús áite d'fholláine mionaoiseach trí chosaintí príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a leabú ina ndearadh agus ina n-oibriú ón tús agus acmhainneachtaí athraitheacha mionaoiseach á gcur san áireamh. I gcás ina bhfuil rochtain ar an tseirbhís nó ar an gcóras gan chlárú ná fíordheimhniú, ba cheart do sholáthraithe, mar réamhshocrú, an dearadh agus na socruithe a chumrú d'aon úsáideoir neamhchláraithe nó neamh-fhíordheimhnithe ar bhealach lena ráthaítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach. Níor cheart do sholáthraithe maolú ar na ceanglais sin go dtí go suífidh siad gur duine fásta é an faighteoir nó an t-úsáideoir trí úsáid a bhaint as dearbhú aoise i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(26) I gcás seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ba cheart a áirithiú leis na bearta arna ndéanamh ag soláthraithe na seirbhísí sin chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, a luaithe a

chruthaíonn mionaoisigh a gcuntas féin chun an tseirbhís a úsáid, go leanfaidh siad de thairbhe a bhaint as timpeallacht dhigiteach shábháilte. Cé go maolaítear leis na bearta sin na rioscaí a eascraíonn as feidhmiúlachtaí agus as gnéithe sonracha seirbhísí de chineál sin do mhionaoisigh os cionn 15 bliana d'aois, tá seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne agus ardáin comhroinnte físeán fós míchuí do mhionaoisigh faoi bhun na haoise sin. Níor cheart, dá bhrí sin, go ndéanfadh comhlíonadh na n-oibleagáidí sin difear don srian ginearálta atá ar mhionaoisigh faoi bhun na haoise sin a gcuntas féin a chruthú.

(27) D'fhéadfadh gnéithe dearthóireachta áirithe de sheirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán teacht i dtír ar leochaileachtaí mionaoiseach agus cur le húsáid fhorleathan nó iomarcach na seirbhíse, le patrúin iompraíochta éigníocha nó iompraíocht atá cosúil le handúil, rud a mbeadh éifeachtaí díobhálacha aige ar fholláine mheabhrach, mhothúchánach agus fhisiciúil mionaoiseach. Féadfar a áireamh ar na gnéithe sin ábhar a bheith á thomhailt gan bhriseadh gan pointí stad éifeachtacha, uathsheinm, uathscrolláil, uath-athsheinm, scrolláil gan stad, fógraí arna n-uainiú go saorga chun aird a fháil ar ais, sásraí luaíochta lena spreagtar rannpháirtíocht arís agus arís eile, nó sásraí lena ngearrtar pionós ar fhaighteoir na seirbhíse toisc nach bhfilleann sé go tráthrialta. Dá bhrí sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán mionaoisigh a nochtadh do ghnéithe dearthóireachta ionramhálacha nó áititheacha atá dírithe den chuid is mó ar rannpháirtíocht a uasmhéadú i gcás ina bhféadfadh na gnéithe sin dochar a dhéanamh do phríobháideachas, do shábháilteacht nó do shlándáil mionaoiseach nó an bonn a bhaint dá neamhspleáchas. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne ná do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán an bonn a bhaint de chinneadh an mhionaoisigh scor den tseirbhís a úsáid nó d'easpa cinnidh an tseirbhís a úsáid, amhail fógraí nach spreagtar de bharr idirghníomhaíocht an mhionaoisigh nó gníomhaíocht an mhionaoisigh ar an tseirbhís, nó nach mbaineann go díreach leis an idirghníomhaíocht nó leis an ngníomhaíocht sin. Ba cheart go gcumhdófaí leis sin cásanna ina n-athraíonn an t-ardán iompraíocht i leith úsáideoirí nuair nach n-úsáideann úsáideoirí an tseirbhís. Dá réir sin, chumhdófaí leis sin gnéithe lena ndéantar iarracht aird an úsáideora a fháil ar ais nuair a chaillfear é, amhail fógraí a sheoladh faoi luaíochtaí as leanúint den tseirbhís a úsáid. Níor cheart do na soláthraithe rannpháirtíocht a dhreasú ag amanna rialta nó níos minice, lena n-áirítear trí phionóis nó trí chaillteanas sochar i gcás nach mbíonn duine rannpháirteach go rialta nó laistigh d'eatraimh ama shonraithe. Ba cheart do na soláthraithe uirlisí bainistithe ama agus feabhsaithe smachta atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chur chun feidhme, lena n-áirítear leideanna infheicthe, meabhrúcháin agus bearta eile a thacaíonn le húsáid eolasach agus d'aon ghnó na seirbhíse lena gcumasaítear cur isteach éifeachtach ar úsáid na seirbhíse. Ós rud é gur minic a sháraíonn na mionaoisigh féin uirlisí bainistithe ama, ba cheart do sholáthraithe a áirithiú go bhfuil na bearta sin éifeachtach chun úsáid mionaoiseach as an tseirbhís a laghdú agus nach féidir dul timpeall orthu go héasca. Ba cheart a áirithiú leis na huirlisí sin freisin nach gcuirfear isteach ar riachtanais chodlata mionaoiseach mar gheall ar an úsáid a bhaineann siad as an tseirbhís. Ba cheart a áireamh leis sin cosc éifeachtach a chur ar mhionaoisigh an tseirbhís a úsáid le linn am scoile agus croí-uaireanta codlata, ar seirbhís í ba cheart dóibh a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de, i gcomhréir le moltaí eolaíocha. Ba cheart croí-uaireanta codlata a thuiscint mar an tréimhse san oíche ina mbítear ag súil go hiondúil go a chodlódh mionaoisigh, ina gcuimsítear ar a laghad 8 n-uaire an chloig as a chéile idir 22:00 agus 08:00 am na háite. Ba cheart am scoile a thuiscint mar an tréimhse ar lena linn a mheastar de ghnáth

a bhfreastalóidh mionaoisigh ar scoil nó a nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí éigeantacha oideachais, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta is infheidhme agus faoi réir coigeartú ag caomhnóirí.

(28) Gné lárnach de dhearadh agus d'oibriú seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán is ea an bealach ina gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta agus i láthair ar chomhéadan ar líne na seirbhíse, rud a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an rochtain atá ag mionaoisigh ar fhaisnéis, ar a rannpháirtíocht inti agus ar a nochtadh di. Chun a áirithiú go ndéanfar mionaoisigh a chosaint go héifeachtach ar líne, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a úsáideann córais moltaí a gcórais moltaí a dhearadh sa chaoi go n-áiritheoidh siad ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe úsáid a bhaint as méadrachtaí meastóireachta lena léirítear torthaí cáilíochta, sábháilteachta agus meabhairshláinte do mhionaoisigh, amhail méadrachtaí lena dtomhaistear an roghnaíonn agus an dtugann an córas moltaí tosaíocht d'ábhar atá oiriúnach d'aois agus do chéim forbartha mionaoisigh, lena ndéantar measúnú ar éifeachtacht an chórais maidir le nochtadh d'ábhar neamhdhleathach, díobhálach nó neamhsháibháilte a chosc, agus lena ngabhtar táscairí folláine síceolaíche chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar mheabhairshláinte mionaoiseach. Ba cheart do na méadrachtaí sin bonn eolais a chur faoi na breithnithe optamaithe is bonn le dearadh chuspóirí moltaí na n-ardán ar líne. Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán tosaíocht agus príomhualú a thabhairt do shainroghanna sainráite arna soláthar ag an úsáideoir agus ábhar á mholadh acu, amhail aiseolas ó úsáideoirí agus idirghníomhaíochtaí lena léirítear sainroghanna sainráite úsáideoirí, idir dhearfach agus dhiúltach, lena n-áirítear roghnú sonraithe agus d'aon ghnó na n-ábhar spéise, na suirbhéanna, an tuairisciú, agus comharthaí eile atá bunaithe ar cháilíocht. Ina theannta sin, chun a áirithiú go mbeidh níos mó smachta ag mionaoisigh maidir leis an bhfaisnéis atá á moladh dóibh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán an moladh faisnéise a mholtar sa chóras moltaí a dhíchumasú mar réamhshocrú bunaithe ar chomharthaí intuigthe rannpháirtíocht-bhunaithe ó iompraíocht mionaoiseach ar líne. Ba cheart 'comharthaí intuigthe atá bunaithe ar rannpháirtíocht' a thuiscint mar chomharthaí agus sonraí lena gcuirtear roghanna úsáideoirí in iúl óna ngníomhaíochtaí (iompraíocht bhrabhsála ar ardán), amhail an t-am a chaitear ag féachaint ar ábhar agus rátaí idirnasctha. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne agus do sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a áirithiú nach bhfuil córais moltaí ag brath ar bhailiú aon sonraí pearsanta a ghabhtar ó lasmuigh den tseirbhís. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne agus do sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a áirithiú freisin nach nochtar mionaoisigh d'ábhar atá díobhálach nuair a thagtar air arís agus arís eile, ar ábhar é ar cheart a thuiscint ina leith go gcumhdaítear leis na 'poill choinín' nó na 'bolgáin scagtha' ábhair, mar a thugtar orthu, a d'fhéadfadh a sábháilteacht agus a slándáil a chur i mbaol. Baineann éifeacht an 'phoill coinín' le méadú de réir a chéile ar mholtaí comhchosúla maidir le hábhar, rud a thugann ar fhaighteoirí na seirbhíse dul conairí ábhair gan teorainn a d'fhéadfadh a bheith foircneach agus díobhálach do mhionaoisigh. Tagraíonn éifeacht an 'bholgáin scagtha' d'aimpliú forchéimnitheach ábhair trína nochtar mionaoiseach den chuid is mó d'ábhar nó d'fhaisnéis lena laghdaítear nochtadh na mionaoiseach d'ábhar éagsúil nó d'fhaisnéis éagsúil. Ba cheart smacht a thabhairt do mhionaoisigh

freisin ar a gcórais moltaí agus ba cheart dóibh a bheith in ann an t-ábhar a mholtar trí uirlisí tiomnaithe a rialú. Ba cheart bealach éasca a thairiscint do mhionaoisigh chun a gcórais moltaí a athshocrú trí na sainroghanna sainaitheanta uile roimhe sin a scriosadh agus, a bheith in ann rogha amháin a roghnú nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú gan beann ar an bhfuil siad cláraithe nó nach bhfuil, mar a dhéantar foráil in Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2022/2065, gan beann ar an soláthraí ardáin an-mhór ar líne an soláthraí nó nach ea i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065. Chun éifeachtacht an bhirt sin a áirithiú, ba cheart do na soláthraithe sin an rogha atá ann a bhfothaí a athshocrú a mheabhrú go rialta do mhionaoisigh agus a áirithiú nach ndeartar an rogha sin ar bhealach chun mionaoisigh a mhealladh chun an rogha atá bunaithe ar phróifíliú a roghnú.

(29) Tá sé tábhachtach socruithe a dhearadh chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú chun rioscaí ar líne do mhionaoisigh a íoslaghdú tríd an dóchúlacht go nochtfar mionaoisigh d'ábhar, d'idirghníomhaíochtaí nó d'fheidhmiúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a laghdú, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil leanaí neamhchláraithe ar an tseirbhís. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a áirithiú go bhfuil socruithe, amhail na socruithe sin lenar féidir faighteoirí na seirbhíse a rianú nó iad a aimsiú, lenar féidir rochtain a fháil ar mhicreafón, ar theagmhálacha agus ar cheamara, nó cuntais eile a mholadh do mhionaoisigh múchta mar réamhshocrú do mhionaoisigh. Nuair a chumasaítear é, ba cheart roinnt socruithe atá íogair ó thaobh príobháideachais de, amhail rochtain ar shuíomh, a mhúchadh tar éis dheireadh an tseisiúin, agus in aon chás, ba cheart mionaoisigh a chur ar an eolas i gcónaí nuair a ghníomhachtaítear iad. Ina theannta sin, ba cheart brúfhógraí a mhúchadh mar réamhshocrú agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar riachtanais chodlata mionaoiseach ná ar am scoile. Chuige sin, níor cheart brúfhógraí a sheoladh riamh chuig leanaí le linn am scoile ná croí-uaireanta codlata, cé is moite den chás ina n-eascraíonn fógraí den sórt sin as foláirimh phráinneacha slándála – mar shampla maidir le slándáil cuntas - nó as idirghníomhaíochtaí lena gcaomhnóirí. Is éard is brúfhógraí ann fógraí atá le feiceáil ar ghaireas chun faighteoir na seirbhíse a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha ar an tseirbhís gan beann ar an bhfuil an tseirbhís in úsáid go gníomhach agus, ar an gcaoi sin, úsáideoirí a spreagadh chun leanúint den tseirbhís a úsáid. Ina theannta sin, i gcás ina bhféadfadh roinnt socruithe agus gnéithe dochar ar leith a dhéanamh do mhionaoisigh, ba cheart do sholáthraithe iad a dhéanamh dorochtana do mhionaoisigh. Is féidir le gnéithe díobhálacha den sórt sin a bheith ina scagairí a chuireann isteach ar dhea-bhail mheabhrach mionaoiseach, mar shampla trí chur le híomhá linbh, é a shaobhadh nó a idéalú go díréireach – gan scagairí neamhdhíobhálacha amhail iad siúd a dhéanann aithris ar ainmhithe a áireamh – chomh maith le gnéithe a chuireann le comparáid shóisialta a chuireann ar chumas leanaí an líon freagairtí ar a n-ábhar a fheiceáil.

(30) Ba cheart mionaoisigh a chosaint ar rioscaí a bhaineann le teagmháil, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, ciapadh, agus iad siúd atá ag iarraidh mealltóireacht a dhéanamh, mí-úsáid ghnéasach a bhaint astu nó mionaoisigh a shracadh, gáinneálaithe ar dhaoine agus iad siúd atá ag iarraidh mionaoisigh a earcú i ndronga coiriúla nó foréigean, radacú, antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht a chur chun cinn, ós rud é gur minic a úsáideann déantóirí coire an spás digiteach chun teagmháil a dhéanamh le leanaí. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí láidre a bheith ann in idirghníomhaíochtaí idir mionaoisigh agus faighteoirí neamhchláraithe na seirbhíse, chomh maith le faighteoirí anaithnide na seirbhíse, go háirithe daoine fásta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí

líonralíonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a áirithiú nach féidir le faighteoirí na seirbhíse, mar réamhshocrú, agus in aon chás, le faighteoirí na seirbhíse gan chuntais, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin mionaoiseach, amhail faisnéis phróifíle, beathaisnéis, gníomhaíochtaí, liosta cairde, leantóirí agus faisnéis chomhchosúil. Ba cheart mionaoisigh a chumhachtú chun rialú éifeachtach a fheidhmiú ar infheictheacht a gcuid faisnéise pearsanta, amhail a ngrianghraf próifíle, a bhfaisnéis phróifíle, a n-ábhar comhroinnte, a dteagmhálacha, a ngníomhaíochtaí agus a stair nó aon sonraí eile a chomhroinntear ar an gcuntas nó ar an bpróifíl. Níor cheart sonraí teagmhála ó mhionaoisigh — lena n-áirítear seoladh, seoladh ríomhphoist ná uimhir theileafóin ach gan a bheith teoranta dóibh — a roinnt le faighteoirí eile na seirbhíse. Ba cheart mionaoisigh a bheith in ann aon fhaighteoir eile de chuid na seirbhíse a bhlocáil, ábhar a chomhroinntear a bhainistiú agus an idirghníomhaíocht agus an mhéadracht ghaolmhar a rialáil, amhail 'is maith liom' agus an líon leantóirí. Mar réamhshocrú, ba cheart óstáil beoshruthanna nó tarchuir físe-ama eile a dhíchumasú, mar aon le rochtain ar fhaisnéis faoi chuntas an mhionaoisigh a bheith ag faighteoirí na seirbhíse nár glacadh go sainráite leo. Chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht na socruithe sin a chumasú comhréireach i gcónaí, ba cheart é sin a bheith ag brath ar aois agus ar acmhainneachtaí athraitheacha an mhionaoisigh, mar shampla trína áirithiú nár cheart rochtain a bheith ar chuntais phoiblí agus ar an bhféidearthacht beoshruthú a óstáil ach amháin ag leanaí os cionn na haoise íosta agus má thoilíonn a gcaomhnóir go sainráite leis sin.

(31) Tarlaíonn cleachtais tráchtála i bhfoirmeacha éagsúla ar sheirbhísí digiteacha agus d'fhéadfadh éifeachtaí áititheacha ar leith a bheith acu ar mhionaoisigh, a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar oirbhearta éagsúla, dinimiciúla agus pearsantaithe, mar shampla, trí fhógraí, socrúcháin táirgí, úsáid airgeadraí físe, margaíocht tionchairí, urraíocht nó spreagadh atá feabhsaithe leis an intleacht shaorga. I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil cothrománach atá ann cheana, agus gan dochar dó, go háirithe Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] atá infheidhme go hiomlán maidir le gach cleachtas tráchtála lena n-áirítear i leith mionaoiseach mar thomhaltóirí agus na rialacha i Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le fógraíocht (Airteagal 26, Airteagal 28(2) agus Airteagal 39) agus patrúin dhorcha (Airteagal 25). I gcás áirithe patrúin dhorcha, feidhmíonn Rialachán (AE) 2022/2065 mar an 'líontán sábhála' lena gcomhlánaítear Treoir 2005/29/CE. D'fhéadfadh idirbhearta eacnamaíocha dochar a dhéanamh do shábháilteacht agus do shlándáil mionaoiseach agus an tseirbhís á húsáid acu, go háirithe i gcás nach dtuigeann siad iarmhairtí an idirbhirt atá á dhéanamh acu. Dá bhrí sin, ba cheart mionaoisigh a chur ar an eolas go soiléir faoi idirbhearta eacnamaíocha a tharlaíonn ar líne. Chuige sin, ba cheart ceannacháin a dhéantar laistigh den tseirbhís a lipéadú mar idirbheart eacnamaíoch ar bhealach sothuigthe agus i bhfíor-am. D'fhéadfadh airgeadraí físe agus comharthaí eile a bheith ina gcúis le caiteachas neamh-inmhianaithe freisin, dá bhrí sin ba cheart gach cineál ceannacháin a thaispeáint san airgeadra náisiúnta ina bhfuil gnáthchónaí ar an mionaoiseach. Thairis sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a áirithiú nach ndéantar dúshaothrú ar mhionaoisigh mar thomhaltóirí leochaileacha agus níor cheart dóibh a n-

[7] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagóracha') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/29/oj).

ardán a dhearadh ar bhealach a bhféadfadh caiteachas iomarcach, spreagthach tobann nó neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh air. Ba cheart a áireamh leis sin go háirithe deighilt nó easaontas a thabhairt isteach idir ábhar agus ceannach táirgí gaolmhara chomh maith le cosc a chur ar mhionaoisigh a bheith neamhchosanta ar bhoscaí éadála agus ar tháirgí eile, i gcás ina dtairgeann siad torthaí randamacha nó dothuartha nó gnéithe atá cosúil le cearrbhachas.

(32) I bhfianaise leochaileachtaí ar leith mionaoiseach agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta dá sláinte, dá sábháilteacht, dá gcearta bunúsacha agus dá bhfolláine, ba cheart do sholáthraithe na gcóras IS sin bearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh a chur chun feidhme atá saincheaptha do na saintréithe sonracha agus do na rioscaí a eascraíonn as na córais sin chun eispéireas atá oiriúnach ó thaobh aoise de a thairiscint do mhionaoisigh. Ba cheart socruithe sábháilte agus toirmisc ar dhearaí andúile a áireamh sna coimircí. Thairis sin, níor cheart mionaoisigh a nochtadh do ghnéithe den chóras a léiríonn iompraíochtaí nó a ionsamhlaíonn mothúcháin nó caidrimh idirphearsanta ar dócha go gcruthóidh siad spleáchais mhothúchánacha agus eile, lena n-áirítear nuair a d'fhéadfadh spleáchais den sórt sin tionchar diúltach a imirt ar chaidrimh le daoine eile agus ar fhorbairt an mhionaoisigh. Chun cosc a chur ar chórais den sórt sin sonraí íogaire mionaoiseach a charnadh agus patrúin idirghníomhaíochta dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann le himeacht ama a threisiú, ba cheart an chuimhne chomhráiteach leanúnach chomhrá ar idirghníomhaíochtaí le mionaoisigh a dhíchumasú mar réamhshocrú ach amháin i gcás inar gá chun a sábháilteacht a chosaint. Ba cheart comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu a bheith faoi réir tástáil iomchuí agus meastóireacht iomchuí freisin sula gcuirfear ar an margadh iad nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse iad agus go tráthrialta ina dhiaidh sin.

(33) Ba cheart do sholáthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu faireachán iarmhargaidh a chur chun feidhme freisin chun rioscaí do shláinte, do shábháilteacht agus do chearta bunúsacha mionaoiseach agus dá bhfolláine agus dá bhforbairt mheabhrach, fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach a shainaithint agus a mhaolú agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a chuirtear i bhfeidhm, mura micrifhiontar nó fiontar beag é an soláthraí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú, má tá an comrádaí IS nó an bota comhrá ginearálta bunaithe ar shamhail intleachta saorga ilchuspóireach lena mbaineann riosca sistéamach, go bhfuil samhlacha faoi réir oibleagáidí sonracha bainistithe riosca mar atá faoi Rialachán (AE) 2024/1689. Ba cheart a áireamh sa bhainistiú riosca shistéamaigh a dhéanann soláthraithe na samhlacha sin measúnú, agus, más gá, maolú ar rioscaí do shábháilteacht agus d'fholláine mionaoiseach, lena n-áirítear rioscaí do mhionaoisigh mar gheall ar an úsáid dhlisteanach a bhaineann siad as an tsamhail agus ar an úsáid a bhaineann daoine eile as an tsamhail a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do mhionaoisigh. Is iomchuí, dá réir sin, go mbeadh soláthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta ag brath ar mhaoluithe ábhartha a chuirtear chun feidhme mar chuid den bhainistiú riosca shistéamaigh sin de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE)2024/1689 mar chuid dá n-iarrachtaí ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, féadfar measúnuithe riosca agus bearta maolaithe arna gcur chun feidhme de bhun Airteagail 34 agus 35 de Rialachán (AE) 2022/2065 a chur san áireamh freisin nuair is soláthraí comrádaí IS nó bota comhrá ginearálta a chuirtear chun úsáide mar fheidhmiúlacht de sheirbhís líonra líonraithe shóisialta ar líne nó de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a dhéanann iad

agus an tseirbhís sin á soláthar. Mar sin féin, níor cheart a mheas gur leor na bearta maolaithe sin chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

(34) I gcás ina gcuirtear comrádaí IS nó bota comhrá ginearálta chun úsáide mar fheidhmiúlacht d'ardán ar líne nó d'inneall cuardaigh ar líne, ba cheart go leanfadh na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 d'fheidhm a bheith acu maidir le soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha sin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir lena gcur i bhfeidhm. Go háirithe, níor cheart go ndéanfadh cur chun úsáide na bhfeidhmiúlachtaí sin difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le measúnú agus maolú rioscaí sistéamacha, lena n-áirítear rioscaí a eascraíonn as dearadh, feidhmiú nó úsáid na bhfeidhmiúlachtaí sin, a mhéid is gur cuid iad den tseirbhís a thairgeann an t-ardán ar líne nó an t-inneall cuardaigh ar líne. Chun trédhearcacht a áirithiú maidir le hidirghníomhaíochtaí leis na córais sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus cluichí ar líne a chuireann comrádaithe IS nó botaí comhrá ginearálta chun úsáide mar fheidhmiúlacht i soláthar a seirbhíse bearta a chur chun feidhme freisin lena dtugtar de chumhacht do mhionaoisigh roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis na comrádaithe nó na botaí comhrá sin a úsáid agus a bheith in ann diúltú don úsáid sin. Ba cheart a áireamh leis sin oibleagáidí ar na soláthraithe sin a áirithiú nach dtabharfar spreagadh do mhionaoisigh na córais sin a úsáid trí theicnící deartha, amhail comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a thaispeáint ar bharr liosta teagmhálaithe an mhionaoisigh. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag coimircí maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta nuair a chuirtear chun úsáide iad mar fheidhmiúlacht chun cluiche ar líne a sholáthar, inar féidir ceannacháin ionchluiche a dhéanamh.

(35) Is féidir le cluichí ar líne a bheith i bhfoirmeacha an-éagsúil agus is féidir iad a roinnt ina gcatagóirí amhail cluichí gníomhaíochta, eachtraíochta, rólimeartha, straitéise, spóirt, ionsamhlúcháin nó puzail agus is iondúil go n-imrítear iad ar ríomhaire pearsanta, ar ghaireas móibíleach nó ar chonsól. Ní hamháin gur féidir le cluichí ar líne siamsaíocht a chur ar fáil do mhionaoisigh, ach is féidir leo timpeallachtaí ar líne a chur ar fáil freisin le haghaidh cumarsáide agus idirghníomhaíocht shóisialta, lena n-áirítear do mhionaoisigh faoi mhíchumas. Cuireann cluichí ilimreoirí ar líne ar a gcumas do mhionaoisigh dul i dteagmháil le daoine eile agus caidreamh sóisialta a chothú ar fud aoisghrúpaí agus suíomhanna geografacha éagsúla. Is féidir le cluichí ar líne cur freisin le foghlaim an mhionaoisigh i réimsí an chomhordaithe agus an chomhair agus i réimsí ábhair amhail eolaíocht, matamaitic agus teangacha. Cuireann ardáin físchluichíochta ar a gcumas d'úsáideoirí a n-ábhar nó a gcluichí féin a imirt agus a chruthú, agus iad a scaipeadh ar an bpobal. D'fhéadfadh rioscaí éagsúla a bheith ag baint le físchluichí agus ardáin físchluichíochta araon do mhionaoisigh. Cuireadh an méid sin i dtábhacht freisin sa Tuarascáil ó Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta um Shábháilteacht Leanaí ar Líne inar cuireadh i dtábhacht go bhféadfadh físchluichí leanaí a fhágáil gan chosaint ar chleachtais tráchtála dhíobhálacha nó ar theagmhálacha contúirteacha agus go bhféadfadh córais aicmithe aoise treoraíocht agus léargais a sholáthar do thuismitheoirí agus do chúramóirí ar rátálacha cluichí.

(36) I bhfianaise leochaileachtaí ar leith mionaoiseach agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cluichí ar líne dá bpríobháideachas, dá sábháilteacht agus dá slándáil, tá sé tábhachtach go gcuirfidh soláthraithe cluichí ar líne bearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh chun feidhme atá saincheaptha do na saintréithe sonracha agus na rioscaí a eascraíonn as na cluichí ar líne sin chun eispéireas atá oiriúnach ó thaobh aoise de a thairiscint do mhionaoisigh. Baineann rioscaí den sórt sin go háirithe

le cumarsáid gan iarraidh sna físchluichí, ábhar atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de, agus sásraí deartha a bhféadfadh iompraíochtaí andúile agus úsáid iomarcach a bheith mar thoradh orthu. Le cluichí ar líne ina bhfuil cumarsáid oscailte, fágtar mionaoisigh gan chosaint ar rioscaí a bhaineann le teagmháil, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, ciapadh, agus iad siúd atá ag iarraidh mealltóireacht a dhéanamh ar mhionaoisigh, mí-úsáid ghnéasach a bhaint astu nó iad a shracadh, gáinneálaithe ar dhaoine agus iad siúd atá ag iarraidh mionaoisigh a earcú isteach i ndronga coiriúla nó foréigean, radacú, antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht a chur chun cinn, ós rud é gur minic a úsáideann déantóirí coire an spás digiteach chun teagmháil a dhéanamh le leanaí. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh socruithe áirithe mionaoisigh a fhágáil gan chosaint ar ábhar, idirghníomhaíochtaí nó feidhmiúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, lena n-áirítear in imthosca ina bhfuil leanaí neamhchláraithe ar an tseirbhís. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe cluichí ar líne coimircí a chur chun feidhme chun cosc a chur ar úsáid na seirbhíse chun mionaoisigh a mhealladh chun teagmháil a thionscnamh ar sheirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dá bpríobháideacht, dá sábháilteacht agus dá slándáil. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí naisc a shrianadh i gcás ina bhféadfadh sé sin a bheith ina riosca do mhionaoisigh agus trí theachtaireachtaí rabhaidh a chur chun feidhme do mhionaoisigh. D'fhéadfadh ardáin fhíschluichíochta an baol a mhéadú freisin go bhfágfaí mionaoisigh gan chosaint ar ábhar atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de. I gcás ina ligeann ardáin físchluichíochta d'fhaighteoirí na seirbhíse físchluichí aonair a chruthú, ba cheart do sholáthraí an ardáin físchluichíochta na bearta bogearraí agus eagraíochtúla is gá a chur i bhfeidhm chun go mbeidh soláthraí an fhíschluiche nuachruthaithe in ann na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh.

(37) D'fhéadfadh gnéithe dearthóireachta áirithe de chluichí ar líne teacht i dtír ar leochaileachtaí mionaoiseach agus cur le húsáid fhorleathan nó iomarcach na seirbhíse, patrúin iompraíochta éigníocha nó iompraíocht atá cosúil le handúil, agus éifeachtaí díobhálacha aige sin ar fholláine mheabhrach, mhothúchánach agus fhisiciúil mionaoiseach. Dá bhrí sin, níor cheart do chluichí ar líne mionaoisigh a fhágáil gan chosaint ar ghnéithe a bhaineann an bonn de chinneadh an mhionaoisigh scor d'úsáid an cluiche ar líne nó de chinneadh gan an cluiche a imirt nó ar ghnéithe nó luaíochtaí a spreagann rannpháirtíocht ag amanna rialta nó níos minice, lena n-áirítear trí phionóis nó trí chaillteanas sochar as mainneachtain páirt a ghlacadh go rialta nó laistigh d'eatraimh ama shonraithe.

(38) Tá soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí i riocht uathúil maidir leis an gcaoi a bhféadfaí seirbhísí a bhfuil riosca ag baint leo do mhionaoisigh a thairiscint d'fhaighteoirí. Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh sa timpeallacht ar líne, ba cheart do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí córas rátála aoise a chur i bhfeidhm chun aoisoiriúnacht na bhfeidhmchlár bogearraí a scaiptear trína seirbhís a shuí. Ba cheart feidhm a bheith ag córas rátála aoise den sórt sin maidir le gach feidhmchlár bogearraí agus ba cheart aird chuí a thabhairt ar chearta agus leas an linbh, lena n-áirítear acmhainneachtaí athraitheacha mionaoiseach agus leibhéil éagsúla aibíochta. Ba cheart do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí cosc a chur ar mhionaoisigh rochtain a fháil ar fheidhmchláir a rátáiltear mar fheidhmchláir atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de nó iad a cheannach. Thairis sin, chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí náisiúnta is infheidhme arna nglacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, i gcás ina dtiocfaidh soláthraí siopa feidhmchlár bogearraí ar an eolas faoi fheidhmchláir bogearraí a scaiptear trína sheirbhís arb é atá iontu go príomha ábhar atá faoi réir aois íosta níos airde faoi dhlí an Aontais is infheidhme nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme,

níor cheart don soláthraí cead a thabhairt do mhionaoisigh faoi bhun na haoise íosta sin ón mBallstát sin rochtain a fháil ar na feidhmchláir bogearraí sin nó iad a cheannach trína sheirbhís. Chun na críche sin, ba cheart do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí measúnú a dhéanamh ar aois fhaighteoir na seirbhíse i gcomhréir le Caibidil V den Rialachán seo. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí faisnéis a chur ar fáil go poiblí, i dtéarmaí soiléire agus inrochtana, maidir leis an modheolaíocht, na critéir agus na foinsí atá mar bhonn taca lena gcórais rátála aoise.

(39) Is féidir le cóid iompair a bheith ina n-uirlis thábhachtach chun mionaoisigh a chosaint sa timpeallacht ar líne. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún tarraingt suas nó forbairt bhreise cód iompair deonach a spreagadh ar leibhéal an Aontais lena mbunaítear modheolaíochtaí agus critéir chomhchoiteanna do chórais rátála aoise, chun rannchuidiú le hoibriú comhchuibhithe na gcóras sin i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ag soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí. Leis na cóid iompair, ba cheart, go háirithe, aitheantas frithpháirteach agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach rátálacha aoise ar fud na mBallstát a éascú, critéir, modheolaíochtaí agus foinsí faisnéise iomchuí a shainiú chun measúnú a dhéanamh ar aoisoiriúnacht ó thaobh aoise de na gcineálacha ábhair is ábhartha lena n-áirítear ábhar foréigneach, gnéasach, cearrbhachais agus féindochair chomh maith le ceannacháin ionaipe, rioscaí teagmhála agus gnéithe dearaidh dearthóireachta andúile chomh maith leis na leigheasanna agus na sásraí sásaimh is gá a bhunú agus trédhearcacht a áirithiú, mar aon le faireachán agus meastóireacht rialta, thrédhearcach agus neamhspleách ar bhaint amach na gcuspóirí a bhfuil sé mar aidhm leo. D'fhéadfaí an diúltú gan mínithe cuí a dhéanann soláthraí seirbhíse ar chuireadh an Choimisiúin chun páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm cód iompair den sórt sin a thabhairt san áireamh, i gcás inarb ábhartha, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi cibé ar sháraigh an soláthraí seirbhíse na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo. Níor cheart a thoimhdiú ann féin go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh toisc go bhfuiltear ag glacadh páirt i gcód iompair ar leith agus á chur i bhfeidhm. Leis an gcóras aicmithe aoise uile-Eorpach (PEGI) agus le Cód Iompair PEGI, leagtar síos tagarmharc do na cuideachtaí rannpháirteacha maidir le lipéadú aoise, cur chun cinn agus margaíocht agus léirítear leo tiomantas thionscal na bhfíschluichí faisnéis a chur ar fáil don phobal ar bhealach freagrach. D'fhéadfadh na rialacha maidir le cóid iompair faoin Rialachán seo a bheith mar bhonn d'iarrachtaí comhrialála atá bunaithe cheana féin ar leibhéal an Aontais atá le comhtháthú mar chód iompair. Airítear leis sin córas rátála aoise PEGI, ach ní bhaineann sé go heisiach leis, ar choinníoll go soláthraíonn sé ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála do mhionaoisigh mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo.

(40) Ba cheart do mhionaoisigh a imríonn cluichí ar líne tairbhiú den chosaint chéanna i leith idirbhearta eacnamaíocha agus a thugtar do sheirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne agus do sheirbhísí comhroinnte físeán, lena n-áirítear trédhearcacht maidir le fíorluach airgeadaíochta na n-idirbheart a dhéantar trí airgeadraí fíorúla agus cosaint ar nochtadh do chórais luaíochta athraitheacha, a bhfuil go leor fianaise ann faoin mbaint atá acu le hiompraíochtaí a bhaineann le cearrbhachas agus le hiompraíochtaí éigníochta. Le cóid iompair i réimse na gcluichí ar líne, ba cheart cur leis na creataí aicmithe agus féinrialála uile-Eorpacha nó leis na córais aicmithe aoise atá ann cheana ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear iad a leathnú le déanaí chuig catagóirí riosca idirghníomhacha agus chuig cleachtais luach airgid, agus ba cheart na creataí sin a choinneáil cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do mhionaoisigh. Má chloítear le cód iompair a

mheasann an Coimisiún a bheith leordhóthanach, féadfaidh sé sin a bheith ina léiriú ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí beartbhunaithe a leagtar síos sa Rialachán seo, ach ní féidir leis maolú ar a thoirmisc.

(41) Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach sa timpeallacht dhigiteach a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta agus cluichí ar líne acmhainneachtaí, leasanna agus leochaileachtaí athraitheacha leanaí a chur san áireamh le linn dhearadh, fhorbairt agus oibriú a seirbhíse. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta a chuirtear i bhfeidhm a bheith ar a laghad oiriúnach do leanaí, sothuigthe, inrochtana go héasca do gach mionaoiseach, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais inrochtaineachta bhreise acu. Áiritheoidh ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 go gcuirfear an fhaisnéis sin i láthair i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na mBallstát ina soláthraítear an tseirbhís. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS agus botaí comhrá comhrá ginearálta agus cluichí ar líne a chur ar a gcumas do mionaoisigh aiseolas a thabhairt ar ábhar, ar thorthaí cuardaigh agus ar leideanna a mholtar dóibh ar an tseirbhís. Ba cheart aiseolas den sórt sin a chur san áireamh agus ba cheart tionchar marthanach a bheith aige ar eispéireas leanaí agus iad ag baint úsáid as an tseirbhís. Ina theannta sin, ba cheart mionaoisigh a chumhachtú de réir a chéile chun a réamhshocruithe a thuiscint agus a bhainistiú. I gcás ina n-athraíonn mionsocrú cosanta, ba cheart do sholáthraithe rabhaidh shoiléire a thabhairt agus inchúlaitheacht éasca a thairiscint, lena n-áirítear an rogha an socrú a athrú go sealadach agus filleadh aon chlic amháin ar réamhshocruithe. Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, níor cheart do sholáthraithe mionaoisigh a spreagadh ná a mhealladh arís agus arís eile chun a leibhéal cosanta a ísliú.

(42) Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, is gá sásraí éifeachtacha, infheicthe agus oiriúnach do leanaí a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú agus chun tacú le mionaoisigh ábhar, cuntais, grúpaí, gnéithe agus iompraíocht a thuairisciú a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a sábháilteacht phríobháideachais agus ar a slándáil agus an tseirbhís á húsáid acu. Áirítear leis sin tuairisciú cuntas atá faoi úinéireacht úsáideoirí faoi bhun na haoise íosta, de bhun an Rialacháin seo. Níor cheart do shásraí den sórt sin difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/2065. Chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú, ba cheart do na sásraí sin, i gcás inarb iomchuí, é a chur ar a gcumas do mhionaoisigh tuarascáil a chur isteach ina bhfocail féin agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfanfaidh céannacht an mhionaoisigh faoi rún i leith faighteoirí eile na seirbhíse nó úsáideoirí an chórais mar réamhshocrú. Ba cheart tús áite a thabhairt do thuarascálacha a chuireann mionaoisigh isteach. Ina theannta sin, ba cheart go bhfaigheadh mionaoisigh deimhniú fála, mar aon le faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise maidir leis an bpróiseas leantach, amlínte táscacha agus torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba cheart aon srian arna fhorchur ag soláthraithe tar éis na dtuarascálacha sin ó mhionaoisigh a mheas mar shrian ar an infheictheacht de bhun Airteagal 17(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2022/2065, i gcás inarb infheidhme. Ina theannta sin, ba cheart mionaoisigh a bheith in ann rochtain a fháil ar thacaíocht chuimsitheach iomchuí i gcás ina dtagann siad ar ábhar agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha díobhálacha. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, agus seirbhísí ardáin físchluichíochta

uirlisí tacaíochta a chur ar fáil atá inrochtana go héasca agus oiriúnaithe do riachtanais mionaoiseach agus lena gcumasaítear atreoruithe nó nasc le seirbhísí tacaíochta náisiúnta, lena n-áirítear Ionaid um Idirlíon Níos Sábháilte, cabhair do leanaí agus teolínte, seirbhísí cosanta leanaí agus, i gcás inarb iomchuí, sonraí teagmhála fhorfheidhmiú an dlí. Ba cheart na huirlisí tacaíochta sin a nascadh freisin le haipeanna sábháilteachta náisiúnta ar líne, amhail an feidhmchlár 3018 arna sholáthar ag e-Enfance, i gcás inarb ann d'aipeanna den sórt sin, agus leis an Aip Eorpach um Shábháilteacht ar Líne nuair atá sí ar fáil. Chun a áirithiú go mbeidh mionaoisigh ar an eolas faoi na rioscaí sa timpeallacht ar líne, ba cheart iad a chur ar an eolas faoi na rioscaí sonracha sula ndéanfar ábhar a phostáil nó sula gcuirfear feabhas ar infheictheacht ábhair áirithe amhail ábhar arna phostáil ag faighteoirí eile a athphostáil. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, agus cluichí ar líne, i gcás inarb iomchuí, teachtaireachtaí rabhaidh nó bearta oiriúnacha eile a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh mionaoisigh a chur ar an eolas sula ndéanfaidh siad aon ghníomhaíocht.

(43) Tá ról tábhachtach ag caomhnóirí i saol an mhionaoisigh, lena n-áirítear maidir le tacú lena nascleanúint shábháilte agus fheasach ar an timpeallacht ar líne. Sin é an fáth ar cheart caomhnóirí a éascú chun tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil trí uirlisí a bheith ar fáil do chaomhnóirí. Is éard atá sna huirlisí do chaomhnóirí bogearraí, gnéithe, feidhmiúlachtaí, nó feidhmchláir atá ceaptha chun cabhrú le caomhnóirí gníomhaíocht ar líne, príobháideachas, sábháilteacht agus folláine a mionaoisigh a thionlacan, agus smacht agus príobháideachas leanaí á n-urramú ag tráth céanna. Ba cheart uirlisí do chaomhnóirí a mheas mar uirlisí lena gcomhlánaítear bearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh eile ach níor cheart iad a chur in ionad fhreagracht na soláthraithe féin riamh ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh. Ós rud é nach féidir formhaoirseacht a dhéanamh ar thuismitheoirí i gcónaí mar gheall ar réaltachtaí shocruithe maireachtála leanaí agus ós rud é go bhféadfadh caomhnóirí a bheith as láthair nó díscortha, níor cheart comhlíonadh a bheith ag brath go heisiach ar chaomhnóirí. Ba cheart a áireamh ar na huirlisí do chaomhnóirí, ar a laghad, gnéithe chun ábhar a thuairisciú thar ceann a linbh, teorainneacha ama scáileáin a shocrú, féachaint ar na cuntais a ndéanann an mionaoiseach cumarsáid leo agus iad a chur ar an eolas fúthu, socruithe cuntais a bhainistiú, chomh maith le gnéithe eile chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáidí na seirbhísí faoi raon feidhme an Rialacháin seo a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do phríobháideachas, do shábháilteacht agus do shlándáil an mhionaoisigh. D'fhéadfaí a áireamh ar na gnéithe sin rabhaidh chun caomhnóirí a chur ar an eolas faoi chuardaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh arís agus arís eile ar mhionaoisigh a bhaineann le féinmharú, féindochar, nó neamhoird itheacháin nó teagmháil a thionscnamh le daoine fásta nó teacht chun bheith caáirdiúil leo, lena n-áirítear i gcás inar le duine fásta na cuntais sin. I gcás ina mbainistíonn caomhnóirí socruithe mionaoisigh, ba cheart dóibh a bheith in ann an tréimhse ama a roghnú a bhfuil sé beartaithe acu na socruithe sin a athrú lena linn. Ba cheart na huirlisí sin a chur in oiriúint d'aois an mhionaoisigh, agus aird chuí á tabhairt ar a bhforbairt de réir a chéile. Ba cheart uirlisí do chaomhnóirí a bheith oiriúnach ó thaobh aoise, éasca a rochtain agus a ghníomhachtú, éifeachtach agus níor cheart go mbeifear in ann dul timpeall orthu go héasca, agus cearta mionaoiseach chun príobháideachais, chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus chun neamhspleáchas méadaitheach á n-urramú an tráth céanna i gcomhréir lena n-acmhainneachtaí athraitheacha. Mar shampla, ba cheart go gcuirfeadh uirlisí den sórt sin ar a chumas don chaomhnóir an uirlis a úsáid gan cuntas a chruthú leis an tseirbhís agus ba cheart dóibh a áirithiú nach féidir

athruithe a dhéanamh ach amháin leis an leibhéal céanna údaraithe is gá chun na huirlisí a ghníomhachtú den chéad uair. Ba cheart fógra soiléir a thabhairt do mhionaoisigh nuair a ghníomhachtaítear na huirlisí sin agus ba cheart dóibh, go háirithe i gcás ina n-úsáidtear feidhmiúlachtaí faireacháin, tásc soiléir fíor-ama a fháil. I gcás ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2022/2065, ba cheart don idir-inoibritheacht le huirlisí caomhnóirí tríú páirtí inúsáidteacht agus éifeachtacht a fheabhsú tuilleadh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/1925. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha agus na critéir theicniúla is gá a leagan síos le haghaidh na n-uirlisí do chaomhnóirí.

(44) Tá saineolas agus inniúlacht ar leith ag comhlachtaí, eagraíochtaí agus comhlachais áirithe maidir le sárú amhrasta ar an Rialachán seo a bhrath agus a mharcáil agus d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag a ngearáin ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an tsaoirse faisnéise i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a bheith ag caomhnóirí agus mionaoisigh sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2022/2065 na cearta a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú thar ceann an mhionaoisigh. I dteannta an chirt chun gearán a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2022/2065, ba cheart an ceart a bheith ag mionaoisigh agus caomhnóirí ar faighteoirí na seirbhíse iad agus ag úsáideoirí córas agus ag aon chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe atá faoi réir an Rialacháin seo. Ba cheart gearáin den sórt sin a thaisceadh leis an údarás inniúil arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 27 den Bhallstát ina bhfuil faighteoir na seirbhíse lonnaithe nó bunaithe, i gcomhréir le prionsabail náisiúnta an dea-riaracháin. Maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 85 de Rialachán (AE) 2024/1689. Na féidearthachtaí chun cur in aghaidh cinntí soláthraithe ardán ar líne, níor cheart go ndéanfaidís difear ar bhealach ar bith don fhéidearthacht sásamh breithiúnach a lorg i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit lena mbaineann, agus dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfaidís difear d'fheidhmiú an chirt chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt.

(45) Chun ardleibhéal cosanta do mhionaoisigh a áirithiú, ní hamháin go bhfuil sé ag brath ar na bearta arna gcur i bhfeidhm ag soláthraithe, ach freisin, i gcás soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ar a gcumas a léiriú trí fhaireachán, tástáil agus meastóireacht iomchuí a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Caibidil III, ar cheart iad a bheith mar chuid de na measúnuithe riosca arna ndéanamh de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2022/2065. Ba cheart do sholáthraithe breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta atá ar fáil agus ar an léargas ó fhoinsí eolaíocha agus acadúla don mheastóireacht sin. Chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart le himeacht ama, ba cheart do sholáthraithe na doiciméid tacaíochta uile a bhaineann lena meastóireacht a chaomhnú ar feadh 3 bliana ar a laghad.

(46) Chun tacú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún forbairt, cur chun feidhme, athbhreithniú rialta agus oiriúnú cód iompair deonach ar leibhéal an Aontais a spreagadh agus a éascú lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, soláthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, chomh maith le húdaráis inniúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Ba cheart

cuspóirí soiléire a leagan amach sna cóid iompair sin, ba cheart gealltanais shonracha agus socruithe tuairiscithe a bheith iontu atá comhréireach le méid agus acmhainneacht na soláthraithe, agus ba cheart saintréithe sonracha na seirbhísí lena mbaineann agus riachtanais agus leasanna na bpáirtithe uile, go háirithe mionaoisigh, a léiriú go cuí iontu. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an mBord Eorpach um an Intleacht Shaorga, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, ba cheart don Choimisiún measúnú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an leor na cóid sin chun rannchuidiú le comhlíonadh an Rialacháin seo.

(47) Ar mhaithe le soiléireacht, simplíocht agus éifeachtacht, agus chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas, ionadaí dlíthiúil a ainmniú i mBallstát ina dtairgeann siad a seirbhísí nó a gcórais. Chun críoch simpliúcháin, i gcás ina bhfuil ionadaí dlíthiúil ceaptha cheana ag na soláthraithe sin faoi Rialachán (AE) 2022/2065 nó Rialachán (AE) 2024/1689, ba cheart dóibh a bheith in ann an oibleagáid sin a chomhlíonadh trí shainordú an ionadaí sin a leathnú chun na hábhair uile a chumhdach a bhaineann le cinntí arna n-eisiúint faoin Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú.

(48) I bhfianaise chineál athraitheach na rioscaí trasearnálacha a bhféadfadh go bhfágfaí mionaoisigh gan chosaint orthu laistigh den domhan ar líne, atá á spreagadh ag nuálaíocht leanúnach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na toirmisc ar chleachtais atá beartaithe, nó ar féidir a thuar go réasúnta, chun úsáid éigníoch nó iomarcach na seirbhíse ag mionaoisigh a spreagadh, na bearta lena n-áirithítear go ndeartar córais mholtóra moltaí ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach, na réamhshocruithe lena n-áirithítear cuntais mionaoiseach a shocraítear d'ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach, na bearta lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a mhéid a bhaineann le teagmhálacha idir mionaoisigh agus faighteoirí eile na seirbhíse, na bearta lena gcuirtear teorainn le hinfheictheacht aon fhaisnéise a chomhroinneann mionaoisigh agus lena n-idirghníomhaíochtaí le faighteoirí eile na seirbhíse, na bearta lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta do shláinte, do shábháilteacht, do chearta bunúsacha agus d'fholláin mionaoiseach a fhéadfaidh rochtain a fháil ar chomrádaithe IS agus ar chórais bota comhrá ghinearálta, na bearta lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach ar chluichí ar líne agus na bearta lena n-áirítear smacht do mhionaoisigh. Is é is aidhm dó sin a áirithiú go leanfaidh na bearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh de bheith éifeachtach agus go gcoinneoidh siad suas le cleachtais. Ba cheart na leasuithe sin a theorannú don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar phríobháideachas, sábháilteacht agus slándáil mionaoiseach.

(49) Chun an fhreagracht tuismitheoiríra a fhíorú chun go gcruthódh an caomhnóir cuntas ar mhaithe le mionaoiseach, ba cheart do sholáthraithe a bheith in ann úsáid a bhaint as comharthaí a eascraíonn as na bunachair sonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ar leibhéal na mBallstát, amhail iad siúd a bhaineann le clárlanna oideachais nó clárlanna breithe poiblí, gur caomhnóir an mhionaoisigh lena mbaineann é an duine fásta faoi seach. Thairis sin, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé go mbeadh comhartha ag soláthraithe cheana féin gur caomhnóir mionaoisigh é duine fásta, amhail i gcás

rannpháirtíochtaí roimhe seo leis an tseirbhís ag an mionaoiseach lena mbaineann agus ag an duine fásta lena mbaineann. Ina theannta sin, ba cheart do dhaoine fásta a bheith in ann féin-dearbhú a dhéanamh go bhfeidhmíonn siad freagracht tuismitheoiríra. I gcás ina ndéantar féin-dearbhú den sórt sin, ba cheart do sholáthraithe iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun a fhíorú gurb é an duine fásta caomhnóir an mhionaoisigh lena mbaineann. Ba cheart an fíorú sin a dhéanamh ar bhealach lena n-urramaítear prionsabail na cosanta sonraí, go háirithe íoslaghdú sonraí trí úsáid a bhaint as ‘cruthú dífhianaise’, mar a thugtar air, agus níor cheart próiseáil bhreise ar shonraí pearsanta a bheith mar thoradh air lenar féidir céannacht an duine fhásta nó an mhionaoisigh lena mbaineann a chinneadh nó a rianú. Tá an méid sin gan dochar do na bearta ba cheart don soláthraí a bheith in ann a dhéanamh chun a oibleagáid faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonadh. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú tríd an bhfianaise agus na comharthaí a d’fhéadfadh freagracht tuismitheoirí a chur in iúl a shonrú. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar cheanglais theicniúla agus oibríochtúla maidir leis an bhféidearthacht fíorú aoise an Aontais a áireamh mar uirlis chun freagracht tuismitheoirí a fhíorú.

(50) Is gá measúnú a dhéanamh ar aois an úsáideora chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach maidir le clárú le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, ardáin comhroinnte físeán atá faoi réir aois íosta, rochtain ar fheidhmchláir bogearraí atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de agus ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh trí bhearta maidir le sábháilteacht trí dhearadh. Ba cheart na modhanna a úsáidtear a bheith cruinn (ba cheart measúnú rialta a dhéanamh ar an gcruinneas sin in aghaidh méadrachtaí iomchuí, soiléire agus atá ar fáil go poiblí, faoi imthosca fíorshaoil agus ba cheart a bheith in ann úsáideoir a chomhlíonann an tairseach aoise a chinneadh i gceart), iontaofa (chun go mbeidh modh iontaofa ann, ba cheart dó teacht ó fhoinse iontaofa, a bheith ar fáil go leanúnach tráth ar bith, agus oibriú i bhfíordhálaí éagsúla), láidir (níor cheart é a bheith éasca dul timpeall air), agus níor cheart é a bheith ionsáite cunórach (gan ceangal a chur ar fhaighteoirí na seirbhíse a gcéannacht, a n-aois bheacht ná a sonraí pearsanta eile a nochtadh i gcás inar leor é a shuí gur baineadh amach tairseach aoise ábhartha) ná idirdhealaitheach (ba cheart an modh roghnaithe a bheith iomchuí agus ar fáil do gach úsáideoir gan beann ar mhíchumas, teanga, eitneach, inscne, reiligiún agus cúlra mionlaigh). I gcás nach gcomhlíonann réitigh dearbhaithe aoise na ceanglais sin, níor cheart a mheas go gcomhlíonann siad an Rialachán seo. I gcás nach gcomhlíonann réitigh dearbhaithe aoise na ceanglais sin, níor cheart a mheas go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.Ní réiteach leordhóthanach dearbhaithe aoise é féin-dearbhú ó fhaighteoirí na seirbhíse chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus níor cheart a mheas gur beart iomchuí ná éifeachtach ann féin é nuair is gá aois mionaoiseach a chosaint.

(51) Ba cheart ceanglais an Rialacháin seo maidir le dearbhú aoise a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra agus an íoslaghdaithe sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) pointí (b) agus (c) de, chomh maith leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Go háirithe, níor cheart go bhfágfadh na ceanglais sa Rialachán seo go ndéanfadh soláthraithe seirbhísí atá faoin raon feidhme níos mó sonraí pearsanta a choinneáil, a fháil nó a phróiseáil ná mar atá fíor-riachtanach go teicniúil chun a mheas an mionaoiseach é faighteoir na seirbhíse. Ina theannta sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí atá faoin raon feidhme an fhaisnéis sin a phróiseáil a thuilleadh ná í a

chomhcheangal le sonraí breise chun aon chríche eile. Ba cheart oibleagáidí cosanta sonraí a bheith infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí faoin raon feidhme agus maidir le haon tríú páirtí a bhfuil baint aige le dearbhú aoise, amhail soláthraithe réiteach dearbhaithe aoise. Chun an leibhéal is airde príobháideachais agus cosanta sonraí a áirithiú, ba cheart na réitigh dearbhaithe aoise a úsáidtear a bheith bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach agus ba cheart cruthú dífhianaise a bheith i gceist leo.

(52) Chun achrann neamhriachtanach d'úsáideoirí a sheachaint agus chun teorainn a chur leis na cásanna ina n-éilítear measúnú aoise, ba cheart do sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí agus do sholáthraithe na seirbhísí agus na gcóras atá faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil III a bheith in ann comhartha aoise a stóráil i ndáil le cuntas lena ndeimhnítear go bhfuil tairseach aoise ar leith bainte amach ag úsáideoir cheana féin. I gcás soláthraithe feidhmchlár bogearraí, ciallaíonn sé sin nach gá aon dearbhú a dhéanamh d'úsáideoirí a bhfuil sé cruthaithe ina leith cheana gur chomhlíon siad an tairseach aoise agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar fheidhmchláir bogearraí nó iad a cheannach faoi réir na tairsí céanna nó tairseach níos ísle. Ba cheart na sonraí pearsanta a phróiseáiltear sna comharthaí aoise sin a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun na críche sin agus níor cheart iad a úsáid chun aon chríche eile.

(53) Is scáth-théarma é dearbhú aoise le haghaidh modhanna éagsúla dearbhaithe aoise, lena n-áirítear fíorú aoise agus meastachán ar aois araon. Chun a áirithiú go bhfuil an aois íosta slánaithe ag faighteoirí na seirbhíse, nó i gcás ina mbaineann an tseirbhís le seirbhís atá oiriúnach do leanaí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne nó seirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoi raon feidhme na moille ar rochtain réitigh iomchuí fíoraithe aoise a chur i bhfeidhm tráth a chruthaítear cuntas. Chun comhlíonadh a éascú agus cur chuige iontaofa, idir-inoibritheach agus caomhnaithe príobháideachais a chur chun cinn maidir le fíorú aoise ar fud an Aontais, ba cheart do sholáthraithe úsáid a bhaint go heisiach as réitigh fíoraithe aoise de chuid an AontaisAE a bhraitheann ar dhearbhú um chruthúnas aoise de chuid an AontaisAE a deimhníodh a bheith i gcomhréir le ceanglais Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, a bhunaítear i Rialachán Moladh (AE) 2026/1035 ón gCoimisiún agus a liostaítear ar liosta an Aontais de réitigh fíoraithe aoise AE agus ar liosta an Aontais de sholáthraithe dearbhuithe um chruthúnas aoise san Aontas. Ba cheart do thríú páirtí neamhspleách Réiteach fíoraithe aoise AE, ar a mbraitheann na soláthraithe, a sholáthar. Leagtar amach i Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais na caighdeáin agus na critéir is gá le haghaidh fíorú aoise an-éifeachtach, agus ba cheart a mheas go gcuireann aon tríú páirtí a dheimhnítear go gcomhlíonann sé an scéim sin cruthúnais bhailí aoise ar fáil. Chun an leibhéal is airde príobháideachais, slándála, cruinnis, iontaofachta agus neamh-ionsáitneamhchunórachtea a áirithiú, measfar nach gcomhlíonann soláthraithe dhearbhuithe um chruthúas aoise agus réitigh maidir le fíorú aoise nó aon réiteach maidir le fíoraitheú aoise eile na hoibleagáidí sa Rialachán chun measúnú a dhéanamh ar an aois ná ach na Réitigh fíoraithe aoise AE agus trí dhearbhuithe um chruthúnas aoise de chuid an AontaisAE a úsáid. Ba cheart do na Réitigh fíoraithe aoise AE agus do Dhearbhuithe um chruthúnas aoise de chuid an AontaisAE Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais a chomhlíonadh, amhail Cruthú Dífhianaise a úsáid chun rianú céannachta agus nascacht ar líne a chosc. A luaithe a shuífear go gcomhlíonann soláthraithe an dearbhaithe um chruthúnas aoise agus soláthraithe na réiteach maidir le fíoraitheú aoise na ceanglais sin, agus a luaithe ago dthabharfaidh na Ballstáit fógra dóibh amhlaidhfaoi sin, ba cheart iad a liostú i liosta an Aontais de dhearbhuithe um chruthúnais aoise agus i liosta an Aontais de réitigh fíoraithe aoise AE.

(54) Chun na ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh a leagtar síos i gCaibidil III a chomhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag soláthraithe freisin réitigh mhalartacha dearbhaithe aoise a úsáid in ionad fíorú aoise, i gcás ina soláthraíonn na réitigh sin ardleibhéal cruinnis, iontaofachta, slándála, stóinseachta, neamh-ionsáiteachtaneamhchunórachta, príobháideachais agus neamh-idirdhealaithe.

(55) I gcásanna ina measann faighteoirí seirbhísí agus córas dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 go bhfuil toradh an dearbhaithe aoise mícheart, ba cheart rochtain a bheith acu ar shásra inmheánach éifeachtach um láimhseáil gearán. Leis an sásra sin, ba cheart a bheith in ann gearáin a thaisceadh trí mhodhanna leictreonacha agus saor in aisce, agus ba cheart é a bheith inrochtana go héasca agus soláimhsithe don úsáideoir. Chun sásamh éifeachtach a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe gearáin den sórt sin a láimhseáil go dícheallach, go neamhchlaonta agus gan moill mhíchuí. I gcás ina bhfuil comhartha aoise úsáideora faighte ag soláthraí córais oibriúcháin, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart don soláthraí sin, le toiliú an úsáideora, comhroinnt an chomhartha aoise sin le soláthraithe a chumasú sa raon feidhme i gcás inar gá sin chun an Rialachán seo a chomhlíonadh. Níor cheart próiseáil aon sonraí breise a bheith mar thoradh air sin ach amháin má tá géarghá léi chun an Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart an oibleagáid sin ar sholáthraithe córas oibriúcháin a bheith gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na soláthraithe measúnú agus fíorú a dhéanamh ar an aois chun a fháil amach an bhfuarthas an comhartha aoise i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

(56) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le scéim Fíoraithe Aoise an Aontais a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na sonraíochtaí is gá a leagan síos mar bhonn d'fheidhmiú Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, lena n-áirítear na nósanna imeachta chun comhréireacht réitigh fíoraithe aoise AE agus Dearbhuithe um chruthúnas aoise de chuid an Aontais ó údaráis phoiblí a léiriú agus measúnú a dhéanamh orthu.

(57) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le réitigh mhalartacha dearbhaithe aoise a chur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na ceanglais agus na sonraíochtaí is gá a shonrú chun a áirithiú go mbainfidh réiteach dearbhaithe aoise ardleibhéal cruinnis, iontaofachta, slándála, stóinseachta, neamh-ionsáiteachtaneamhchunórachta, príobháideachais agus neamh-idirdhealaithe amach agus trí na ceanglais is gá a shonrú chun comhroinnt shlán, lena gcaomhnaítear príobháideachas agus idir-inoibritheach comharthaí aoise a áirithiú.

(58) Chun feidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar an bhféidearthacht cuntas tuismitheora a chruthú ar mhaithe le mionaoiseach agus chun uirlisí a úsáid go héifeachtach do chaomhnóirí faoin Rialachán seo, ceanglaítear ar dhaoine fásta a bhfuil an fhreagracht tuismitheoirí orthu rochtain a bheith acu ar na modhanna is gá chun an fhreagracht tuismitheoirí sin a chruthú. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit modh leictreonach amháin ar a laghad lena gcaomhnaítear an príobháideachas a bhunú trínar féidir le caomhnóir fianú dearbhú freagrachta tuismitheoirí a fháil agus a chur i láthair i leith mionaoisigh. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na modhanna sin bunaithe ar fhoinsí barántúla arna mbunú faoin dlí náisiúnta, go mbeidh siad saor in aisce don chaomhnóir, agus nach mbeidh i gceist leo faisnéis maidir le freagracht tuismitheora a chur ar fáil do sholáthraithe ná don phobal thar dheimhniú go bhfuil freagracht tuismitheoirí ann. Ba cheart modhanna leictreonacha lena gcaomhnaítear príobháideachas den sórt sin a bheith inrochtana go

héifeachtach do gach caomhnóir agus mionaoiseach atá ina chónaí ar a gcríoch, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil rochtain dhigiteach theoranta nó scileanna digiteacha teoranta acu, agus daoine i staideanna leochaileacha amhail teaghlaigh dídeanaithe agus easáitithe.

(59) Níor cheart an chosaint faoin Rialachán seo a bhaint d'aon mhionaoiseach, ná níor cheart na modhanna chun í a fheidhmiú a bhaint d'aon chaomhnóir, mar gheall ar staid riaracháin, shóisialta nó chónaithe an teaghlaigh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le teaghlaigh nach léirítear a gcúinsí i ngnáth-thaifid stádais shibhialta fianuithedearbhuithe freagrachta tuismitheoirí a fháil freisin, lena n-áirítear teaghlaigh dídeanaithe agus teaghlaigh easáitithe agus caomhnóirí mionaoiseach neamhthionlactha arna gceapadh go dlíthiúil, ar bhonn cinntí nó fianuithe dearbhuithe arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla.

(60) Le fíorú éifeachtach aoise ar fud an Aontais, ceanglaítear ar fhaighteoirí na seirbhíse rochtain a bheith acu ar mhodhanna oiriúnacha chun dearbhuithe um chruthúnas aoise a fháil. Gan dearbhuithe um chruthúnas aoise a bheith ar fáil, cuirtear cosc ar fhaighteoirí na seirbhíse rochtain a fháil ar sheirbhísí toisc nach bhfuil rochtain acu ar mhodh chun a n-aois a fhíorú agus ar an gcúis sin amháin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh modhanna éagsúla ar fáil ina gcríoch chun dearbhuithe um chruthúnas aoise a fháil, amhail trí chártaí aitheantais bithmhéadracha agus pasanna bithmhéadracha, scéimeanna céannachta digití, iarratais tríú páirtí nó fíorú aoise duine le duine. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh na modhanna sin chun dearbhú um chruthúnas aoise a fháil ar a gcumas do na faighteoirí a chruthú go gcomhlíonann siad na tairseacha aoise atá leagtha síos sa Rialachán seo. Ba cheart go n-áireofaí leis seo dearbhuithe um chruthúnas aoise le haghaidh leanaí níos óige. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh réiteach fíoraithe aoise AE ar fáil saor in aisce. Ba cheart do na Ballstáit údaráis phoiblí a ainmniú chun réitigh fíoraithe aoise AE agus dearbhuithe um chruthúnas aoise AE a dheimhniú. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás poiblí atá ainmnithe ina gcríoch a chur in iúl don Choimisiún, mar aon le haon athrú ina dhiaidh sin, agus ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún freisin gan moill mhíchuí faoi réitigh fíoraithe aoise AE agus faoi dhearbhuithe um chruthúnas aoise de chuid an AontaisAE a dheimhnítear a bheith i gcomhréir le ceanglais Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, mar aon leis an deimhniú comhréireachta comhfhreagrach, chomh maith le haon deimhniú den sórt sin a chur ar fionraí nó a tharraingt siar ina dhiaidh sin. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a ráthú ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit uile aitheantas a thabhairt do réiteach fíoraithe aoise AE nó do dheimhniú dhearbhú um chruthúnas aoise de chuid an AontaisAE a deimhníodh a bheith san áireamh sna liostaí dá dtagraítear in Airteagal 30(1). Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit srian ná bac a chur ar úsáid réitigh fíoraithe aoise AE laistigh dá gcríoch, ar réiteach é a cuireadh san áireamh cheana féin sa liosta sin trí Bhallstát eile a ainmniú.

(61) Ba cheart feidhm éifeachtach a bheith ag na ceanglais aoise a bhunaítear leis an Rialachán seo maidir le cuntais nua agus cuntais atá ann cheana araon. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse agus córas atá faoi réir na haoise íosta a shuí, laistigh de thréimhse ama iomchuí, cé acu atá nó nach bhfuil an aois íosta is infheidhme bainte amach ag faighteoirí seirbhísí nó ag úsáideoirí córas a bhfuil cuntais acu cheana. Níor cheart a cheangal ar sholáthraithe fíorú aoise nua a dhéanamh i gcás inar féidir leo a shuí le hardleibhéal muiníne go bhfuil an aois íosta is infheidhme bainte amach cheana

féin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn an dáta a cruthaíodh an cuntas atá ann cheana. Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna i gcás ina gceanglaítear ar sholáthraithe measúnú a dhéanamh ar an aois chun idirdhealú a dhéanamh idir daoine fásta agus mionaoisigh chun freagracht tuismitheoirí a chinneadh agus i gcás soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí chun cosc a chur ar mhionaoisigh rochtain a fháil ar ábhar atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de nó í a cheannach nó le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme arna nglacadh i gcomhréir le feidhmchláir an Aontais atá srianta ó thaobh aoise de. Tá sé beartaithe leis an gcur chuige sin nach gceanglófar ar fhaighteoirí uile na seirbhíse dul faoi fhíorú aoise nó dearbhú aoise i gcás ina bhfuil ardleibhéal muiníne ann cheana gur duine fásta é an t-úsáideoir, mar shampla ar bhonn faisnéis iontaofa amhail trí shonraí cárta creidmheasa a fuarthas go dlisteanach roimhe sin. Ba cheart ardmhuinín a bheith bunaithe ar an bhfeidhmíocht a bhfuiltear ag súil léi sa chleachtas ar bhonn iomlán na n-úsáideoirí. Chun formhaoirseacht éifeachtach ar chur chun feidhme na gceanglas sin ag soláthraithe ardán an-mhór ar líne a éascú, ba cheart do na soláthraithe sin a leagan amach roimh ré conas atá sé beartaithe acu na ceanglais sin a chomhlíonadh maidir le cuntais atá ann cheana agus, i gcás inarb infheidhme, conas atá sé beartaithe acu brath ar na heisceachtaí ábhartha.

(62) Chun a áirithiú go ndéanfar cuntais atá ann cheana a thabhairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí aoise íosta, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne plean mionsonraithe cur chun feidhme a chur faoi bhráid an údaráis inniúil roimh dhul in éag na tréimhse ama 6 mhí, lena gcomhthacófar leis an ardleibhéal muiníne is gá. Chuige sin, ba cheart tuairisc scéimreach a leagan amach sa phlean ar an bpíblíne próisis iomlán a úsáidtear chun aois na n-úsáideoirí atá ann cheana a chinneadh, mar aon le cuntas soiléir ar gach uirlis theicniúil nó beart teicniúil agus ar na rialacha cinnteoireachta foluiteacha. I gcás inarb ábhartha, ba cheart tacú leis le fianaise láidir ar fheidhmíocht in imthosca fíorshaoil a dhíorthaítear ó shampla atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de den bhonn úsáideoirí iomlán – ba cheart ionadaíochas an tsampla i ndáil leis na comharthaí aoise ábhartha a léiriú – agus ba cheart cruinneas, beachtas agus aisghairm a chur i láthair d'fhaighteoirí faoi aois chomh maith le maitrís lánmhearbhaill le buicéid aoise ghráinneacha, mar aon le tuairisc ar an gcaoi a bhfuarthas an sampla agus na lipéid aoise. I gcás ina mbraitear ar bhliain chruthú na gcuntas mar mhaolú, ba cheart fianaise eimpíreach a sholáthar sa phlean freisin mar aon leis an muinín staidrimh gur leor an comhartha aonair sin chun a thuiscint go bhfuil an aois íosta is infheidhme bainte amach ag an úsáideoir. Ba cheart achoimre a thabhairt sa phlean freisin ar an gcaoi a ndéanfaidh an soláthraí faireachán gur baineadh amach an fheidhmíocht a rabhthas ag súil léi, mar shampla trí iniúchadh iar-chur chun feidhme. Ar deireadh, ba cheart a léiriú sa phlean go n-urramaíonn na bearta atá beartaithe prionsabail ghinearálta an Rialacháin seo, lena n-áirítear cruinneas, iontaofacht, slándáil, stóinseacht, neamhchunórachtneamhionsáiteacht, príobháideachas agus neamh-idirdhealú.

(63) Ag aithint dóibh go n-éilíonn cosaint éifeachtach mionaoiseach ní hamháin bearta rialála ach feasacht, oideachas agus cumhachtú freisin, ba cheart do na Ballstáit straitéisí náisiúnta a bhunú ag tógáil ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa na Réigiún agus chuig Coiste na Réigiún: Deacáid dhigiteach do leanaí agus don óige: an straitéis Eorpach nua i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+) an 11 Bealtaine 2022 agus a líonra d'Ionaid um Idirlíon Níos Sábháilte le gníomhaíochtaí feasachta, línte cabhrach a thacaíonn le leanaí, caomhnóirí agus oideoirí agus beolínte chun ábhar neamhdhleathach amhrasta a thuairisciú. Go

háirithe, ba cheart do na Ballstáit forbairt scileanna litearthachta digití mionaoiseach a chur chun cinn ionas go mbeidh siad in ann, faoin am a bhainfidh siad an aois íosta amach, tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ar líne a chumhdaítear leis an Rialachán seo, seirbhísí agus córais dhigiteacha a úsáid go sábháilte agus go criticiúil, agus úsáid eolasach a bhaint as na cosaintí, na socruithe agus na huirlisí a cheanglaítear ar sholáthraithe a chur ar fáil. Ba cheart rochtain éasca, shaor agus rúnda a bheith ag mionaoisigh, agus ag a gcaomhnóirí, ar an leibhéal náisiúnta ar bhealaí trínar féidir le mionaoisigh cúnamh a lorg i ndáil leis na díobhálacha a dtugtar aghaidh orthu leis an Rialachán seo, lena n-áirítear teagmháil gan iarraidh agus cibearbhulaíocht i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta 'Níos sábháilte ar líne, níos láidre le chéile' an 10 Feabhra 2026. Ba cheart na bealaí sin a bheith ina gcomhlánú ar na huirlisí tuairiscithe agus tacaíochta a sholáthraítear de bhun an Rialacháin seo, ba cheart iad a bheith in ann cúnamh tapa a sholáthar, agus mionaoisigh a dhíriú chuig tuilleadh foinsí tacaíochta atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart go bhféadfaí tacú leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhéanann na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte, le cistiú ón Aontas a chuirtear ar fáil faoi chláir agus ionstraimí ábhartha an Aontais a bhunaítear faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil, amhail na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach, ba cheart do na Ballstáit na bearta arna ndéanamh a chur in iúl don Choimisiún, agus ba cheart don Choimisiún malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú.

(64) Ba cheart forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2022/2065 a shonrú sa Rialachán seo. Chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag Caibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065 a mhéid a rialaítear leis na forálacha ábhartha soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi raon feidhme an Rialacháin sin. Ba cheart cumhachtaí eisiacha a bheith ag an gCoimisiún chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le soláthraithe ardán an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065.

(65) Ar an gcaoi chéanna, chun forluí a sheachaint agus comhsheasmhacht a áirithiú leis an gcreat cothrománach atá ann cheana is infheidhme maidir le córais IS faoi Rialachán (AE) 2024/1689, ba cheart forfheidhmiú na gceanglas sábháilteachta sonrach dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a bheith bunaithe ar an gcreat maoirseachta agus forfheidhmiúcháin agus ar na nósanna imeachta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1689.

(66) Tá soláthraithe cluichí ar líne ar ardáin físchluichíochta iad faoi réir an struchtúir maoirseachta agus forfheidhmithe de bhun Rialachán (AE) 2022/2065. Chun comhleanúnachas le forfheidhmiú faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe cluichí ar líne ar físchluichí iad a bheith ina údarás inniúil de chuid Bhallstát phríomhbhunaíocht an tsoláthraí.

(67) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a eascraíonn as léirmhínithe náisiúnta éagsúla a sheachaint, níor cheart d'údaráis na mBallstát cinntí a ghlacadh a thagann salach ar chinneadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún, do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus do na

húdaráis inniúla, i gcás inarb infheidhme, oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú chun forfheidhmiú comhleanúnach, éifeachtach agus comhlántach an Rialacháin seo a áirithiú ar thaobh amháin, agus Rialacháin (AE) 2022/2065 agus 2024/1689 ar an taobh eile, lena n-áirítear trí tharraingt ar na sásraí comhair agus comhsheasmhachta a bhunaítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065.

(68) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún cinneadh críochnaitheach a ghlacadh laistigh de 90 lá ó thionscnamh na n-imeachtaí i gcás sáruithe amhrasta ar an Rialachán seo. Ba cheart dó a réamhchinntí a chur in iúl freisin don soláthraí lena mbaineann laistigh de 30 lá ó imeachtaí a thionscnamh.

(69) Ba cheart na hacmhainní riachtanacha uile a bheith ag an gCoimisiún, ó thaobh foirne, saineolais agus acmhainní airgeadais de, chun a chúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo. Chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ar fáil chun maoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais faoin Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún táille mhaoirseachta bhliantúil a ghearradh, ar cheart a leibhéal a bhunú ar bhonn bliantúil, ar sholáthraithe seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, siopaí feidhmchlár bogearraí agus comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, a bhfuil an inniúlacht aige maoirseacht a dhéanamh orthu maidir le comhlíonadh Chaibidlí II go V den Rialachán seo agus a ainmnítear mar ardáin an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065. Ba cheart an táille mhaoirseachta bhliantúil a cheanglaítear chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i leith na soláthraithe sin a chomhtháthú sa táille mhaoirseachta a ghearrtar ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne den sórt sin de bhun Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2065. Ar an gcaoi chéanna leis an táille mhaoirseachta sin, ba cheart acmhainní daonna breise sa Choimisiún a chumhdach leis na hioncaim shannta sheachtracha a eascraíonn as an táille mhaoirseachta bhliantúil faoin Rialachán seo, lena n-áirítear oifigigh, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta. Ar deireadh, ba cheart an uasteorainn ar an táille mhaoirseachta a thugtar isteach sa Rialachán seo a dhéanamh in éineacht leis an uasteorainn a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 agus ba cheart a áirithiú léi gur leor acmhainní foriomlána an Choimisiúin chun a chúraimí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2022/2065 a dhéanamh.

(70) Ba cheart a áireamh i méid foriomlán na táille maoirseachta bliantúla faoin Rialachán seo costais a bhaineann le feidhmiú chumhachtaí agus chúraimí sonracha an Choimisiúin maidir le maoirseacht, faireachán, imscrúdú agus forfheidhmiú i leith sholáthraithe na n-ardán an-mhór ar líne agus na n-inneall cuardaigh a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Go sonrach, ba cheart a chuimsiú ann na costais a bhaineann le Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais a chur ar bun, a chothabháil agus a oibriú, lena n-áirítear cistiú a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le réiteach fíoraithe aoise AE a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais agus le saineolas agus cumais a fhorbairt de bhun Airteagal 36. Níor cheart, áfach, go rachadh an táille mhaoirseachta bhliantúil aonair thar uasteorainn fhoriomlán do sholáthraithe uile ardán an-mhór ar líne, agus acmhainneacht eacnamaíoch sholáthraí na seirbhíse nó na seirbhísí ainmnithe á cur san áireamh.

(71) Ba cheart don Choimisiún na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2065 a chur i bhfeidhm agus an táille mhaoirseachta bhliantúil á gearradh aige faoin Rialachán seo.

(72) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé leanaí a chosaint, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus leis an mBord, saineolas

agus cumais an Aontais a fhorbairt maidir a mhéid a bhaineann le maoirseacht ar sheirbhísí faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(73) I bhfianaise a thábhachtaí atá tionchar na seirbhísí agus na gcóras faoi raon feidhme an Rialacháin seo ar chosaint mionaoiseach, d'fhéadfadh mainneachtain na soláthraithe ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú agus na hoibleagáidí sonracha is infheidhme maidir leo a chomhlíonadh difear tromchúiseach a dhéanamh go tapa do líon substaintiúil mionaoiseach a úsáideann a seirbhísí nó a gcórais ar fud na mBallstát éagsúil agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le díobháil shuntasach, agus d'fhéadfadh clistí den sórt sin a bheith an-chasta freisin chun iad a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go tráthúil. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, saineolas agus cumais an Aontais a fhorbairt, lena n-áirítear líonraí comhroinnte eolais a bhunú, chun freagairt go tapa do theagmhais den sórt sin a dhéanann difear do chosaint mionaoiseach. Ba cheart teagmhais den sórt sin a thuiscint mar chásanna atá ag athrú go tapa agus a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas, a bhfuil gné ar líne ag baint leo agus a dtoimhdítear go bhfuil nasc acu le raon feidhme an Rialacháin seo, a mbíonn tionchar tromchúiseach agus diúltach acu ar phríobháideachas, sábháilteacht, slándáil nó sláinte agus folláine mionaoiseach ar leis an tseirbhís san Aontas iad, agus a dteastaíonn freagairt láithreach ina leith, amhail dúshláin chontúirteacha nó dhíobhálacha atá i gcúrsaíocht i measc mionaoiseach agus a bhfuil riosca láithreach ag baint leo. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, a bheith in ann comhordú a dhéanamh le húdaráis inniúla agus brath ar a saineolas agus ar a n-acmhainní, mar shampla trí anailís a dhéanamh, ar bhonn buan nó sealadach, ar threochtaí nó ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis na cásanna sin atá ag athrú go tapa agus a mbíonn tionchar acu ar shláinte, ar leas, ar phríobháideachas agus ar shábháilteacht mionaoiseach. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún chun na cumais sin a fhorbairt, lena n-áirítear trí phearsanra a thabhairt ar iasacht i gcás inarb iomchuí, agus trí rannchuidiú le hacmhainneacht choiteann mhaoirseachta de chuid an Aontais a chruthú, chomh maith le socrú riaracháin lena leagtar amach nósanna imeachta chun mearfhreagairt a éascú i gcás teagmhais a dhéanann difear do chosaint mionaoiseach. Ba cheart do na Ballstáit íosleibhéil ullmhachta a bhunú d'údaráis náisiúnta chun bealaí cumarsáide rialta a áirithiú idir údaráis náisiúnta ábhartha agus tríú páirtithe agus prótacail ábhartha maidir le freagairt ar theagmhais a mhapáil agus, i gcás inarb ábhartha, a mhapáil ar an leibhéal náisiúnta.

(74) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta leanaí, a shainaithnítear sa Chairt agus na cearta bunúsacha ar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais iad. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta bunúsacha sin, go háirithe urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, le cosaint sonraí pearsanta a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chairt, le saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt, le neamh-idirdhealú a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt, le hurraim ar chearta an linbh a chumhdaítear in Airteagal 24 den Chairt. Le linn dóibh na cumhachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a fheidhmiú, ba cheart do gach údarás poiblí lena mbaineann, i gcásanna ina bhfuil coinbhleacht idir na cearta bunúsacha ábhartha, cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na cearta lena mbaineann, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

(75) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú, a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall nach

féidir leo an comhchuibhiú agus an comhar is gá a bhaint amach trí fheidhmiú astu féin, agus, de bharr raon feidhme críochach agus pearsanta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(76) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus thug sé a thuairim uaidh an [DÁTA].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 – Ábhar

Leis an Rialachán seo, rannchuidítear le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus áirithítear ardleibhéal cosanta do mhionaoisigh ar líne san Aontas trí rialacha comhchuibhithe a leagan amach maidir le timpeallacht shábháilte agus chumhachtaithe ar líne do mhionaoisigh, lena n-áirítear prionsabal na cosanta tomhaltóirí. Sonraítear agus comhlánaítear leis Rialachán (AE) 2022/2065, agus comhlánaítear leis Rialachán (AE) 2024/1689. Go háirithe, bunaítear an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:

(a) aois íosta chomhchuibhithe chun cuntas a chruthú le seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne agus le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán;

(b) ceanglais sábháilteachta chomhchuibhithe maidir le seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ardáin físchluichíochta agus siopaí feidhmchlár bogearraí agus ceanglais sábháilteachta chomhchuibhithe chun mionaoisigh a chosaint ar líne i dtaca le físchluichí, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta;

(c) rialacha comhchuibhithe maidir le dearbhú aoise ar líne.

Airteagal 2 – Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe na seirbhísí nó na gcóras seo a leanas a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu:

   (a) seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne;

   (b) seirbhísí ardáin comhroinnte físeán;

   (c) siopaí feidhmchlár bogearraí;

   (d) cluichí ar líne;

   (e) córais oibriúcháin;

   (f) comrádaithe IS;

   (g) botaí comhrá ginearálta.

2. I gcás na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (e), tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí gan beann ar an áit ina bhfuil a n-áit bhunaíochta

acu i gcás ina dtairgeann siad na seirbhísí sin d'fhaighteoirí na seirbhíse a bhfuil a n-áit bhunaíochta acu san Aontas nó atá lonnaithe ann.

3. Maidir leis na córais IS dá dtagraítear i mír 1, pointí (f) agus (g), tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe a chuireann na córais IS sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse san Aontas, gan beann ar an áit a bhfuil na soláthraithe sin bunaithe nó lonnaithe.

4. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe aon cheann de na nithe seo a leanas:

   (a) ciclipéidí seachbhrabúsacha ar líne;

   (b) stórtha oideachais agus eolaíochta seachbhrabúsacha;

   (c) seirbhísí agus córais atá deartha go príomha chun críocha oideachais, agus atá á n-oibriú ag forais nó eagraíochtaí oideachais, nó thar a gceann;

   (d) ardáin forbartha agus comhroinnte bogearraí foinse oscailte, ach amháin más córas IS é an t-ardán féin faoi raon feidhme an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 2024/1689;

   (e) seirbhísí agus córais arna bhforbairt agus arna n-oibriú go sonrach chun críche taighde agus forbartha eolaíche agus chun na críche sin amháin;

   (f) seirbhísí agus córais arna ndearadh, arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag údaráis phoiblí agus lena n-úsáid go heisiach ag na húdaráis phoiblí sin nó thar a gceann.

5. I gcás ina bhfuil údar cuí leis i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do phríobháideachas, do shábháilteacht agus do shlándáil mionaoiseach a bhaineann le seirbhís nó le córas nó i gcás ina bhfuil riosca den sórt sin ag baint le seirbhís nó le córas atá coibhéiseach leis na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí nó leis na córais dá dtagraítear cheana i mír 4, nó níos lú ná na rioscaí sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 chun mír 4 den Airteagal seo a leasú trí sheirbhísí nó córais de chineálacha eile a chur le liosta na seirbhísí nó na gcóras díolmhaithe nó trí sheirbhísí nó córais a bhaint den liosta sin.

6. Soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus ardán físchluichíochta faoi réir Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, measfar go gcomhlíonann siad an tAirteagal sin maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le córais IS a úsáidtear mar fheidhmiúlacht de chuid ardán ar líne faoi raon feidhme Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 i soláthar na seirbhíse sin.

7. Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialáiltear gnéithe eile de sholáthar seirbhísí idirghabhálacha agus reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le córais IS sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear iad seo a leanas:

   (a) Treoir 2010/13/AE[8];

[8] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj).

(b) Dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí, lena n-áirítear Treoracha 2005/29/CE, 2011/83/AE, (AE) 2019/770, Treoir 93/13/CEE ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) 2019/1020, (AE) 2023/988 agus (AE) 2024/1689;

(c) Dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE;

(d) Treoir (AE) 2024/1385[9].

Airteagal 3 – Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar 'ardán ar líne', 'faighteoir na seirbhíse', 'comhéadan ar líne', 'córas moltaí' a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2065.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar 'seirbhís líonraithe shóisialta ar líne', 'seirbhís ardáin comhroinnte físeán' agus 'siopa feidhmchlár bogearraí' a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/1925. Measfar gur 'ardán ar líne' iad na seirbhísí sin de réir bhrí Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán (AE) 2022/2065 chun críoch an Rialacháin seo.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe 'córas IS' agus 'córas IS ilchuspóireach' a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1689; beidh feidhm ag an sainmhíniú ar 'sholáthraí' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), den Rialachán sin maidir le córais IS a rialaítear leis an Rialachán seo.

4. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar 'chóras oibriúcháin' a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2022/1925.

5. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe breise seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'mionaoiseach' nó 'leanbh' aon duine nádúrtha faoi bhun 18 mbliana d'aois;

(b) ciallaíonn 'caomhnóir' aon duine ag a bhfuil freagracht tuismitheora as mionaoiseach de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

(c) ciallaíonn 'comrádaí IS' córas IS, lena n-áirítear córas IS ilchuspóireach, lena soláthraítear idirghníomhaíocht nó comhluadar marthanach pearsantaithe lena n-ionsamhlaítear nó lena n-éascaítear caidreamh sóisialta, mothúchánach nó idirphearsanta le húsáideoir;

(d) ciallaíonn 'bota comhrá ginearálta' córas IS ilchuspóireach ag a bhfuil feidhmiúlachtaí comhrá ginearálta le haghaidh idirghníomhaíocht dhíreach le húsáideoirí atá in ann cúnamh a sholáthar thar réimsí agus cúraimí éagsúla; eisiatar leis an sainmhíniú sin córais IS a bhfuil a bhfeidhmiúlacht chomhrá teoranta do sheirbhís speisialaithe, do thasc nó do thacar réamhshainithe feidhmeanna, lena n-áirítear seirbhís speisialaithe do chustaiméirí, oibriú gnó, tacaíocht theicniúil, feidhmchláir idirbheartaíochta, oideachais, aisghabhála faisnéise, thionsclaíocha nó mhonaraíochta IS;

(e) ciallaíonn 'cluichí ar líne' físchluichí nó ardáin físchluichíochta;

[9] Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 24.5.2024, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj).

(f) ciallaíonn ‘físchluiche’ seirbhís de chuid na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2015/1535, lena gceadaítear d’fhaighteoirí na seirbhíse a bheith rannpháirteach, trí bhíthin feidhmchlár arna rochtain go háitiúil nó go cianda, lena n-áirítear trí mheán marthanach a úsáid agus lena mbaineann idirghníomhaíocht le comhéadan úsáideora nó le feiste ionchuir chun aiseolas amhairc a ghiniúint ó ghaireas taispeána i dtimpeallacht ionsamhlaithe chun críoch súgartha nó siamsaíochta;

(g) ciallaíonn ‘ardán físchluichíochta’ ‘ardán ar líne’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065, lena mbaineann idirghníomhaíocht le comhéadan úsáideora nó gaireas ionchuir chun aiseolas amhairc a ghiniúint ó ghaireas taispeána i dtimpeallacht ionsamhlaithe [chun críoch súgartha nó siamsaíochta];

(h) ciallaíonn ‘fíorú aoise’ próiseas nó córas chun a shuí, le hardleibhéal cinnteachta, ar bhain faighteoir nó úsáideoir córais seirbhíse aois shonrach nó tairseach aoise sonraí amach, ar bhonn faisnéise a dhíorthaítear ó dhoiciméid aitheantais nó ó fhoinsí iontaofa físoraithe eile sainaitheantais;

(i) ciallaíonn ‘dearbhú aoise’ an tacar modhanna is féidir a úsáid chun aois duine nádúrtha a chinneadh, a mheas nó a fhíorú, lena gcuimsítear meastachán aoise agus fíorú aoise agus gan féindearbhú ó fhaighteoirí na seirbhíse a áireamh;

(j) ciallaíonn ‘comhartha aoise’ aon sonraí, tréith, ceadchomhartha, dintiúr, nó faisnéis eile a sholáthraítear, a tharchuirtear, nó a ghintear chun aois shonrach, tairseach aoise, nó raon aoise duine aonair a bhunú, a fhíorú nó a léiriú;

(k) ciallaíonn ‘réiteach físoraithe aoise AE’ réiteach físoraithe aoise a chomhlíonann ceanglais Scéim Físoraithe Aoise an Aontais agus atá deimhnithe ag údarás poiblí agus atá san áireamh i liosta an Aontais de réitigh físoraithe aoise AE tar éis fógra a fháil ó Bhallstát;

(l) ciallaíonn ‘liosta an Aontais de sholáthraithe dearbhuithe um chruthúnas aoise san Aontas’ an liosta arna bhunú agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún de sholáthraithe a eisíonn dearbhuithe AE um chruthúnas aoise;

(m) ciallaíonn ‘liosta an Aontais de réitigh físoraithe aoise AE’ an liosta arna bhunú agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún de réitigh físoraithe aoise an Aontais a dheimhnítear a bheith i gcomhréir le Scéim Físoraithe Aoise an Aontais agus ar thug na Ballstáit fógra ina leith;

(n) ciallaíonn ‘Scéim Físoraithe Aoise an Aontais’ scéim le haghaidh dearbhú saintréithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4) de Rialachán cur chun feidhme (AE) 2025/1569 ón gCoimisiún leis na rialacha is infheidhme maidir le soláthraithe réitigh físoraithe aoise an Aontais agus cruthúnas aoise an Aontais, a bhformheas agus a n-áireamh ar liosta an Aontais de sholáthraithe dearbhuithe um chruthúnas aoise san Aontas agus deimhniú réitigh físoraithe aoise an Aontais lena n-áireamh ar liosta an Aontais de réitigh físoraithe aoise AE;

(o) ciallaíonn ‘dearbhú um chruthúnas aoise’ ríomhdhearbhú saintréithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(44) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lenar féidir a fhíordheimhniú go gcomhlíonann a shealbhóir aois, tairseach aoise nó raon aoise ar leith;

(p) ciallaíonn ‘uirlisí do chaomhnóirí’ bogearraí, gnéithe, feidhmiúlachtaí nó feidhmchláir atá ceaptha chun cabhrú le caomhnóirí gníomhaíocht ar líne mionaoiseach a thionlacan chun a bpríobháideachas, a sábháilteacht agus a bhfolláine a áirithiú.

Airteagal 4 – Imchéimniú a chosc

Soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, siopaí feidhmchlár bogearraí, córas oibriúcháin, comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta:

(a) ní ghabhfaidh siad d’aon iompar a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh éifeachtach a n-oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo beag beann ar cibé acu an iompar de chineál conarthach, tráchtála nó teicniúil é, nó de chineál ar bith eile, nó arb é atá ann teicnící iompraíochta nó dearadh comhéadain a úsáid;

(b) déanfar toirmeasc ar aon ghníomhaíochtaí eile a dhéanamh go feasach agus d’aon ghnó arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, dul timpeall ar a n-oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo, d’fhonn comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a sheachaint.

Airteagal 5 – Fógra a thabhairt faoi phlean comhlíontachta agus iniúchadh neamhspleách a dhéanamh air

1. Laistigh de 4 mhí tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh lena n-ainmnítear iad mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, tabharfaidh na soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a ainmníodh mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 fógra don Choimisiún faoi phlean comhlíontachta ina dtugtar tuairisc ar bhealach mionsonraithe ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo.

   I gcás soláthraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír atá ainmnithe cheana mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, tabharfar an fógra sin laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

   Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 34 (3) de Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le doiciméid tacaíochta na bhfógraí sin.

2. Chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 leis na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V, déanfaidh na soláthraithe sin, ar a gcostas féin, iniúchadh a choimisiúnú ar an bplean comhlíontachta ar thug iniúchóir neamhspleách amháin nó níos mó fógra ina leith de bhun mhír 1. Beidh saineolaithe ag na hiniúchóirí neamhspleácha, nó coinneoidh siad saineolaithe a bhfuil saineolas cruthaithe acu sna réimsí seo a leanas atá ábhartha do chosaint mionaoiseach:

   (a) cosaint agus cearta an linbh;

   (b) leigheas péidiatraiceach agus síciatracht leanaí;

   (c) eolaíocht fhorbarthach;

   (d) dearbhú aoise;

   (e) an dearadh ar chomhéadain ar líne agus córais moltaí;

(f) cosaint agus slándáil sonraí.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 37(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2022/2065 maidir leis na hiniúchtaí a dhéantar de bhun an Airteagail seo agus maidir leis na hiniúchóirí neamhspleácha agus aon saineolaí a choinníonn siad. Is é an soláthraí lena mbaineann a íocfaidh as costais an iniúchta. Ní rachaidh na costais sin thar rátaí an mhargaidh le haghaidh measúnuithe inchomparáide ag na hiniúchóirí.

Comhoibreoidh na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 leis na hiniúchóirí neamhspleácha agus tabharfaidh siad rochtain dóibh ar an bhfaisnéis, na sonraí, na doiciméid agus an pearsanra uile is ábhartha chun an t-iniúchadh a dhéanamh.

Áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar aon fhostaí nó conraitheoir a rinne cumarsáid leis an iniúchóir neamhspleách a chosaint ar aon ghníomh díobhálach a dhéanfaidh an soláthraí.

4. Déanfaidh na hiniúchóirí neamhspleácha arna gcoimisiúnú ag an soláthraí de bhun mhír 2 an méid seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar na pleananna comhlíontachta arna dtíolacadh ag na soláthraithe de bhun mhír 1 i bhfianaise na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V;

(b) dréacht-tuarascáil a tharchur chuig an soláthraí, a fhéadfaidh barúlacha a chur isteach laistigh de 15 lá ón tuarascáil a fháil;

(c) tuarascáil chríochnaitheach a eisiúint, agus aon bharúil a fhaightear de bhun phointe (b) á cur san áireamh, go comhuaineach chuig an gCoimisiún agus chuig an soláthraí, laistigh de 2 mhí ón bplean comhlíontachta a fháil, ina sainaithneofar aon easnamh sna bearta comhlíontachta a dtugtar tuairisc orthu ann.

5. Foilseoidh an soláthraí lena mbaineann, gan moill mhíchuí tar éis dó í a fháil, achoimre ar an tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), nach mbeidh faisnéis rúnda inti.

6. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún trí bhíthin cinneadh ar bhonn na tuarascála críochnaithí dá dtagraítear i mír 4, pointe (c) go bhfuil easnaimh sa phlean comhlíontachta, cuirfidh an soláthraí lena mbaineann plean gníomhaíochta ceartaithí faoi bhráid an Choimisiúin agus an iniúchóra neamhspleách laistigh de 30 lá tar éis dó an cinneadh ón gCoimisiún a fháil ina sainaithneofar beart ceartaitheach amháin nó níos mó le haghaidh gach easnaimh a sainaithníodh.

Sainaithneoidh an soláthraí freisin tréimhse réasúnta, nach mbeidh níos faide ná 60 lá, chun gach beart ceartaitheach sa phlean gníomhaíochta ceartaithí a chur chun feidhme.

Fíoróidh an t-iniúchóir neamhspleách cur chun feidhme na mbeart ceartaitheach agus tuairisceoidh sé ina leith sin don Choimisiún agus don soláthraí lena mbaineann.

7. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 leis na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo, beidh an Coimisiún i dteideal an plean comhlíontachta dá dtagraítear i mír 1, an tuarascáil deiridh dá dtagraítear i mír 4, pointe (c) agus aon bhearta ceartaitheacha a chuirtear in iúl de bhun mhír 6 nó aon fhaisnéis eile a mheasann an Coimisiún a bheith ábhartha a mheas.

8. Ní hionann an tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), ná aon ghníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta ón gCoimisiún i ndáil leis an tuarascáil chríochnaitheach sin nó leis an bplean comhlíontachta agus toradh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo, ná ní chuirfidh siad teorainn le cumhachtaí an Choimisiúin faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

9. Tuairisceoidh soláthraithe go bliantúil, tar éis an chéad fhógra de bhun mhír 1, maidir lena gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo mar chuid dá measúnuithe riosca bliantúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2022/2065.

   Áireofar comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II go V den Rialachán seo sna hiniúchtaí neamhspleácha a dhéantar de bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2022/2065.

10. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2022/2065, lena n-áirítear an chumhacht bearta eatramhacha a ghlacadh.

11. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos teimpléid agus modheolaíochtaí le haghaidh na n-iniúchtaí a dhéantar de bhun an Airteagail seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39.

CAIBIDIL II – CRUTHÚ AGUS ÚSÁID MHOILLITHE CUNTAS DO MHIONAOISIGH AR SHEIRBHÍSÍ LÍONRAITHE SHÓISIALTA AR LÍNE AGUS AR SHEIRBHÍSÍ ARDÁIN COMHROINNTE FÍSEÁN

ROINN I – Rochtain mhoillithe do mhionaoisigh

Airteagal 6 – Cruthú agus úsáid mhoillithe cuntas

1. Ní cheadóidh soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán do dhuine nádúrtha faoi bhun 15 bliana d'aois cuntas a chruthú leis an tseirbhís sin ná rochtain a fháil ar an tseirbhís sin trí chuntas, arna chruthú don duine sin nó arna shannadh dó, i gcás ina bhfuil an tseirbhís ina riosca do phríobháideachas, sábháilteacht nó slándáil mionaoisigh faoi bhun na haoise sin.

   Measfar gur seirbhís lena mbaineann riosca do phríobháideachas, do shábháilteacht nó do shlándáil mionaoiseach faoi bhun 15 bliana d'aois í seirbhís i gcás ina gcomhlíonann sí aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

   (d) cuireann sí ar chumas faighteoirí a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís trí chuntas inneachar a tharchur i bhfíor-am chuig líon neamhchinntithe d'fhaighteoirí eile na seirbhíse, lena n-áirítear trí bheoshruthú inneachair chlosamhairc;

   (e) cuireann sí a gcumas d'fhaighteoirí a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís trí chuntas dul i dteagmháil le faighteoirí eile na seirbhíse, cumarsáid a dhéanamh leo agus idirghníomhú leo ar shlí eile, ar faighteoirí iad nach cuid iad de naisc ná de shíntiúis atá ag an bhfaighteoir cheana féin;

(f) úsáideann sí córas moltaí atá bunaithe ar phróifíliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Rialachán (AE) 2016/679;

(g) úsáideann sí córas moltaí lena moltar nó lena dtugtar tosaíocht d'fhaighteoir a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís trí mholtaí maidir le teagmháil le cuntas nó trí fhaisnéis nár sholáthair ceann de na naisc nó de na síntiúis atá ag an bhfaighteoir cheana féin;

(h) déanann sí feidhmiúlachtaí, cineálacha deartha comhéadain nó saintréithe a chur in úsáid nó a chur i láthair atá beartaithe, nó ar féidir a thuar go réasúnta go bhfuil sé beartaithe, chun tomhaltas ábhair gan bhriseadh a chumasú, lena ndreasaítear idirghníomhaíochtaí leis an tseirbhís nó le hábhar nó faighteoirí eile na seirbhíse, nó lena dtarchuirtear fógraí uathoibrithe atá ceaptha chun spreagadh a thabhairt don úsáideoir tosú nó atosú ar úsáid na seirbhíse.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán cead a thabhairt do chaomhnóirí cuntais a chur ar bun do mhionaoisigh os cionn 13 bliana d'aois agus faoi bhun 15 bliana d'aois a bhfuil gnéithe teoranta acu ionas go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar an tseirbhís trí bhíthin cuntas teoranta den sórt sin. Comhlíonfaidh na cuntais sin na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) beidh na huirlisí do chaomhnóirí dá bhforáiltear in Airteagal 20 gníomhachtaithe i gcónaí;

(b) cuirfear ar chumas caomhnóirí uasteorainn a leagan síos ar an méid ama sa lá ar féidir rochtain a fháil ar an tseirbhís nó ar an gcóras tríd an gcuntas sin, teorainn nach rachaidh thar uair an chloig in aghaidh an lae;

(c) cuirfear ar chumas caomhnóirí teagmhálacha nua a d'fhéadfadh a bheith ann a fhormheas roimh ré agus uasteorainn a leagan síos ar líon na bhfaighteoirí nó na n-úsáideoirí eile a bheidh i liosta teagmhálacha an chuntais.

3. Agus cuntas á chruthú do mhionaoiseach de bhun mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh soláthraí seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta chun a shuí an duine a bhfuil freagracht tuismitheora ar an mionaoiseach sin é an duine a chruthaíonn an cuntas i gcomhréir le hAirteagal 26 agus fioróidh sé go bhfuil 13 bliana d'aois slánaithe ag faighteoir na seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 28(1).

4. Soláthraithe seirbhísí a thagann faoi raon feidhme mhír 1 den Airteagal seo, suífidh siad, faoi 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, an bhfuil sealbhóirí cuntas atá ann cheana agus a úsáidtear chun rochtain a fháil ar a seirbhís faoi bhun 15 bliana d'aois. I gcás ina mbunaítear go bhfuil sealbhóirí cuntas atá ann cheana faoi bhun 15 bliana d'aois, díchumasóidh soláthraithe seirbhísí lena mbaineann cuntais fhaighteoirí nó úsáideoirí na seirbhíse a bunaíodh a bheith faoi bhun na haoise sin nó nach féidir an aois a bhunú ina leith.

5. I gcás ina ndéanann soláthraithe seirbhísí a thagann faoi raon feidhme mhír 1 sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a leagtar amach san Airteagal seo i gcomhthráth leis na teorainneacha aoise dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán sin.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 40, chun an Rialachán seo a leasú trí na coinníollacha i mír 1 den

Airteagal seo a mhodhnú agus a chomhlánú, chun gnéithe agus feidhmiúlachtaí nua nó athruithe ar ghnéithe nó feidhmiúlachtaí atá ann cheana a chur san áireamh a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo do phríobháideachas, sábháilteacht agus slándáil mionaoiseach ar líne atá coibhéiseach leis na rioscaí a bhaineann leis na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

Roinn II – Rochtain faoi rialú caomhnóra do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois

Airteagal 7 – Rochtain faoi rialú caomhnóra do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois

1. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a bhfuil a seirbhís deartha go sonrach do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois a chur ar chumas caomhnóra, ar bhonn eisceachtúil, rochtain theoranta ar an tseirbhís a thabhairt do mhionaoiseach faoi bhun 13 bliana d'aois trí chuntas an chaomhnóra féin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) is trí chuntas an chaomhnóra féin, agus tríd an gcuntas sin amháin, a thabharfar an rochtain sin faoi rialú caomhnóra, agus ní chruthófar aon chuntas don mhionaoiseach ná ní shannfar aon chuntas don mhionaoiseach;

   (b) déanfar an rochtain sin a chumasú agus a rialú trí bhíthin na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20 nó trí shocruithe rialaithe tuismitheora eile i gcuntas an chaomhnóra nó ar ghléas an chaomhnóra;

   (c) ceadóidh an soláthraí go sainráite, ina théarmaí agus coinníollacha, rochtain do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois, lena sonraítear go soiléir ann raon aoise mionaoiseach a gceadaítear rochtain dóibh faoi réir formheas ó chaomhnóirí;

   (d) beidh measúnú déanta agus foilsithe ag an soláthraí, i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Bhallstáit ar a laghad agus i roinn dá chomhéadan ar líne atá ar fáil go poiblí, ar thionchar na seirbhíse, nó na gcodanna ábhartha di, ar mhionaoisigh laistigh den raon aoise sonraithe, lena ndéantar measúnú ar na rioscaí agus lena léirítear, más infheidhme, an chaoi a ndearnadh aon riosca den sórt sin a mhaolú go héifeachtach, agus na haoisghrúpaí ábhartha á gcur san áireamh. Ní bheidh maolú éifeachtach ar rioscaí den sórt sin i gceist go huathoibríoch le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i gCaibidil III;

   (e) beidh sé leagtha amach ag an soláthraí, ar bhealach soiléir trédhearcach i roinn dá chomhéadan ar líne atá ar fáil go poiblí, cén t-ábhar nó cén iompraíocht a mheastar gan a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de nó a bheith díobhálach do phríobháideachas, sábháilteacht agus slándáil mionaoiseach laistigh den raon aoise sonraithe ar an tseirbhís;

   (f) ní thabharfar rochtain ar an ábhar a shainaithnítear de bhun phointe (e) do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois;

   (g) déanfar na gnéithe agus na feidhmiúlachtaí atá ar fáil a oiriúnú, agus a choigeartú de réir a chéile, d'aois an mhionaoisigh arna dhearbhú de bhun mhír 4, pointe (b);

   (h) múchfar na gnéithe pearsantaithe agus na córais moltaí uile, agus aon fheidhmiúlacht chun ábhar atá comhroinnte ag faighteoirí eile na seirbhíse a chuardach, agus ní féidir iad a ghníomhachtú, ach amháin má léirítear leis an measúnú dá dtagraítear i bpointe (d) gur chun leasa an mhionaoisigh é a

ngníomhachtú agus nach ndéanann sé difear diúltach ar bhealach ar bith do phríobháideachas, sábháilteacht ná slándáil an mhionaoisigh.

2. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar sholáthraí rochtain a cheadú do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois, nó mar ní a thugann ceart rochtana ar sheirbhís d'aon mhionaoiseach nó d'aon chaomhnóir nach gceadaíonn a théarmaí agus a choinníollacha an rochtain sin nó i gcás ina bhfuil rochtain ar an tseirbhís faoi réir aois íosta níos airde faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

3. Is é an caomhnóir amháin a dhéanfaidh an cuntas trína soláthraítear rochtain faoi rialú caomhnóra de bhun mhír 1 a chur ar bun, a chlárú agus a shealbhú. Ní bheidh an mionaoiseach a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís trí chuntas an chaomhnóra ina pháirtí sa chonradh leis an soláthraí. Déanfaidh an soláthraí bearta chun a shuí gurb é an caomhnóir a chumasaíonn rochtain de bhun mhír 1 an duine a bhfuil freagracht tuismitheora air i ndáil leis an mionaoiseach lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 26.

4. Le dearadh agus feidhmiú na rochtana faoi rialú caomhnóra dá bhforáiltear de bhun an Airteagail seo, ní chuirfear srian díréireach ar phríobháideachas an mhionaoisigh agus tacófar le huathriail agus le gníomhaireacht an mhionaoisigh, i gcomhréir le hacmhainneachtaí an mhionaoisigh a bheith ag athrú de réir a chéile. An rochtain faoi rialú caomhnóra a sholáthraítear de bhun an Airteagail seo, comhlíonfaidh sí na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

   (a) beidh na huirlisí do chaomhnóirí dá bhforáiltear in Airteagal 20 gníomhach mar réamhshocrú;

   (b) dearbhóidh an caomhnóir aois an mhionaoisigh dá gcumasófar rochtain agus ní chumasófar an rochtain sin do mhionaoiseach faoi bhun 3 bliana d'aois;

   (c) beidh an caomhnóir in ann uasfhad laethúil rochtana a shocrú don mhionaoiseach, ar uasfhad é nach rachaidh thar uair an chloig;

   (d) beidh an caomhnóir in ann maoirseacht a dhéanamh ar an ábhar a thaispeántar nó a mholtar don mhionaoiseach, agus ceart an mhionaoisigh chun príobháideachais á chur san áireamh agus tús áite á thabhairt do leas an mhionaoisigh;

   (e) beidh an caomhnóir in ann aon fhaighteoirí eile de chuid na seirbhíse a bhféadfaidh an mionaoiseach idirghníomhú leo trí chuntas an chaomhnóra a fhormheas, a theorannú agus a bhaint;

   (f) beidh an caomhnóir in ann rochtain an mhionaoisigh a chur ar fionraí tráth ar bith.

5. Scoirfear de rochtain faoi rialú caomhnóra de bhun an Airteagail seo nuair a shlánóidh an mionaoiseach 13 bliana d'aois, atá le cinneadh ar bhonn na haoise arna dearbhú de bhun mhír 4, pointe (b) den Airteagal seo. Beidh an méid sin gan dochar do chuntas a chruthú de bhun Airteagal 5(2) i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha an Airteagail sin.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 chun an Rialachán seo a leasú trí na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 4 a oiriúnú d'fhorbairtí teicneolaíocha agus eolaíocha, i gcás ina gcoinníonn na hathruithe sin leibhéal cosanta do phríobháideachas, sábháilteacht agus slándáil ar

líne an mhionaoisigh atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a fhoráiltear leis na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo.

CAIBIDIL III - SÁBHÁILTEACHT TRÍ DHEARADH

ROINN I - Oibleagáid ghinearálta maidir le sábháilteacht trí dhearadh

Airteagal 8 - Oibleagáid ghinearálta maidir le sábháilteacht trí dhearadh

1. Na soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, agus siopaí feidhmchlár bogearraí, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na seirbhísí nó na córais sin inrochtana le cuntas, agus lena n-áirítear seirbhísí agus córais atá inrochtana trí na cuntais a shonraítear in Airteagal 5(3) agus Airteagal 6(3), áiritheoidh siad ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach. Déanfaidh soláthraithe na seirbhísí nó na gcóras sin na seirbhísí agus na córais sin a dhearadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo mar réamhshocrú agus ní dhéanfaidh siad maolú ar na ceanglais sin ach amháin tar éis dóibh a shuí gur duine fásta é faighteoir na seirbhíse nó úsáideoir an chórais, trí úsáid a bhaint as dearbhú aoise i gcomhréir le Caibidil V.

2. Beidh comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo gan dochar don oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus ar sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán moill a chur ar chruthú cuntas de bhun Airteagal 6 agus beidh sé gan dochar don oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán maidir le rochtain do mhionaoisigh a rialaíonn caomhnóirí, i gcás inarb infheidhme, de bhun Airteagal 7.

3. I gcás ina n-úsáideann soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta nó seirbhísí ardáin comhroinnte físeán comrádaithe IS nó botaí comhrá ginearálta mar fheidhmiúlacht i soláthar na seirbhísí sin, ní bheidh feidhm ach ag na hoibleagáidí a leagtar amach i Ranna III, V agus VI maidir leis na córais IS sin.

ROINN II - Oibleagáidí maidir le seirbhísí líonra shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán

Airteagal 9 - Dearadh andúile

1. Soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ní dhéanfaidh siad a seirbhísí a dhearadh, a eagrú ná a oibriú ar bhealach atá beartaithe chun úsáid éigníoch nó iomarcach na seirbhísí líonra shóisialta agus na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ag mionaoisigh a spreagadh, nó ar bhealach ar féidir a mheas le réasún gur mar sin a bheidh.

2. Measfar go spreagfar úsáid éigníoch nó iomarcach na seirbhíse ag mionaoisigh de réir bhrí mhír 1 leis na gnéithe seo a leanas:

   (a) seinm uathoibríoch ábhair agus tomhaltas ábhair gan bhriseadh a chumasú gan meandair bheaga idirbhriste a bheith ann go héifeachtacha rialta a chuireann ar chumas an mhionaoisigh breithniú a dhéanamh ar a thoilteanas níos mó ábhair a thomhailt;

   (b) an bonn a bhaint de chinneadh an mhionaoisigh scor den tseirbhís a úsáid nó gan an cumas a thabhairt do mhionaoisigh cinneadh den sórt sin a dhéanamh, amhail fógraí nár spreagadh de bharr idirghníomhaíocht nó ghníomhaíocht an

mhionaoisigh ar an tseirbhís, nó nach mbaineann go díreach leis an idirghníomhaíocht nó leis an ngníomhaíocht sin;

(c) mionaoisigh a dhreasú nó a chúiteamh chun ábhar a chomhroinnt nó chun ábhar a tharchur i bhfíor-am chuig líon neamhchinntithe d'fhaighteoirí na seirbhíse;

(d) rannpháirtíocht a dhreasú ag amanna rialta nó a dhreasú níos minice, lena n-áirítear pionóis a chur i bhfeidhm nó caillteanas tairbhí as gan páirt a ghlacadh go rialta nó laistigh d'eatraimh ama shonraithe.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) rochtain theoranta ó thaobh ama de do mhionaoisigh a úsáideann a seirbhís;

(b) cur isteach ar an úsáid a bhaineann mionaoisigh as a seirbhís.

Ceapfar na bearta sin ar bhealach a chosnóidh am scoile agus croí-uaireanta codlata mionaoiseach.

Airteagal 10 - Córais moltaí

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a úsáideann córais moltaí an fhaisnéis a mholtar agus optamú a gcóras moltaí do mhionaoisigh a dhearadh ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach.

2. Chun na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a úsáideann córais moltaí nach saothraíonn optamú an chórais moltaí leochaileacht ná aird an mhionaoisigh agus go n-áirítear leis méadrachtaí meastóireachta lena léirítear torthaí cáilíochta, sábháilteachta agus meabhairshláinte do mhionaoisigh, trí na bearta seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) a áirithiú go dtugann na córais moltaí tosaíocht agus príomhualú do shainroghanna sainráite arna lua ag an úsáideoir agus faisnéis á moladh;

(b) an moladh faisnéise arna mholadh ag an gcóras moltaí a dhíchumasú mar réamhshocrú bunaithe ar chomharthaí intuigthe atá bunaithe ar rannpháirtíocht ó iompraíocht mionaoiseach ar líne;

(c) a áirithiú nach mbeidh na córais moltaí ag brath ar bhailiú aon sonra phearsanta de chuid mionaoiseach a ghabhtar ó lasmuigh den tseirbhís;

(d) a áirithiú nachmbeidh mionaoisigh neamhchosanta ar fhaisnéis arna moladh ag na córais moltaí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dá bpríobháideachas, dá sábháilteacht agus dá slándáil, mar shampla má thagann siad chun cinn arís agus arís eile.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a úsáideann córais moltaí uirlisí a sholáthar agus a thaispeáint go feiceálach lena gcuirtear ar chumas mionaoiseach an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) paraiméadair an chórais moltaí a mhodhnú nó a rialú, lena n-áirítear an cumas gach sainrogha sainaitheanta roimhe sin a scriosadh go héasca;

(b) rogha amháin ar a laghad de na córais moltaí nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Rialachán (AE) 2016/679, a roghnú.

Ní cheapfar uirlisí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar bhealach chun mionaoisigh a mhealladh chun an rogha bunaithe ar phróifíliú a roghnú, déanfar iad a thairiscint le linn cruthú cuntas agus beidh rochtain dhíreach orthu ón roinn shonrach de chomhéadan ar líne na seirbhíse ina bhfuil an fhaisnéis á cur in ord tosaíochta, lena n-áirítear d'fhaighteoirí na seirbhíse gan chuntas.

Airteagal 11 - Socruithe sábháilte

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta i bhfeidhm chun a áirithiú go socrófar socruithe mar réamhshocrú ag ardleibhéal príobháideachais, slándála agus sábháilteachta mionaoiseach. Chun comhlíonadh na míre seo a áirithiú, múchfaidh soláthraithe den sórt sin, mar réamhshocrú, na socruithe seo a leanas ar a laghad:

   (a) geoshuíomh agus gnéithe rianaithe eile;

   (b) rochtain ar an micreafón agus ar an gceamara;

   (c) moltaí maidir le cuntais eile agus sioncrónú teagmhálacha;

   (d) brúfhógraí, ar cheart iad a dhearadh, in aon chás, ar bhealach a chosnaíonn croí-uaireanta codlata agus am scoile mionaoiseach.

2. Ní fhéadfaidh an soláthraí na réamhshocruithe dá dtagraítear i mír 1 a athrú ach amháin i gcás ina bhfuil an mionaoiseach os cionn 15 bliana d'aois agus inar cuireadh ar an eolas go soiléir agus gan débhrí é faoi na hathruithe sin agus inar thoiligh sé go sainráite leis na hathruithe sin. Casfar as na réamhshocruithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), i gcás ina gcumasaíonn mionaoisigh iad, tar éis dheireadh a seisiúin ar an tseirbhís.

3. I gcás ina bhfuil gnéithe nó socruithe ina riosca do phríobháideachas, do shlándáil sábháilteachta nó do sholáthraithe sláinte agus folláine mionaoiseach a sholáthraíonn seirbhísí líonraithe shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, áiritheoidh siad nach mbeidh na gnéithe nó na socruithe sin ar fáil do mhionaoisigh. Áireofar leis sin ar a laghad gnéithe lena méadaítear comparáid shóisialta nó lena dtugtar mífhaisnéis d'íomhá mionaoiseach, go háirithe trí thuiscint dhíréireach a thabhairt uirthi nó trína hidéalú.

Airteagal 12 - Coimircí teagmhála agus idirghníomhaithe

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta i bhfeidhm lena n-áiritheofar ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach maidir le teagmhálacha idir mionaoisigh agus faighteoirí eile na seirbhíse. Áiritheofar na nithe seo a leanas ar a laghad leis na bearta sin:

   (a) nach féidir le faighteoirí eile na seirbhíse teagmháil dhíreach a thionscnamh leis an mionaoiseach, mura bhfuil teagmháil den sórt sin formheasta ag an mionaoiseach roimh ré.

(b) nach n-áirítear mionaoisigh ag a bhfuil cuntas i moltaí teagmhála nó i ngnéithe comhchosúla arb é is aidhm dóibh é a chur ar a gcumas d'fhaighteoirí eile na seirbhíse, lena n-áirítear mionaoisigh, a dteagmhálacha a leathnú;

(c) nach féidir mionaoisigh a chur le grúpa ina bhfuil líon teoranta nó neamhtheoranta d'fhaighteoirí na seirbhíse ach amháin tar éis a gcomhaontaithe shainráite;

(d) gur féidir le mionaoisigh aon fhaighteoir eile de chuid na seirbhíse a bhlocáil go héasca gan a gcéannacht a nochtadh d'fhaighteoirí blocáilte na seirbhíse.

2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán coimircí a chur chun feidhme chun cosc a chur ar fhaighteoirí a seirbhíse mionaoisigh a mhealladh nó a ionramháil chun an teagmháil dhíreach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a fhormheas.

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta agus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta i bhfeidhm chun teorainn a chur le infheictheacht aon fhaisnéise a chomhroinneann mionaoisigh agus lena n-idirghníomhaíochtaí le faighteoirí eile na seirbhíse. Cuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad sna bearta sin:

(a) mar réamhshocrú, ní bheidh faighteoirí eile na seirbhíse nár ghlac an mionaoiseach leo roimhe sin in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi chuntas an mhionaoisigh nó ar an ábhar a d'uaslódáil nó a chomhroinn an mionaoiseach ar an tseirbhís;

(b) ní bheidh faighteoirí eile na seirbhíse nach bhfuil cuntas acu in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi chuntas an mhionaoisigh nó ar an ábhar a d'uaslódáil nó a chomhroinn an mionaoiseach ar an tseirbhís;

(c) ní dhéanfar sonraí teagmhála pearsanta mionaoiseach, amhail a n-ainm, a n-uimhir theileafóin, a seoladh ríomhphoist ná a seoladh baile, a nochtadh d'fhaighteoirí eile na seirbhíse ná a chomhroinnt leo;

(d) beidh mionaoisigh in ann infheictheacht aon ábhair a chomhroinntear, aon idirghníomhaíochta agus aon mhéadrachta gaolmhaire ar an tseirbhís a rialú go héasca;

(e) ní bheidh faighteoirí eile na seirbhíse in ann gabhálacha scáileáin a íoslódáil nó a ghlacadh d'fhaisnéis teagmhála, suímh nó cuntais mionaoiseach nó d'aon ábhar a uaslódálann nó a chomhroinneann mionaoisigh ar an tseirbhís;

(f) mar réamhshocrú, ní bheidh mionaoisigh in ann tarchur físor-ama ábhair ó úsáideoirí a óstáil, lena n-áirítear ábhar closamhairc a bheoshruthú.

Airteagal 13 - Sábháilteacht agus slándáil idirbheart eacnamaíoch

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialtaagus soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, sula ndéanfar idirbheart eacnamaíoch, go gcuirfear mionaoiseach ar an eolas ar bhealach soiléir sothuigthe, agus i bhfíor-am, gur idirbheart eacnamaíoch é sin. Maidir le ceannacháin a dhéantar laistigh den tseirbhís le hairgeadra físrúil atá incheannaithe le cistí de réir bhrí Airteagal 4, pointe (25) de Threoir (AE) 2015/2366, taispeánfar leo an luach airgeadaíochta comhfhreagrach in airgeadra oifigiúil an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar fhaighteoir na seirbhíse.

2. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ná soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a gcuid seirbhísí a dhearadh, a eagrú ná a oibriú ar bhealach a bhféadfadh caiteachas iomarcach, tobann nó neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh air. Mar chuid den oibleagáid sin, ní bheidh mionaoisigh neamhchosanta ar chórais luaíochta inathraithe, mar shampla nuair a dhéantar ceannacháin le hairgeadraí fíorúla atá incheannaithe le cistí de réir bhrí Airteagal 4, pointe (25) de Threoir (AE) 2015/2366.

ROINN III - Oibleagáidí maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta

Airteagal 14 - Oibleagáidí maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta

1. Cuirfidh soláthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta bearta comhréireacha agus éifeachtacha i bhfeidhm chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte, do shábháilteacht, do chearta bunúsacha agus d'fholláine agus d'fhorbairt mionaoiseach a d'fhéadfadh rochtain a fháil ar a gcóras IS. Cuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad sna bearta sin:

   (a) a áirithiú nach mbeidh mionaoisigh neamhchosanta ar dhearaí andúile, trí ghnéithe deartha agus iompraíochtaí córais a sheachaint lena n-ionsamhlaítear caidreamh idirphearsanta ar dócha go gcruthóidh siad spleáchais mhothúchánacha agus trí na bearta a leagtar amach in Airteagal 9(1) agus (3) a chur i bhfeidhm maidir leis na córais sin;

   (b) a áirithiú go gcuirfear socruithe sábháilte ar fáil do mhionaoisigh, trí na bearta a leagtar amach in Airteagal 11 a chur i bhfeidhm maidir leis na córais sin, lena n-áirítear a áirithiú, mar réamhshocrú, nach n-úsáidfidh a gcóras faisnéis ná anailís a dhíorthaítear ó idirghníomhaíochtaí a bhí ag mionaoiseach roimhe sin in idirghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin, ach amháin i gcás inar gá chun sábháilteacht an mhionaoisigh a chosaint, chun éifeacht a thabhairt do na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 11;

   (c) trédhearcacht maidir le hidirbhearta eacnamaíocha a áirithiú, trí na bearta a leagtar amach in Airteagal 13 a chur i bhfeidhm maidir leis na córais sin;

   (d) a áirithiú nach ndéanfar rochtain ar na seirbhísí agus ar na córais dá dtagraítear i mír 1 ag mionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois a chumasú agus a rialú ach amháin trí bhíthin na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20;

   (e) meastóireachtaí úrscothacha agus tástáil úrscothach a dhéanamh ar an gcóras maidir le rioscaí do shláinte, do shábháilteacht agus do chearta bunúsacha agus d'fholláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach agus d'fhorbairt mionaoiseach ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn nuair a idirghníomhóidh mionaoisigh leis an gcóras, agus coimircí iomchuí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, sula gcuirfear an córas ar an margadh nó i mbun seirbhíse;

   (f) faireachán iarmhargaidh chun díobháil agus rioscaí atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo a shainaithint, a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a mhaolú, lena n-áirítear teagmhais thromchúiseacha a bhaineann le mionaoisigh a bhrath agus freagairt dóibh, ach amháin más micrifhiontar nó fiontar beag a sholáthraíonn an córas de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE.

2. I gcás ina n-úsáidtear comrádaí IS nó bota comhrá ginearálta mar fheidhmiúlacht de chuid seirbhísí líonra shóisialta , seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, nó cluiche ar líne i soláthar aon seirbhíse den sórt sin, áiritheoidh soláthraithe na seirbhísí sin an méid seo a leanas:

   (a) nach ngníomhachtaítear an comrádaí IS nó an bota comhrá ginearálta go huathoibríoch agus nach dtaispeántar an fheidhmiúlacht go feiceálach ar chomhéadan ar líne na seirbhíse sin;

   (b) nach moltar do mhionaoisigh comrádaí IS ná bota comhrá ginearálta a úsáid;

   (c) i gcás ina gcumasaítear é, go bhfuil sé de rogha ag mionaoisigh diúltú go héasca agus tráth ar bith d'úsáid a bhaint as comrádaí IS nó as bota comhrá ginearálta.

3. Soláthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a chloíonn le cód iompair a mheasann an Coimisiún a bheith leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 23, féadfaidh na soláthraithe sin brath ar an gcód sin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo a léiriú.

ROINN IV - Oibleagáidí ar sholáthraithe cluichí ar líne

Airteagal 15 - Oibleagáidí ar sholáthraithe cluichí ar líne

1. Déanfaidh soláthraithe cluichí ar líne bearta a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú. Cuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad sna bearta sin:

   (a) a áirithiú nach spreagfar mionaoisigh chun an cluiche a úsáid ar bhonn éigníoch nó iomarcach, trí Airteagal 9(1) agus Airteagal 9(2), pointí (b) agus (d), a chur i bhfeidhm;

   (b) a áirithiú go socrófar socruithe mionaoiseach ag ardleibhéal príobháideachais, slándála agus sábháilteachta, trí Airteagal 11(1) a chur i bhfeidhm;

   (c) a áirithiú go mbeidh teagmhálacha idir mionaoisigh agus faighteoirí eile an chluiche faoi réir ardleibhéal príobháideachais, slándála agus sábháilteachta, trí Airteagal 12(1) agus 12(3), pointe (c), a chur i bhfeidhm;

   (d) rochtain shainordaitheach ar uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20 a áirithiú, agus a áirithiú nach ndéanfar rochtain ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 ag mionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois a chumasú agus a rialú ach amháin trí bhíthin na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20.

2. Cuirfidh soláthraithe cluichí ar líne coimircí i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid an chluiche chun mionaoisigh a mhealladh chun teagmhálacha a thionscnamh maidir le seirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dá bpríobháideachas, dá sábháilteacht agus dá slándáil.

3. I gcás ina dtugann soláthraithe ardán físchluichí an deis d'fhaighteoirí na seirbhíse físchluichí a chruthú agus a uaslódáil ar an tseirbhís féin, cuirfidh na hardáin físchluichí sin na bearta bogearraí agus eagraíochtúla is gá i bhfeidhm chun go mbeidh físchluichí den sórt sin in ann míreanna 1 agus 2 agus Airteagal 18 agus Airteagal 20 a chomhlíonadh.

4. Soláthraithe cluichí ar líne a chloíonn le cód iompair a mheasann an Coimisiún a bheith leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 17, féadfaidh na soláthraithe sin brath ar an gcód sin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo a léiriú.

ROINN V - Oibleagáidí maidir le rochtain atá oiriúnach ó thaobh aoise de

Airteagal 16 - Oibleagáidí le haghaidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí

1. Cuirfidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí córas rátála aoise i bhfeidhm ionas go mbeifear in ann a shuí go bhfuil feidhmchláir bogearraí a scaiptear trína seirbhís oiriúnach ó thaobh aoise de. Beidh feidhm ag córas rátála aoise den sórt sin maidir le gach feidhmchlár bogearraí a thairgtear ar an siopa feidhmchlár bogearraí agus tabharfar aird chuí ar acmhainneachtaí athraitheacha mionaoisigh.

2. Ní cheadóidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí do mhionaoisigh rochtain a fháil ar fheidhmchláir bogearraí ná iad a cheannach, ar feidhmchláir iad atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de i gcás na mionaoiseach i gcomhréir leis an gcóras rátála aoise a bhunaítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo. Ní dhéanfar difear leis an oibleagáid sin don oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí a thairgtear trí fheidhmchláir bogearraí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 6.

3. I gcás ina mbeidh soláthraí siopa feidhmchlár bogearraí ar an eolas faoi fheidhmchláir bogearraí a scaiptear trína sheirbhís atá faoi réir ábhar atá faoi réir aois íosta níos airde faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme, nó arb é atá iontu go príomha ábhar atá faoi réir aois íosta níos airde i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir leis an aois íosta a bhunaítear i gcomhréir le mír 1, ní cheadóidh an soláthraí do mhionaoisigh faoi bhun na haoise íosta níos airde sin ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann rochtain a fháil ar na feidhmchláir bogearraí sin nó iad a cheannach.

4. Chun míreanna 2 agus 3 a chomhlíonadh, déanfaidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí aois fhaighteoir na seirbhíse a mheas, i gcomhréir le Caibidil V, mar shampla trí úsáid a bhaint as na huirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20. Áiritheoidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí nach ndéanfar rochtain ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 ag mionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois a chumasú agus a rialú ach amháin trí bhíthin na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20.

5. Cuirfidh soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí faisnéis ar fáil go poiblí ina dtabharfar tuairisc, i dtéarmaí soiléire agus inrochtana, ar an modheolaíocht, ar na critéir agus ar na foinsí a úsáidtear le haghaidh a gcóras rátála aoise.

6. Maidir le soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí, ceadóidh siad réiteach fíoraithe aoise AE lena mbaintear úsáid as dearbhú um chruthúnas aoise AE, a dheimhnítear a bheith i gcomhréir le Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais agus a áirítear ar liostaí an Aontais faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 30(1), a thairiscint ina siopaí.

Airteagal 17 - Cóid Iompair maidir le rátáil aoise agus cluichí ar líne

1. Déanfaidh an Coimisiún dréachtú cód iompair ar leibhéal an Aontais a spreagadh agus a éascú faoin [lá céanna agus an mhí chéanna leis an dáta teacht i bhfeidhm móide bliain amháin] le rannpháirtíocht soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí agus cluichí ar líne, forbróirí agus soláthraithe ábhair dhigitigh, lena n-áirítear

feidhmchláir bogearraí agus cluichí ar líne, soláthraithe córas aicmithe aoise, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar mhionaoisigh agus ar a gcaomhnóirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil speisialtóireacht acu i gcosaint mionaoiseach ar líne chomh maith le húdaráis ábhartha. Leis na cóid iompair, rannchuideofar le córais rátála aoise a bhunú agus a chur i bhfeidhm go comhchuibhithe, lena n-áirítear na córais sin dá dtagraítear in Airteagal 16(1), go háirithe trí chritéir choiteanna agus modheolaíochtaí coiteanna a leagan amach le haghaidh na gcóras sin, agus le hAirteagal 15 a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le cluichí ar líne.

2. is é is aidhm don Choimisiún a áirithiú go rachfar i ngleic leis an méid seo a leanas ar a laghad sna cóid iompair:

   (a) an cuspóir atá sainithe go soiléir agus gan débhrí a shaothrú chun aitheantas frithpháirteach agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach rátálacha aoise ag soláthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí agus cluichí ar líne a chumasú agus a éascú ar fud na mBallstát;

   (b) critéir, modheolaíochtaí agus foinsí iomchuí faisnéise a shainiú chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an ábhair ó thaobh aoise de go háirithe a mhéid a bhaineann le hábhar foréigneach, gnéasach, cearrbhachais agus féindíobhála chomh maith le ceannacháin ionaipe, rioscaí teagmhála agus gnéithe dearaidh andúile;

   (c) leigheasanna agus sásraí sásaimh saor in aisce a bhunú do sholáthraithe ábhair, lena n-áirítear forbróirí aipeanna chun díospóidí a réiteach a bhaineann le rátáil aoise ábhair a sholáthraíonn comhlacht atá neamhchlaonta agus neamhspleách ar sholáthraithe agus ar fhaighteoirí na seirbhíse lena n-áirítear comhlacht atá neamhspleách ó thaobh airgeadais de;

   (d) lipéid aois-rátála agus tuairisceoirí téacsúla atá comhchuibhithe, so-aitheanta agus intuigthe a sholáthar a thaispeánfar go feiceálach agus sula bhfaighfear rochtain ar ábhar nó sula gceannófar é;

   (e) foráil a dhéanamh maidir le faireachán agus meastóireacht rialta thrédhearcach neamhspleách ar bhaint amach na gcuspóirí, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta a bheith ann chun baint amach a gcuspóirí a thomhas agus trí nuashonruithe rialta a dhéanamh chun forbairtí teicneolaíocha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do mhionaoisigh a léiriú;

   (f) maidir le cluichí ar líne, bearta agus modheolaíochtaí iomchuí a shainiú chun éifeacht a thabhairt do na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 15(1), (2), (3) agus (4), ag cur, i gcás inarb iomchuí, leis na creataí aicmithe aoise uile-Eorpacha atá ann cheana, lena n-áirítear a gcritéir maidir le feidhmiúlachtaí idirghníomhacha agus cleachtais saothraithe luacha airgid, agus foráil a dhéanamh maidir lena nuashonrú rialta i bhfianaise forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do mhionaoisigh

3. Faoin [lá céanna le dáta theacht i bhfeidhm móide 42 mhí] déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an gcomhlíonann na cóid iompair na haidhmeanna a shonraítear i mír 2 agus an bhfuil siad leordhóthanach chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi seach a léiriú. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht rialta ar bhaint amach a gcuspóirí, ag féachaint do na príomhtháscairí feidhmíochta a d'fhéadfadh a bheith iontu, agus foilseoidh sé a mheasúnú. I gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh phointe (f) de mhír 2, beidh feidhm ag Airteagal 15(4).

ROINN VI – Oibleagáidí ginearálta maidir le hinniúlacht mionaoiseach agus uirlisí cumhachtaithe le haghaidh mionaoiseach agus caomhnóirí

Airteagal 18 - Inniúlacht mionaoiseach

1. Soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta, áiritheoidh siad go mbeidh rochtain éasca ag gach mionaoiseach ar ghnéithe, cumarsáid, faisnéis, uirlisí rialaithe úsáideoirí agus sásraí na seirbhíse agus ar an gcóras, ar na rabhaidh, agus ar aon fhaisnéis eile dá dtagraítear i gCaibidil III, agus áiritheoidh siad go gcuirfear i láthair iad ar bhealach is féidir le mionaoisigh a thuiscint. I gcás inar soláthraí ardán an-mhór ar líne é soláthraí arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, áiritheoidh an soláthraí sin go gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina soláthraítear an tseirbhís.

2. Cuirfidh na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

   (a) uirlisí a chuireann ar a gcumas do mhionaoisigh ábhar, leideanna, faisnéis a mholtar agus torthaí cuardaigh a bhfuil siad neamhchosanta orthu a rialú agus aiseolas a sholáthar ina leith, ar uirlisí iad a bhfuil éifeachtaí láithreacha marthanacha acu ar ábhar, leideanna, faisnéis a mholtar agus torthaí cuardaigh den sórt sin;

   (b) sásraí lenar féidir le mionaoisigh na socruithe a rialú lena gcinntear an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad agus a ndéanann siad cumarsáid leo, an chaoi a n-aistríonn siad, a gcruthaíonn siad nó a ngineann siad ábhar ar an tseirbhís nó ar an gcóras, lena n-áirítear comharthaí rabhaidh, agus mínithe, lena gceadaítear athruithe sealadacha agus lena n-áirithítear gur féidir le mionaoisigh filleadh go héasca ar shocruithe a bhí ann roimhe sin nó ar réamhshocruithe.

Airteagal 19 - Uirlisí tuairiscithe agus tacaíochta atá oiriúnach do leanaí

1. Soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ardán físchluichíochta, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta, cuirfidh siad sásraí i bhfeidhm lena gceadófar do mhionaoisigh ábhar, cuntais, grúpaí, gnéithe nó iompraíocht, de réir mar is infheidhme, a mheasann siad a bheith díobhálach dá bpríobháideacht, dá sábháilteacht nó dá slándáil, a thuairisciú. Beidh sé éasca rochtain a fháil ar shásraí den sórt sin agus dearfar iad ar bhealach is féidir le mionaoisigh a thuiscint. I gcás inar soláthraí ardáin an-mhór ar líne é soláthraí arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, áiritheoidh an soláthraí sin go gcuirfear na sásraí sin ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina soláthraítear an tseirbhís.

2. I gcás inar ardán ar líne é soláthraí dá dtagraítear i mír 1 atá faoi réir Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2065, measfar aon srian arna fhorchur de réir tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bheith ina shrian ar an infheictheacht de bhun Airteagal 17(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2065.

3. Déanfaidh soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha arna gcur isteach ag mionaoisigh i gcomhréir le mír 1 a phróiseáil agus go dtabharfar aghaidh orthu mar thosaíocht agus gan moill mhíchuí agus go bhfaighidh mionaoisigh faisnéis faoin nós imeachta a rinneadh agus faoi na féidearthachtaí sásaimh.

4. Maidir le soláthraithe dá dtagraítear i mír 1:

(a) áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ag mionaoisigh ar thacaíocht agus ar fhoinsí faisnéise údarásacha nuair a thagann siad ar ábhar neamhdhleathach nó díobhálach ar an tseirbhís nó ar an gcóras, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí mhionaoisigh a chur ar an eolas faoi na hacmhainní atá ar fáil agus faoi eagraíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

(b) áiritheoidh siad go cuirfear an tacaíocht agus na foinsí faisnéise údarásacha dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo ar fáil do mhionaoisigh i gcás inar gá, agus tar éis do mhionaoisigh tuarascáil a chur isteach de bhun mhír 1 ar a dheireanaí;

(c) déanfaidh siad iarrachtaí réasúnta teachtaireachtaí rabhaidh soiléire a thaispeáint i gcás inar dócha go bhfoilseoidh mionaoisigh ábhar nó idirghníomhaíochtaí a bhfuil riosca ag baint leo dá bpríobháideachas, dá sábháilteacht nó dá slándáil, sin nó go nochtfar don ábhar nó do na hidirghníomhaíochtaí sin iad.

Airteagal 20 - Uirlisí do chaomhnóirí

1. Soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta, déanfaidh siad uirlisí éifeachtacha, inrochtana agus soláimhsithe a chur chun feidhme do chaomhnóirí, ar uirlisí iad a chomhlíonfaidh na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) beidh siad curtha in oiriúint d'aois an mhionaoisigh, agus aird chuí á tabhairt ar fhorbairt de réir a chéile an mhionaoisigh;

(b) beidh mionaoisigh agus caomhnóirí in ann iad a úsáid, rochtain a fháil orthu agus iad a ghníomhachtú go héasca;

(c) áiritheoidh siad nach féidir athruithe a dhéanamh ach amháin leis an méid céanna údaraithe a cheanglaítear le haghaidh ghníomhachtú tosaigh na n-uirlisí;

(d) beidh siad éifeachtach agus ní bheifear in ann, le dearadh ná oibriú na seirbhíse nó an chórais, dul timpeall orthu go héasca ná an bonn a bhaint díobh go héasca.

(e) ní chuirfidh siad srian díréireach ar chearta mionaoiseach;

(f) beidh meas acu ar inniúlacht agus ar phríobháideachas an mhionaoisigh.

2. Áiritheoidh soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfear mionaoisigh ar an eolas nuair a bheidh aon uirlis do chaomhnóirí dá dtagraítear i mír 1 á húsáid.

3. Na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1, spreagfaidh siad caomhnóirí chun na huirlisí dá dtagraítear sa mhír sin a úsáid agus meabhróidh siad dóibh go tráthrialta go bhfuil siad ar fáil agus go bhfuil cuspóirí acu agus gur gá iad a nuashonrú. Áireofar leis sin teachtaireachtaí rabhaidh soiléire a thaispeáint maidir le socruithe mionaoiseach a bhainistiú.

4. Na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na sásraí seo a leanas a chomhtháthú sna huirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear sa mhír sin:

(a) bearta éifeachtacha chun rochtain a bhfuil teorainn ama léi a áirithiú de bhun Airteagal 9(3), Airteagal 14(1), pointe (b) agus Airteagal 15(1), pointe (b);

(b) sásraí atá dírithe ar shocruithe a bhainistiú de bhun Airteagail 11 agus 12;

(c) sásraí atá dírithe ar é a chur ar a gcumas do chaomhnóirí, thar ceann mionaoiseach, ábhar, cuntais, grúpaí nó iompraíocht a thuairisciú a mheasann siad a bheith díobhálach do phríobháideachas, do shábháilteacht nó do shlándáil mionaoiseach de bhun Airteagal 19(1).

5. Áiritheoidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 go mbeidh na huirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear i mír 1 idir-inoibritheach le huirlisí do chaomhnóirí arna soláthar ag tríú páirtithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/1925, i gcás inarb ábhartha.

6. Áiritheoidh soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 go mbeidh caomhnóirí agus mionaoisigh in ann tuairisciú, de bhun Airteagal 19, i gcás nach bhfuil uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear i mír 1 oibríochtúil agus nach bhfeidhmíonn siad mar a fhorordaítear.

7. Cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla le haghaidh na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan síos.

Airteagal 21 – Gearáin chomhchoiteanna

1. Gan dochar d'Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2022/2065 ná do Threoir (AE) 2020/1828 ná d'aon chineál eile rialacha maidir le hionadaíocht faoin dlí náisiúnta, mionaoisigh agus caomhnóirí ar faighteoirí iad de sheirbhísí líonra shóisialta ar líne, de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, d'ardáin fischluichíochta, agus a úsáideann comrádaithe IS nó botaí comhrá ginearálta, beidh sé de cheart acu ar a laghad sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas na cearta a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú thar ceann na mionaoiseach, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht, an eagraíocht nó an comhlachas sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) feidhmíonn sé nó sí ar bhonn neamhbhrabúis;

(b) bunaíodh é nó í go cuí i gcomhréir le dlí Ballstáit;

(c) tá leas dlisteanach i dtaca lena áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo i measc a chuspóirí/cuspóirí reachtúla.

2. De bhreis ar an gceart gearán a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2022/2065, mionaoisigh agus caomhnóirí ar faighteoirí iad de sheirbhísí líonra shóisialta ar líne, de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, d'ardáin fischluichíochta, agus a úsáideann comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, agus aon chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh sé de cheart aige nó aici gearán a thaisceadh, lena líomhnófar sárú ar an Rialachán seo, in aghaidh sholáthraithe na seirbhísí agus na gcóras thuasluaite le húdarás inniúil an Bhallstáit, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 34, ina bhfuil faighteoir na seirbhíse nó úsáideoir an chórais lonnaithe nó bunaithe, nó leis an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga i gcás na gcomrádaithe IS nó na mbotaí comhrá ginearálta a thagann faoina inniúlacht eisiach de bhun Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) 2024/1689.

ROINN VII – Oibleagáidí díchill chuí eile i gcomhair timpeallacht shábháilte ar líne

Airteagal 22 – Oibleagáid faireacháin ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne

1. Soláthraithe seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán seo arna n-ainmniú mar ardáin an-mhór ar líne i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, déanfaidh siad faireachán, tástáil agus meastóireacht ar éifeachtacht na mbeart arna gcur chun feidhme i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

2. Beidh an measúnú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ina chuid den mheasúnú riosca a dhéanfar de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2022/2065.

Airteagal 23 - Cóid iompair

1. Déanfaidh an Coimisiún tarraingt suas cód iompair deonach ar leibhéal an Aontais a spreagadh agus a éascú chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo. Iarrfaidh an Coimisiún ar sholáthraithe seirbhísí agus córas ábhartha faoin raon feidhme, ar údaráis inniúla náisiúnta ábhartha, ar eagraíochtaí sochaí sibhialta, ar an tionscal, ar an saol acadúil, ar thuismitheoirí, ar oideoirí agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile a bheith rannpháirteach i dtarraingt suas na gcód iompair sin.

2. Agus éifeacht á tabhairt do mhír 1, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go leagtar cuspóirí sonracha na gcód iompair amach go soiléir, go bhfuil gealltanais iontu bearta sonracha a dhéanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus go dtugtar aird chuí ar shainiúlachtaí na seirbhísí éagsúla agus na gcóras éagsúil a sholáthraítear, agus ar riachtanais agus leasanna na bpáirtithe leasmhara uile, go háirithe mionaoisigh, ar leibhéal an Aontais. Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún freisin a áirithiú go dtuairisceoidh rannpháirtithe go tráthrialta don Choimisiún agus dá n-údaráis inniúla faoi seach faoin Rialachán seo. Déanfar éagsúlachtaí méide agus acmhainneachta idir soláthraithe éagsúla a chur san áireamh sna gealltanais tuairiscithe a lorgóidh an Coimisiún.

3. An Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha nó leis an mBord Eorpach um Intleacht Shaorga maidir le gnéithe de chóid a thagann faoi shainchúram a n-inniúlachta, déanfaidh sé measúnú féachaint an gcomhlíonann cóid iompair na haidhmeanna a shonraítear i míreanna 1 agus 3 agus an bhfuil siad leordhóthanach chun a léiriú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo. Foilseoidh an Coimisiún an measúnú sin. Déanfaidh sé faireachán agus meastóireacht go tráthrialta ar bhaint amach chuspóirí na gcód iompair agus, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha nó leis an mBord Eorpach um Intleacht Shaorga, tabharfaidh sé an measúnú cothrom le dáta de réir mar is iomchuí.

4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus oiriúnú tráthrialta ar na cóid iompair a spreagadh agus a éascú.

5. Spreagfaidh an Coimisiún freisin forbairtí ar dhea-chleachtais in aon réimse a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. D'fhéadfaí a áireamh leis sin réimsí amhail tástáil le linn forbairtí táirgí nó caighdeáin rialaithe. Beidh sé sin gan dochar d'Airteagal 5.

Airteagal 24 - Ionadaithe dlíthiúla

1. Soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta, ar soláthraithe iad nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí nó córais san Aontas,

déanfaidh siad duine dlítheanach nó nádúrtha a ainmniú, i scríbhinn, chun gníomhú mar a n-ionadaí dlíthiúil i gceann de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí a sheirbhísí nó a chóras. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil ionadaí dlíthiúil ainmnithe ag na soláthraithe sin cheana féin de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2065 nó de bhun Airteagal 22 nó Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2024/1689, féadfaidh siad sainordú an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha sin a leathnú chuig na saincheisteanna uile is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 13(2) go (5) de Rialachán (AE) 2022/2065 agus déanfar tagairtí do Rialachán (AE) 2022/2065 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo maidir le hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil le soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus cluichí ar líne. Beidh feidhm ag Airteagal 22(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1689 nó ag Airteagal 54(2) go (5) den Rialachán sin agus déanfar tagairtí d'oibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1689 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo maidir le hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil le soláthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta.

Airteagal 25 – Leasuithe ar bhearta liostaithe

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 chun Airteagail 9(2), 10(2), 11(1), 12(1), 12(2), 14(1), 15(1) agus 18(2) a leasú le haghaidh soláthraithe seirbhísí líonra shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne, comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta, chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a úsáideann a seirbhís nó a gcóras a áirithiú. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar rioscaí sainaitheanta atá ag teacht chun cinn a bhaineann an bonn de shláinte agus folláine mionaoiseach, chomh maith lena bpríobháideachas, a sábháilteacht agus a slándáil, rud a fhágfaidh go mbeidh gá leis na hoibleagáidí seo a leanas a choinneáil cothrom le dáta chun comhlíonadh éifeachtach na n-oibleagáidí sin a áirithiú:

   (a) toirmisc ar chleachtais atá beartaithe, nó ar chleachtais is féidir a thuar go réasúnta, chun an úsáid éigeantach nó iomarcach a bhaineann mionaoisigh as an tseirbhís a spreagadh, dá dtagraítear in Airteagal 9(2);

   (b) bearta lena n-áirithítear go ndeartar córais moltaí ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach, dá dtagraítear in Airteagal 10(2);

   (c) réamhshocruithe lena n-áirithítear go socrófar cuntais mionaoiseach ag ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála, dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

   (d) bearta lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a mhéid a bhaineann le teagmháil idir mionaoisigh agus faighteoirí eile na seirbhíse, dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus bearta lena dteorannaítear infheictheacht aon fhaisnéise a chomhroinneann mionaoisigh agus a n-idirghníomhaíochtaí le faighteoirí eile na seirbhíse, dá dtagraítear in Airteagal 12(2)

   (e) bearta lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta do shláinte, sábháilteacht, cearta bunúsacha agus folláine mionaoiseach a d'fhéadfadh rochtain a fháil ar

chomrádaithe IS agus ar chórais botaí comhrá ginearálta, dá dtagraítear in Airteagal 14(1);

(f) bearta lena n-áirithítear ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a úsáideann cluichí ar líne dá dtagraítear in Airteagal 15(1);

(g) bearta lena n-áirithítear inniúlacht mionaoiseach dá dtagraítear in Airteagal 18(2).

2. Agus breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar ghníomh tarmligthe a ghlacadh, cuirfidh sé an méid seo a leanas san áireamh:

(a) a mhéid a rinne an riosca díobháil cheana féin do shláinte agus d'fholláine mionaoiseach nó a mhéid a bhí drochthionchar ag an riosca ar phríobháideachas, ar shábháilteacht, ar shlándáil nó ar chearta bunúsacha mionaoiseach, nó a mhéid atá an riosca ina chúis le húdair imní mhór maidir leis an dóchúlacht go ndéanfaí an díobháil nó an drochthionchar sin, mar a léirítear, mar shampla, i dtuarascálacha nó líomhaintí doiciméadaithe arna gcur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta nó i dtuarascálacha eile, de réir mar is iomchuí;

(b) méid na díobhála nó an drochthionchair sin a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe ó thaobh a déine/dhéine agus a cumais/chumais difear a dhéanamh do níos mó ná duine amháin nó difear díréireach a dhéanamh do ghrúpa áirithe daoine;

(c) tionchar na mbeart atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, lena n-áirítear cuspóir beartaithe na mbeart sin, a mhéid atá na bearta á n-úsáid nó a mhéid is dócha go n-úsáidfear iad, agus éifeachtacht na mbeart sin maidir le sláinte, folláine agus príobháideachas, sábháilteacht agus slándáil mionaoiseach.

CAIBIDIL IV – FREAGRACHT TUISMITHEORA A FHÍORÚ

Airteagal 26 – Freagracht tuismitheora a fhíorú

1. Chun cuntas a chruthú a bhfuil gnéithe teoranta aige de bhun Airteagal 6(2) nó taithí atá oiriúnach ó thaobh aoise de ar ardáin comhroinnte físeán de bhun Airteagal 7(2) agus chun uirlisí éifeachtacha, inrochtana agus soláimhsithe do chaomhnóirí a chur chun feidhme de bhun Airteagal 20(1), beidh soláthraí seirbhíse dá dtagraítear sna forálacha sin in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comharthaí na freagrachta tuismitheora a úsáid bunaithe ar bhunachair sonraí oifigiúla ar líne a bhfuil rochtain saor in aisce orthu nó ar chomhéadain ar líne a chuireann Ballstát ar fáil;

(b) comharthaí a úsáid maidir leis an bhfreagracht tuismitheora a d'fhéadfadh a bheith i seilbh an tsoláthraí cheana féin i bhfianaise na ngealltanas a thug an mionaoiseach agus an duine fásta faoi seach, ar duine fásta é a bhfuil freagracht tuismitheora air, maidir leis an tseirbhís lena mbaineann;

(c) glacadh le féindearbhú ón duine fásta ar a bhfuil an fhreagracht tuismitheora go dtí go nglacfar an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 ar a laghad.

2. Agus comharthaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), á n-úsáid, déanfaidh an soláthraí iarrachtaí réasúnta a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil iontaofa agus iomlán.

3. Agus féindearbhuithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), á n-úsáid aige, déanfaidh an soláthraí iarrachtaí réasúnta chun a fhíorú go bhfuil freagracht tuismitheora á feidhmiú ag an duine fásta a bhfuil an féindearbhú á dhéanamh aige.

4. Déanfar fíorú na freagrachta tuismitheora de bhun mhír 1 ar bhealach lena gcaomhnaítear an príobháideachas agus ní bheidh próiseáil bhreise ar shonraí pearsanta mar thoradh air a d'fhéadfadh a chur ar chumas an tsoláthraí suíomh an duine fhásta nó an mhionaoisigh lena mbaineann a chinneadh nó an duine fásta nó an mionaoiseach a rianú, díriú air nó próifíliú a dhéanamh air.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chomharthaí a shonrú lena léirítear freagracht tuismitheora de bhun mhír 1, pointe a den Airteagal seo.

CAIBIDIL V – DEARBHÚ AOISE

Roinn I – Prionsabail ghinearálta maidir le dearbhú aoise

Airteagal 27 – Prionsabail ghinearálta maidir le dearbhú aoise

I gcás ina gcuireann soláthraithe seirbhísí agus córas atá faoi réir Chaibidlí II agus III réitigh dearbhaithe aoise chun feidhme chun a n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, áiritheoidh siad go soláthrófar leis na réitigh sin ardleibhéal cruinnis, iontaofachta, slándála, stóinseachta, neamhionsáiteachta, príobháideachais agus cosanta sonraí, agus neamh-idirdhealaithe.

Airteagal 28 – Cosaint sonraí maidir le dearbhú aoise

1. Le réitigh dearbhaithe aoise, ní bheifear in ann an faighteoir a shainaithint ná faighteoirí a aimsiú, a rianú, díriú orthu, fógraíocht a chur faoina mbráid ná próifíl a chur orthu chun aon chríche.

2. Na soláthraithe seirbhísí agus córas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus aon eintiteas a ghníomhaíonn thar ceann na soláthraithe sin nó in éineacht leo maidir le dearbhú aoise, ní dhéanfaidh siad níos mó sonraí pearsanta a choinneáil ar bun, a fháil ná a phróiseáil ná mar is fíorghá chun a mheas ar chomhlíon faighteoir na seirbhíse nó úsáideoir an chórais na tairseacha aoise a leagtar síos sa Rialachán seo, agus ní dhéanfaidh siad an fhaisnéis sin a phróiseáil, a chomhroinnt ná a chomhcheangal a thuilleadh le haon sonraí breise, gan dochar d'Airteagal 29(6), agus ní chomhcheanglóidh siad sonraí pearsanta a stóráiltear nó a bhaineann le húsáid an chórais le sonraí pearsanta ó aon seirbhís eile a thairgeann an soláthraí nó ó sheirbhísí tríú páirtí.

3. Na soláthraithe seirbhísí agus córas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus aon eintiteas a ghníomhaíonn thar ceann soláthraithe den sórt sin nó in éineacht leo maidir le dearbhú aoise, áiritheoidh siad go bhfuil na bearta a úsáidtear bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach. Beidh aon bheart dearbhaithe aoise ina chruthú dífhianaise.

4. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soláthraithe dá dtagraítear in Airteagal 16(4) agus Airteagal 8(1) an comhartha aoise a stóráil, ar leibhéal an chuntais, gur éirigh le

húsáideoir tairseach aoise shonrach a bhaint amach faoin Rialachán seo, chun a sheachaint go ndéantar dearbhú aoise a iarraidh arís agus arís eile agus chun na críche sin amháin. Beidh comhartha aoise den sórt sin teoranta don fhaisnéis íosta is gá chun na críche sin.

5. Soláthraithe seirbhísí agus córas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun míreanna 1, 2, 3 agus 4 a chomhlíonadh.

Roinn II – Oibleagáidí sonracha maidir le dearbhú aoise

Airteagal 29 – Réitigh dearbhaithe aoise

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo réitigh fíoraithe aoise i bhfeidhm chun a fhíorú, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, an bhfuil an aois íosta bainte amach ag faighteoir na seirbhíse de bhun na bhforálacha sin, nó, i gcás inarb infheidhme, an gá cuntas tuismitheora a chruthú.

2. Chun Airteagal 6 a chomhlíonadh, braithfidh soláthraithe dá dtagraítear sa mhír sin go heisiach ar réiteach fíoraithe aoise AE trí úsáid a bhaint as dearbhú um chruthúnas aoise AE, arna sholáthar ag tríú páirtí, arna dheimhniú a bheith i gcomhréir le Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais agus a áirítear i liostaí an Aontais faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 30, mír 1, pointí (a) agus (b) nó atá infhíoraithe ina n-aghaidh.

3. Déanfaidh údarás poiblí réitigh fíoraithe aoise AE agus dearbhuithe um chruthúnas aoise AE a dheimhniú mar réitigh agus mar chruthúnais a chomhlíonann ceanglais Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, mar a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 30(2). Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití arna ndeimhniú de bhun Airteagal 5c de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a chomhlíonann ceanglais Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, measfar iad a bheith deimhnithe i gcomhréir leis an mír seo. Soláthraithe dearbhuithe um chruthúnais aoise AE agus soláthraithe réitigh fíoraithe aoise AE, comhlíonfaidh siad ceanglais Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais.

4. Chun oibleagáidí Airteagal 8(1) agus Airteagal 16(2) agus 16(3) a chomhlíonadh, féadfaidh na soláthraithe lena mbaineann úsáid a bhaint as réitigh dearbhaithe aoise seachas réitigh fíoraithe aoise AE dá dtagraítear i mír 2, i gcás inar féidir leo a léiriú go gcomhlíonann na réitigh sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27 agus 28.

5. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí agus córas dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 go mbeidh rochtain ag faighteoirí ar shásra inmheánach éifeachtach um láimhseáil gearán lena gcuirfear ar a gcumas gearáin in aghaidh thoradh an dearbhaithe aoise dá dtagraítear sna míreanna sin a thaisceadh, trí mheán leictreonach agus saor in aisce, i gcás ina measann an faighteoir go bhfuil toradh an dearbhaithe aoise mícheart. Féadfaidh soláthraithe ardán ar líne, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán 2022/2065, chun an tAirteagal seo a chomhlíonadh, úsáid a bhaint as an sásra láimhseála gearán a leagtar síos in Airteagal 20 de Rialachán 2022/2065.

6. I gcás ina bhfuil comhartha aoise úsáideora faighte ag soláthraí córais oibriúcháin, agus i gcás ina bhfuil an dearbhú aoise a úsáidtear chun an comhartha aoise sin a fháil i gcomhréir leis na ceanglais a shainítear de bhun Airteagal 27, tar éis toiliú a fháil ón úsáideoir, cumasóidh soláthraí córais oibriúcháin an comhartha aoise a chomhroinnt le soláthraithe atá faoin raon feidhme nuair a cheanglaítear ar an gcomhartha aoise sin de chuid úsáideora an Rialachán seo a chomhlíonadh.

Airteagal 30 – Cumhachtú don Choimisiún

1. Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a choinneáil ar bun:

   (a) liosta an Aontais de sholáthraithe dearbhuithe um chruthúnas aoise san Aontas arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 29(2) agus ar thug aon Bhallstát fógra ina leith;

   (b) liosta an Aontais de réitigh fíoraithe aoise AE arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 29(2) agus ar thug aon Bhallstát fógra ina leith.

   Foilseoidh an Coimisiún liosta an Aontais agus coinneoidh sé cothrom le dáta é i bhfoirm shlán mheaisín-inléite.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na sonraíochtaí mar bhonn d'fheidhmiú Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais, lena n-áirítear na ceanglais is infheidhme maidir le réitigh fíoraithe aoise AE agus maidir le dearbhuithe um chruthúnas aoise an Aontais a eisiúint, a chur i láthair agus a fhíorú. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go gcuirfear Airteagal 29(2) agus (3) chun feidhme go héifeachtach, go slán, go gcaomhnófar príobháideachas, go hidir-inoibritheach agus go haonfhoirmeach agus beidh siad bunaithe ar phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí, an teorannaithe de réir cuspóra, na slándála, na neodrachta teicneolaíche agus na comhréireachta, agus áiritheoidh siad idir-inoibritheacht le Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití arna soláthar de bhun Airteagal 5a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na ceanglais mhionsonraithe theicniúla, eagraíochtúla, phríobháideachais agus slándála is infheidhme maidir le dearbhú um chruthúnas aoise AE agus a soláthraithe agus maidir le réitigh fíoraithe aoise AE agus a soláthraithe, an fhianaise agus na nósanna imeachta chun údaráis phoiblí a léiriú agus a mheasúnú, agus sonraíochtaí liostaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1. Féadfar a áireamh sna gníomhartha cur chun feidhme freisin ceanglais maidir le trustmharc le haghaidh réitigh fíoraithe aoise. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 40(2).

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an rialachán seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a shonrú:

   (a) na ceanglais is infheidhme maidir le réitigh mhalartacha dearbhaithe aoise dá dtagraítear in Airteagal 29(4), lena n-áirítear na ceanglais is gá chun a léiriú go gcomhlíontar Airteagal 27 agus Airteagal 28. Sonrófar sna gníomhartha tarmligthe sin na ceanglais mhionsonraithe theicniúla, eagraíochtúla, phríobháideachais agus slándála is infheidhme;

   (b) na hoibleagáidí is infheidhme maidir le córais oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(6), lena n-áirítear na ceanglais is gá chun comhroinnt shlán, chaomhnaithe príobháideachais agus idir-inoibritheach comharthaí aoise a áirithiú.

Airteagal 31 – Oibleagáidí ar na Ballstáit

1. Bunóidh na Ballstáit modh leictreonach amháin ar a laghad lena gcaomhnófar príobháideachas trínar féidir le caomhnóir dearbhú maidir le freagracht tuismitheora a fháil agus a chur i láthair i leith mionaoisigh, chun críocha Airteagal 26(1), pointe

(a), agus maidir le feidhmiú na n-uirlisí do chaomhnóirí dá dtagraítear in Airteagal 20. Seo a leanas mar a bheidh na modhanna sin:

(a) beidh siad bunaithe ar fhoinsí barántúla arna mbunú faoin dlí náisiúnta;

(b) beidh siad saor in aisce don chaomhnóir;

(c) ní bheidh i gceist leo aon fhaisnéis maidir le freagracht tuismitheora a chur ar fáil do sholáthraithe nó don phobal seachas an deimhniú go bhfuil freagracht tuismitheora ann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éifeachtach ar mhodhanna leictreonacha caomhnaithe príobháideachais dá dtagraítear i mír 1 ag na saoránaigh agus na caomhnóirí agus na mionaoisigh uile atá ina gchónaí ar a gcríoch, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil rochtain dhigiteach theoranta nó scileanna digiteacha teoranta acu, agus daoine i staideanna leochaileacha amhail teaghlaigh dídeanaithe agus teaghlaigh easáitithe.

3. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le nósanna imeachta malartacha iomchuí i gcás nach féidir freagracht tuismitheora a léiriú trí dhoiciméadacht chaighdeánach maidir le stádas sibhialta.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh modhanna ar fáil chun dearbhú um chruthúnas aoise a fháil chun an aois íosta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh réiteach físoraithe aoise AE amháin ar a laghad ann, arna dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 29(3), ar fáil saor in aisce do shaoránaigh agus do chónaitheoirí chun na tairseacha aoise a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú.

6. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir údaráis phoiblí a chreidiúnú chun críocha Airteagal 29(3) agus cuirfidh siad in iúl don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí na n-údarás poiblí arna n-ainmniú agus arna gcreidiúnú ina gcríoch, chomh maith le haon athrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi réitigh físoraithe aoise AE agus faoi dhearbhuithe um chruthúnas aoise AE arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 29(3), mar aon leis an deimhniú comhréireachta comhfhreagrach, chomh maith le haon deimhniú a cuireadh ar fionraí nó a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin. A luaithe a bheidh sé san áireamh sna liostaí dá dtagraítear in Airteagal 29(1) pointe (a) agus (b), aithneoidh na Ballstáit uile réiteach físoraithe aoise AE agus dearbhuithe um chruthúnas aoise an Aontais chun críocha an Rialacháin seo.

Airteagal 32 – Cuntais atá ann cheana

1. Chun a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an mbaineann cuntas atá ann cheana le faighteoir faoi bhun 15 bliana d'aois, beidh soláthraithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ag brath ar réiteach físoraithe aoise dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní cheanglófar ar sholáthraithe dá dtagraítear sa mhír sin físorú aoise a dhéanamh i gcás inar féidir leo a shuí, le hardleibhéal muiníne, go bhfuil an aois íosta a leagtar amach in Airteagal 6 bainte amach ag faighteoir na seirbhíse.

3. De mhaolú ar Airteagal 8(1), ní cheanglófar ar sholáthraithe a thagann faoi raon feidhme an Airteagail sin ná ar sholáthraithe siopaí feidhmchlár bogearraí measúnú a dhéanamh ar aois an fhaighteora i gcás inar féidir leo a shuíomh, le hardleibhéal muiníne, nach mionaoiseach é faighteoir na seirbhísí.

4. Cuirfidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo, plean faoi bhráid an údaráis inniúil ina sonrófar an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu mír 1 agus Airteagal 8(1) a chomhlíonadh agus, i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu brath ar na heisceachtaí a leagtar síos i míreanna 2 agus 3, an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu a shuí go bhfuil an aois íosta sroichte ag faighteoir na seirbhíse nó ag úsáideoir an chórais, i gcomhréir leis na míreanna sin.

CAIBIDIL VI – BEARTA CHUN TACÚ LE MIONAOISIGH

Airteagal 33 – Bearta náisiúnta chun mionaoisigh a ullmhú agus chun tacú leo

1. Tacóidh na Ballstáit le cosaint mionaoiseach trí straitéisí náisiúnta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh an méid seo a leanas ag mionaoisigh agus ag a gcaomhnóirí:

   (a) rochtain éasca, saor in aisce agus rúnda ar an leibhéal náisiúnta ar bhealaí trínar féidir le mionaoisigh cúnamh a lorg i ndáil leis na díobhálacha a dtugtar aghaidh orthu sa Rialachán seo, lena n-áirítear teagmháil gan iarraidh agus cibearbhulaíocht;

   (b) faisnéis leordhóthanach faoi na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu leis an Rialachán seo agus faoi na modhanna cosanta atá ar fáil, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar litearthacht dhigiteach;

   (c) faisnéis eile atá ábhartha chun mionaoisigh a chosaint ar líne.

2. Maidir le gníomhaíochtaí na mBallstát chun tacú le mionaoisigh a chosaint, cuirfidh siad le taithí agus saineolas na nIonad um Idirlíon Níos Sábháilte lena ngníomhaíochtaí múscailte feasachta, lena línte cabhrach lena dtacaítear le leanaí, caomhnóirí agus oideoirí, agus lena mbeolínte chun ábhar neamhdhleathach amhrasta a thuairisciú.

3. Cuirfidh na Ballstáit na straitéisí dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún faoin [an lá céanna leis an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm móide 12 mhí].

4. Féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 le cistiú ón Aontas a chuirfear ar fáil faoi chláir agus ionstraimí ábhartha an Aontais arna mbunú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil.

5. Éascóidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit, lena n-áirítear maidir le scileanna litearthachta digití a fhorbairt, agus maidir le bealaí agus feidhmchláir náisiúnta tacaíochta a bhunú agus a oibriú.

CAIBIDIL VII – INNIÚLACHTAÍ, MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 34 – Inniúlachtaí, Maoirseacht agus Forfheidhmiú

1. Chun críocha mhaoirseacht agus fhorfheidhmiú na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán seo ar sholáthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cluichí ar líne ar ardáin físchluichíochta iad, agus siopaí feidhmchlár bogearraí, beidh feidhm ag Caibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065

agus déanfar aon tagairt inti do sholáthraí na seirbhísí idirghabhálacha a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn soláthraí na seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Aon tagairt ann do chomhlíontacht nó do neamhchomhlíonadh fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2022/2065, measfar go n-áirítear an Rialachán seo léi.

2. Chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán seo ar sholáthraithe comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta, beidh feidhm ag Caibidil IX de Rialachán (AE) 2024/1689, agus déanfar aon tagairt inti do chomhlíonadh nó do neamhchomhlíonadh fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/1689 a fhorléiriú mar thagairtí lena n-áirítear Caibidlí II, III agus IV den Rialachán seo. Beidh neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí sin faoi réir fíneálacha riaracháin faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) 2024/1689 nach mó ná 6 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais a sholáthraíonn an comrádaí IS nó an bota comhrá ginearálta sa bhliain airgeadais roimhe sin i gcás ina bhfuarthas amach gur ghníomhaigh an soláthraí sin d'aon ghnó nó le faillí.

3. Na húdaráis a d'ainmnigh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2022/2065 agus Airteagail 70 agus 74 de Rialachán (AE) 2024/1689, áiritheoidh siad go mbeidh na húdaráis sin inniúil chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an Rialachán seo i leith soláthraithe seirbhísí nó córas a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

4. A mhéid a thugtar cumhachtaí don Choimisiún faoi Roinn 4 de Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065 agus faoi Airteagail 75a go 75d agus Airteagal 99 de Rialachán (AE) 2024/1689, cumhdófar leis na cumhachtaí sin freisin maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh údarás inniúil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe cluichí ar líne ar físchluichí iad agus as Airteagal 15 agus na forálacha is infheidhme in Airteagail 8 agus 18 go 22 a fhorfheidhmiú. Beidh ag an údarás inniúil sin na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2022/2065. Chun críoch na míre seo, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagal 15 agus ar na forálacha is infheidhme in Airteagail 8 agus 18 go 22 mar a leagtar amach in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2022/2065. Beidh cumhachtaí eisiacha ag údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí cluichí ar líne ar físchluichí iad lonnaithe chun an Rialachán seo a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú.

6. Beidh na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 inniúil chun faireachán a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí pearsanta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus go háirithe Airteagail 27, 28 agus 29 den Rialachán seo. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí cosanta sonraí a leagtar síos sna hAirteagail sin, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, laistigh dá n-inniúlacht, fíneálacha a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679 agus suas leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin.

7. Ní ghlacfaidh údaráis na mBallstát cinntí a rachadh in aghaidh cinneadh a ghlac an Coimisiún faoin Rialachán seo. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit, lena n-áirítear Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, údaráis um fhaireachas margaidh agus údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, i ndlúthchomhar agus i ndlúthchomhordú.

Airteagal 35 - Nós imeachta brostaithe

1. Chun críocha Roinn 4 de Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065 agus Chaibidil IX de Rialachán (AE) 2024/1689, i gcás ina bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí sa Rialachán seo maidir le soláthraithe ardán an-mhór ar líne arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 nó maidir le soláthraithe córas IS atá faoi mhaoirseacht eisiach an Choimisiúin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689, déanfar na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2022/2065 agus faoi Chaibidil IX de Rialachán (AE) 2024/1689 a fheidhmiú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. I gcás ina dtionscnóidh an Coimisiún imeachtaí um shárú ar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2022/2065 nó le hAirteagal 75a de Rialachán (AE) 2024/1689 ag féachaint don fhéidearthacht cinntí a ghlacadh de bhun Airteagail 73 agus 74 de Rialachán (AE) 2022/2065 nó Airteagail 75c de Rialachán (AE) 2024/1689, féachfaidh an Coimisiún leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) a réamhthorthaí a chur in iúl don soláthraí lena mbaineann laistigh de [30] lá oibre ó thionscnamh na n-imeachtaí de bhun Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2022/2065 nó Airteagal 75a de Rialachán (AE) 2024/1689;

   (b) cinneadh críochnaitheach a ghlacadh laistigh de 90 lá oibre ón uair a dhéantar imeachtaí a thionscnamh.

Airteagal 36 – Táille mhaoirseachta

1. Gearrfaidh an Coimisiún táille mhaoirseachta bhliantúil ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 arb é atá iontu eintitis atá leabaithe i seirbhísí líonraithe shóisialta nó a leabaíonn iad, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, nó siopaí feidhmchlár bogearraí, agus ar sholáthraithe comrádaithe IS, botaí comhrá ginearálta, agus ardáin físchluichíochta a bhfuil an inniúlacht aige maoirseacht a dhéanamh ar a gcomhlíontacht le Caibidlí II go V den Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán seo.

2. Gearrfar an táille mhaoirseachta bhliantúil ar gach soláthraí dá dtagraítear i mír 1 as gach seirbhís nó córas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

3. Le méid foriomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla de bhun mhír 1, cumhdófar na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún sa bhliain féilire roimhe sin i ndáil lena chúraimí maoirseachta faoin Rialachán seo i leith na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1, go háirithe costais a bhaineann le hacmhainní daonna, lena n-áirítear oifigigh, Scéim Fíoraithe Aoise an Aontais a bhunú a oibriú agus a choinneáil ar bun de bhun Airteagal 29, cúraimí maoirseachta agus forfheidhmithe a fheidhmiú de bhun Airteagal 34, agus saineolas agus cumais a fhorbairt de bhun Airteagal 37.

4. Chun an táille mhaoirseachta bhliantúil a shuí le haghaidh na gcúraimí de bhun mhír 3, ní rachaidh an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh gach ceann de na soláthraithe dá dtagraítear i mír 1 thar 0,03 % dá ghlanioncam bliantúil domhanda sa bhliain airgeadais roimhe sin.

5. Chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2065.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal X, lena leagfar síos an mhodheolaíocht mhionsonraithe agus na nósanna imeachta maidir le:

(a) na costais mheasta dá dtagraítear i mír 3 a chinneadh;

(b) na táillí maoirseachta bliantúla aonair dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh;

(c) na huasteorann foriomláine arna sainiú i mír 4 a chinneadh; agus

(d) na socruithe mionsonraithe is gá chun íocaíochta a dhéanamh.

Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, urramóidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach i mír 5 den Airteagal seo.

Airteagal 37 – Saineolas agus cumais a fhorbairt

An Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 34, déanfaidh sé saineolas agus cumais an Aontais a fhorbairt i réimse na cosanta mionaoiseach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí phearsanra na mBallstát a fháil ar iasacht. Maidir le forbairt saineolais agus cumas den sórt sin, déanfar í a fhorbairt go háirithe i réimse na dteagmhas a dhéanann difear do chosaint mionaoiseach.

Airteagal 38 – Sásraí freagartha ar theagmhais

1. An Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 33, déanfaidh sé comhordú ar an measúnú ar theagmhais a dhéanann difear do chosaint mionaoiseach ar fud an Aontais maidir le seirbhísí agus córais atá faoin raon feidhme, agus beidh sé in ann brath ar shaineolas agus acmhainní na n-údarás sin. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún chun líonraí éifeachtúla comhroinnte eolais a chur ar bun le húdaráis eile agus le tríú páirtithe ábhartha.

2. Bunóidh an Coimisiún socrú riaracháin deonach le húdaráis inniúla lena leagfar amach nósanna imeachta chun mearfhreagairt a éascú i gcás teagmhas a dhéanann difear do chosaint mionaoiseach san Aontas nó i gcodanna suntasacha de. Bunóidh na Ballstáit íosleibhéil ullmhachta le haghaidh na n-údarás náisiúnta chun bealaí cumarsáide rialta a áirithiú idir na húdaráis náisiúnta ábhartha agus tríú páirtithe, agus déanfaidh siad prótacail maidir le freagairt ar theagmhais atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a mhapáil agus, i gcás inarb ábhartha, cinn nua a bhunú. Comhlánóidh an sásra freagartha teagmhais na huirlisí géarchéime atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2022/2065 agus cuirfidh sé bonn eolais faoina ngníomhachtú féideartha.

CAIBIDIL VIII – GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME AGUS CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE

Airteagal 39 – An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(5), 6(6), 7(6), 20(7), 25(1), 26(3), 30(3) agus 36(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [lá céanna le dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann

Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(5), 6(6), 7(6), 20(7), 25(1), 26(3), 30(3) agus 36(6) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2(5), 6(6), 7(6), 20(7), 25(1), 26(3), 30(3) agus 36(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear trí mhí bhreise leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 40 – Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste (‘an Coiste um Shábháilteacht Leanaí’) cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

CAIBIDIL IX - FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 41 – Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828, cuirtear an pointe seo a leanas leis: [ainm deiridh an ghnímh].

Airteagal 42 - Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin [31 Lúnasa 2030]. Agus aird á tabhairt ar an taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, agus ar fhorbairtí teicneolaíochta, margaidh agus dlí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) rannchuidiú an Rialacháin seo le doimhniú agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh agus le hardleibhéal cosanta ar líne a áirithiú do mhionaoisigh san Aontas Eorpach;

(b) éifeachtacht chur i bhfeidhm Airteagail 6 agus 7;

(c) raon feidhme pearsanta na bhforálacha i gCaibidlí II agus III;

(d) an tionchar atá ag an Rialachán seo ar urramú na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

2. I gcás inarb iomchuí, gabhfar togra chun an Rialachán seo a leasú leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1.

3. De bhreis air sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 4 bliana tar éis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar an dul chun cinn chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

Airteagal 43 – Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón [an lá céanna a thiocfaidh sé i bhfeidhm móide 6 mhí].

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 5 ón [an lá céanna a thiocfaidh sé i bhfeidhm] agus beidh feidhm ag Airteagail 33 agus 35 ón [an lá céanna a thiocfaidh sé i bhfeidhm móide 12 mhí].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. FRAMEWORK OF THE PROPOSAL/INITIATIVE 3
1.1. Title of the proposal/initiative 3
1.2. Policy area(s) concerned 3
1.3. Objective(s) 3
1.3.1. General objective(s) 3
1.3.2. Specific objective(s) 3
1.3.3. Expected result(s) and impact 4
1.3.4. Indicators of performance 4
1.4. The proposal/initiative relates to: 6
1.5. Grounds for the proposal/initiative 6
1.5.1. Requirement(s) to be met in the short or long term including a detailed timeline for roll-out of the implementation of the initiative 6
1.5.2. Added value of EU involvement (it may result from different factors, e.g. coordination gains, legal certainty, greater effectiveness or complementarities). For the purposes of this section 'added value of EU involvement' is the value resulting from EU action, that is additional to the value that would have been otherwise created by Member States alone. 7
1.5.3. Lessons learned from similar experiences in the past 7
1.5.4. Compatibility with the multiannual financial framework and possible synergies with other appropriate instruments 7
1.5.5. Assessment of the different available financing options, including scope for redeployment 8
1.6. Duration of the proposal/initiative and of its financial impact 9
1.7. Method(s) of budget implementation planned 9
2. MANAGEMENT MEASURES 10
2.1. Monitoring and reporting rules 10
2.2. Management and control system(s) 10
2.2.1. Justification of the budget implementation method(s), the funding implementation mechanism(s), the payment modalities and the control strategy proposed 10
2.2.2. Information concerning the risks identified and the internal control system(s) set up to mitigate them 12
2.2.3. Estimation and justification of the cost-effectiveness of the controls (ratio between the control costs and the value of the related funds managed), and assessment of the expected levels of risk of error (at payment & at closure) 12
2.3. Measures to prevent fraud and irregularities 12
3. ESTIMATED FINANCIAL IMPACT OF THE PROPOSAL/INITIATIVE 13

3.1. Heading(s) of the multiannual financial framework and expenditure budget line(s) affected 13
3.2. Estimated financial impact of the proposal on appropriations 14
3.2.1. Summary of estimated impact on operational appropriations 14
3.2.1.1. Appropriations from voted budget 14
3.2.1.2. Appropriations from external assigned revenues 14
3.2.2. Estimated output funded from operational appropriations 16
3.2.3. Summary of estimated impact on administrative appropriations 18
3.2.3.1. Appropriations from voted budget 18
3.2.3.2. Appropriations from external assigned revenues 18
3.2.3.3. Total appropriations 18
3.2.4. Estimated requirements of human resources 19
3.2.4.1. Financed from voted budget 19
3.2.4.2. Financed from external assigned revenues 19
3.2.4.3. Total requirements of human resources 20
3.2.5. Overview of estimated impact on digital technology-related investments 23
3.2.6. Compatibility with the current multiannual financial framework 24
3.2.7. Third-party contributions 24
3.3. Estimated impact on revenue 25
4. DIGITAL DIMENSIONS 25
4.1. Requirements of digital relevance 26
4.2. Data 27
4.3. Digital solutions 27
4.4. Interoperability assessment 27
4.5. Measures to support digital implementation 27

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

An Gníomh um Shábháilteacht agus Cearta Leanaí ar Líne

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Mionaoisigh a chosaint ar líne i réimsí beartais na líonraí cumarsáide, an ábhair agus na teicneolaíochta; sláinte phoiblí; agus an margadh inmheánach, tionsclaíocht, fiontraíocht agus FBManna.

Baineann an tionchar buiséadach leis na cúraimí maoirseachta nua a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún i ndáil le seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, siopaí feidhmchlár bogearraí chomh maith le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta laistigh d'inniúlacht an Choimisiúin. Eascraíonn roinnt tionchair theoranta freisin as na hoibleagáidí nua ar fhíschluichí, cé gur ar údaráis na mBallstát atá an mhaoirseacht dhíreach.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Déanann an Rialachán seo atá beartaithe obair leantach ar chonclúidí na tuarascála ó Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta maidir le Sábháilteacht Leanaí ar Líne, inar leagadh amach bealach soiléir maidir leis an gcaoi ar féidir cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí san Eoraip sa timpeallacht ar líne.

Mar a leagtar amach sa tuarascáil, caitheann leanaí níos mó ama ar líne agus, ar an gcaoi sin, bíonn siad neamhchosanta ar go leor rioscaí éagsúla amhail nochtadh d'ábhar atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de, cibearbhulaíocht, am iomarcach a chaitear ar líne, agus teagmhálacha gan iarraidh ó strainséirí. Bíonn iarmhairtí tromchúiseacha ag na rioscaí sin ar mheabhairshláinte agus ar fholláine leanaí, agus is grúpa an-leochaileach iad déagóirí agus leanaí.

Tá an baol ann go n-éireoidh margadh an Aontais níos ilroinnte de réir mar atá bearta á bpleanáil nó á nglacadh ag na Ballstáit chun srian a chur ar rochtain ar ardáin áirithe ar líne a mheastar a bheith contúirteach do leanaí faoi bhun aois shonraithe – le difríochtaí ó thaobh raon feidhme, teorainn aoise agus srianta beartaithe de – rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil, costais arda chomhlíontachta do ghnólachtaí agus leibhéal éagothrom cosanta do mhionaoisigh i dtimpeallacht dhigiteach nach bhfuil aon teorainneacha aici.

Chun timpeallacht dhigiteach atá sábháilte agus oiriúnach ó thaobh aoise de a áirithiú do mhionaoisigh agus mar a tugadh faoi deara freisin sa tuarascáil ó Chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta, tá dearbhú aoise ríthábhachtach chun mionaoisigh a chosaint go héifeachtach ar líne. Tá dearbhú aoise mar bhonn agus mar thaca ag srianta aoise agus ag bearta sábháilteachta leanaí araon. Mar sin féin, tá easpa soiléireachta sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair maidir le dearbhú aoise agus tá a chur chun feidhme easnamhach.

I bhfianaise an mhéid sin, is é is aidhm don Rialachán seo atá beartaithe **creat láidir comhleanúnach a áirithiú chun mionaoisigh a chosaint ar líne**, agus an leanbh agus a chumhachtú agus a gcearta bunúsacha a ghlacadh mar thúsphointe.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Agus an cuspóir ginearálta mionaoisigh a chosaint ar líne á chur san áireamh, saothraítear na cuspóirí sonracha seo a leanas leis an togra:

Moill a chur ar rochtain mionaoiseach ar sheirbhísí a bhfuil gnéithe sonracha acu ar seirbhísí líonra líonraithe shóisialta nó ardáin comhroinnte físeán iad. I gcás na seirbhísí sin, ní cheadóidh siad do mhionaoisigh faoi bhun 15 bliana d'aois cuntas a chruthú. Féadfaidh soláthraithe na seirbhísí sin cead a thabhairt do chaomhnóirí cuntais a chur ar bun do mhionaoisigh os cionn 13 bliana d'aois a bhfuil gnéithe teoranta ag baint leo chun rochtain a fháil ar an tseirbhís. I gcás inar féidir le soláthraithe a léiriú gur seirbhís iad atá oiriúnach do leanaí, féadfaidh siad rochtain a dheonú freisin do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d'aois trí bhíthin cuntais arna gcruthú agus arna maoirsiú ag a gcaomhnóir.

Cosaint mionaoiseach a neartú trí cheanglais 'sábháilteacht trí dhearadh' trí oibleagáidí seirbhísí digiteacha agus córas áirithe a shoiléiriú, ionas go dtabharfar aghaidh ar rioscaí do leanaí i ndearadh agus i bhfeidhmiú na seirbhísí agus na gcóras sin.

Sásraí dearbhaithe aoise a chomhlíonann cearta bunúsacha iontaofa a áirithiú trí cheanglais agus critéir shoiléire a bhunú maidir le córais dearbhaithe aoise a úsáid chun tacú leis an moill ar rochtain agus le cur chun feidhme na mbeart 'sábháilteacht trí dhearadh' araon.

Forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú ar fud an Aontais trí chreat láidir comhleanúnach rialála agus forfheidhmiúcháin a bhunú lena gcumasófar cur chun feidhme tráthúil éifeachtúil, lena gcinnteofar go gcosnófar mionaoisigh go tapa agus go héifeachtach sa chleachtas.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Táthar ag súil go gcuirfidh an togra le timpeallacht níos sábháilte ar líne do leanaí agus go gcuirfidh sé feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh an tráth céanna. Trí oibleagáidí cosanta leanaí a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh ar fud an Aontais, ba cheart go laghdódh sé ilroinnt rialála agus go gcuirfeadh sé creat níos intuartha ar fáil do sholáthar seirbhísí agus córas trasteorann, go háirithe i bhfianaise chineál trasteorann na soláthraithe faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Sa ghearrthéarma, i gcás soláthraithe seirbhísí agus córas dá ndéantar difear, d'fhéadfadh an togra costais chomhlíontachta inmheánacha a mhéadú, athdhearadh táirgí a éileamh agus bearta sábháilteachta breise a chur chun feidhme – amhail uirlisí dearbhaithe aoise nó rialaithe caomhnóirí – agus d'fhéadfadh sé bacainní áirithe ar iontráil a chruthú do roinnt soláthraithe. Le himeacht ama, áfach, meastar go laghdóidh oibleagáidí dlíthiúla níos soiléire costais, go dtacóidh siad le dálaí iomaíocha ar leibhéal níos airde, agus go n-éascóidh siad maoirseacht agus forfheidhmiú ag údaráis phoiblí, agus meastar go mbeidh na tionchair fhoriomlána neodrach go beagán dearfach d'údaráis phoiblí.

Meastar freisin go spreagfaidh an togra nuálaíocht i ndearadh atá sábháilte do leanaí agus i seirbhísí agus i gcórais dhigiteacha atá oiriúnach ó thaobh aoise de, lena n-áirítear réitigh dearbhaithe aoise lena gcaomhnaítear príobháideachas. Cé go dtiocfaidh méadú ar chostais maidir le fíorú aoise nó dearbhú aoise malartach,

d'fhéadfadh sineirgí le bonneagar digiteach níos leithne an Aontais, go háirithe Tiachóg na Céannachta Digití ón Aontas agus Treoirphlean Fíoraithe Aoise an Aontais, costais cur chun feidhme a laghdú le himeacht ama.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Sainaithníodh na príomhtháscairí seo a leanas:

Teorainn a chur le rochtain ar sheirbhísí digiteacha agus ar chórais dhigiteacha ardriosca: Léirítear i raon suirbhéanna go n-úsáideann na milliúin mionaoiseach faoi bhun 13 bliana d'aois na meáin shóisialta san Aontas agus go bhfuil a gcuntais féin acu (1). Mar shampla, i sé thír, tuairiscíonn 34 % de dhaoine 9-11 bhliain d'aois go bhfuil próifíl meán sóisialta acu (2). I bhfianaise an mhéid sin, is é an sprioc a bheadh ann a áirithiú go gcuirfeadh sciar suntasach de sheirbhísí srianta éifeachtacha rochtana i bhfeidhm i gcomhréir leis na ceanglais nua. Léirítear leis an taithí a fuarthas le déanaí san Astráil go dtógann athrú sochaíoch den sórt sin am agus go n-éilíonn sé ní hamháin comhlíonadh éifeachtach soláthraithe, ach athrú dearcaidh i gcás mionaoiseach, tuismitheoirí agus na sochaí ina hiomláine freisin. Dá bhrí sin, chun go n-éireoidh leis, beidh gá le forfheidhmiú éifeachtach, múscailt feasachta sa tsochaí, rannpháirtíocht leathan sa tsochaí, faireachán leanúnach agus aitheantas go dtógann sé am athrú iompraíochta a dhéanamh.

Ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh a chur chun feidhme: Faoi láthair, níor dearadh an timpeallacht ar líne agus leanaí san áireamh agus ní fhreastalaíonn sí ar a gcumais athraitheacha. Is iomaí riosca atá roimh leanaí ar líne, rud a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a imirt ar a bhfolláine, ar a bhforbairt agus ar a sláinte fhisiciúil agus a meabhairshláinte. Bíonn na rioscaí sin ag síorathrú agus, ós rud é gur luathghlacadóirí teicneolaíochtaí nua iad leanaí, is iad na leanaí is leochailí fós i leith na rioscaí a bhaineann leo. I bhfianaise an mhéid sin, is é an sprioc a bheadh ann a áirithiú go n-éireoidh an timpeallacht ar líne níos sábháilte do mhionaoisigh trí bhearta 'sábháilteacht trí dhearadh' a chur chun feidhme. Chun go n-éireoidh leis, beidh gá le sábháilteacht mionaoiseach a bheith ionsuite i dtáirgí agus i seirbhísí ón tús, agus ar feadh shaolré táirge nó seirbhíse, rud a chruthóidh athrú foriomlán ó bhonn i measc seirbhísí agus córais rialáilte ar cheart tosaíocht a thabhairt do chosaint mionaoiseach. Ba cheart é sin a chomhcheangal le forfheidhmiú agus maoirseacht éifeachtach.

Córais dearbhaithe aoise a chomhlíonann cearta bunúsacha a bheith i bhfeidhm acu. De ghnáth, ní fhorbraítear na ceanglais aoise atá ann cheana ar ardáin ar líne bunaithe ar riachtanais leanaí agus is ar éigean a fhorfheidhmítear iad. Leagann formhór na soláthraithe seirbhísí digiteacha aois íosta amach chun rochtain a fháil ar a seirbhís nó chun í a úsáid ina dtéarmaí agus coinníollacha (3). Mar a thug ECFE faoi deara, eascraíonn an réasúnaíocht atá taobh thiar de na haoiseanna a roghnaíonn ardáin as cúiseanna príobháideachais agus dlíthe conartha seachas bunaithe ar mheasúnú ar shábháilteacht nó ar oiriúnacht forbartha (4). Cuireann ECFE i dtábhacht freisin 'nach gcuireann ach fíorbheagán [de na seirbhísí lena socraítear aois íosta ina dTéarmaí Seirbhíse] dearbhú aoise chun feidhme ar bhealach córasach' agus nach n-éilíonn ach 2 sheirbhís as an 50 seirbhís ar líne a ndearnadh staidéar orthu dearbhú aoise go córasach chun cuntas a chruthú (5). Is iondúil gurb é an féin-dearbhú an t-aon seiceáil aoise a dhéantar sula gcruthaítear cuntas. Aithnítear go forleathan nach beart éifeachtach dearbhaithe aoise ann féin é an féin-dearbhú, toisc go dtugann úsáideoirí go leor aois bhréagach (6, 7, 8). Léirítear i raon suirbhéanna go

ndéanann mionaoisigh míráiteas go rialta ar a n-aois ar líne (9). Sa chleachtas, dá bhrí sin, is féidir le húsáideoirí atá faoi bhun aoise rochtain éasca a fháil ar go leor seirbhísí ar líne atá srianta ó thaobh aoise de. Sa chomhthéacs sin, is é an sprioc atá ann go nglacfar go forleathan le dearbhú aoise a urramaíonn na cearta bunúsacha. Is féidir é sin a bhaint amach trí ghníomhaíocht agus trí fhíor-chomhlíonadh ó na seirbhísí faoi raon feidhme an Rialacháin, mar aon le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach, chomh maith le faireachán agus meastóireacht leanúnach go háirithe maidir leis na tionchair ar chearta bunúsacha.

Forfheidhmiú éifeachtach a neartú. Tá forfheidhmiú Rialachán (AE) 2022/2065 ar siúl faoi lán seoil, lena n-áirítear i réimse na cosanta mionaoiseach. Mar sin féin, tógann sé am fós sula nglactar cinneadh críochnaitheach maidir le neamhchomhlíonadh. I bhfianaise an mhéid sin, i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil neamhchomhlíonadh ann, is é an sprioc atá ann go rachfar i ngleic leis sin go tapa chun a áirithiú go dtabharfar gníomhaíocht éifeachtach do mhionaoisigh go tapa chun iad a chosaint sa timpeallacht ar líne.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[10]

X síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Chun mionaoisigh a chosaint ar líne, tá gá le gníomhaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí práinneacha agus le bearta struchtúracha chun timpeallacht dhigiteach níos sábháilte a thógáil le himeacht ama.

Sa ghearrthéarma, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme agus d'fhorfheidhmiú éifeachtach na rialacha ionas go gcosnófar mionaoisigh go héifeachtach ar líne – beidh gá le hacmhainní substaintiúla chun é sin a bhaint amach sa chleachtas. Ba cheart é sin a chomhcheangal le bearta tacaíochta spriocdhírithe agus feachtais múscailte feasachta ag na Ballstáit do mhionaoisigh, do chaomhnóirí agus d'oideoirí.

San fhadtéarma, is é an cuspóir atá ann ní hamháin freagairt do na rioscaí, ach an timpeallacht ar líne a athmhúnlú ionas go mbeidh cosaint ag mionaoisigh mar gheall ar bheart ionsuite seachas beart ceartaitheach. Chuige sin, tá gá le hinfheistíocht leanúnach i réitigh dearbhaithe aoise lena gcaomhnaítear príobháideachas, le litearthacht dhigiteach láidir ó na Ballstáit agus le forbairt fhoriomlán seirbhísí atá oiriúnach do leanaí.

[10] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, beidh ar sholáthraithe seirbhíse dáta tosaigh na meán sóisialta a chomhlíonadh trína shuí an mbaineann cuntais le faighteoirí faoi bhun na haoise íosta agus bearta a dhéanamh chun iad sin a dhíchumasú. Chun a áirithiú go ndéanfar cuntais atá ann cheana a thabhairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí aoise íosta, déanfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne plean mionsonraithe cur chun feidhme a chur faoi bhráid an údaráis inniúil roimh dhul in éag na tréimhse ama 6 mhí, lena gcomhthacófar leis an ardleibhéal muiníne is gá.

Ón dáta sin ar aghaidh, ní mór d'ardáin oibleagáidí maidir le sábháilteacht trí dhearadh a chomhlíonadh freisin agus, i gcás inar gá, fíorú aoise a úsáid. An tráth céanna, 6 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm, ní mór don Choimisiún a bheith réidh chun na rialacha nua a fhorfheidhmiú i dtreo ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne, agus i dtreo Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha náisiúnta i dtreo ardáin agus físchluichí níos lú. Déanfar na ceanglais nua maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá a fhorfheidhmiú faoi chreat maoirseachta agus forfheidhmiúcháin an Ghnímh um an Intleacht Shaorga atá ann cheana i gcás ina bhfuil an Coimisiún freagrach as na comrádaithe IS agus na botaí comhrá atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha nó atá comhtháite in ardáin an-mhór ar líne nó innill chuardaigh an-mhór ar líne.

12 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, beidh ar sholáthraithe seirbhísí agus córas atá faoin raon feidhme cuntais tuismitheora a chumasú, rialacha maidir le comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a chomhlíonadh, bearta tionlacain éagsúla a chur chun feidhme, chomh maith le cód iompair a leanúint le haghaidh rátáil aoise más infheidhme maidir leo. Ón dáta sin ar aghaidh, i.e. 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ní mór don Choimisiún a bheith réidh chun an córas forfheidhmithe brostaithe nua a chur i bhfeidhm (30 lá chun teacht ar réamhthorthaí, 90 lá chun teacht ar chinneadh críochnaitheach).

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Tá údar le gníomhaíocht ón Aontas mar gheall ar chineál trasteorann na seirbhísí digiteacha agus na gcóras IS, cuir chuige náisiúnta ilroinnte maidir le srian a chur le rochtain mionaoiseach agus an gá atá le leibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do mhionaoisigh ar fud an Aontais. Is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais éagsúlacht rialála a laghdú, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus costais chomhlíontachta a laghdú do sholáthraithe agus d'úsáideoirí, forfheidhmiú a fheabhsú, agus a áirithiú go gcosnófar mionaoisigh go héifeachtach ar fud an Aontais.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Bunaithe ar Rialachán (AE) 2022/2065, tá na ceachtanna seo a leanas a foghlaimíodh:

Tá acmhainní leordhóthanacha cobhsaí ríthábhachtach. Is léir ón taithí a fuarthas faoi Rialachán (AE) 2022/2065 go bhfuil gá le hacmhainní ardoilte, acmhainneacht theicniúil agus foireann leordhóthanach chun rialacha a fhorfheidhmiú go

héifeachtach i leith na gcuideachtaí is mó ar domhan. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin agus maoirseacht á déanamh ar sheirbhísí digiteacha móra trasteorann agus iad á bhforfheidhmiú, agus é sin á dhéanamh i dtimpeallacht an-dlíthiúil.

Ba cheart acmhainní a bheith buan. Ba cheart forfheidhmiú sa timpeallacht dhigiteach a bheith ag brath ar acmhainní cobhsaí, chun iontaofacht agus intuarthacht fhadtéarmach a áirithiú. Forbraíonn rioscaí ar sheirbhísí digiteacha go tapa, agus athraíonn ardáin a gcórais go tapa, agus ní mór don mhaoirseacht a bheith leanúnach agus dul timpeall ar riosca na ndoirse imrothlacha. Ní féidir maoirseacht láidir inchreidte a dhéanamh le himeacht ama ach amháin trí acmhainní buana.

Tá forfheidhmiú tapa ríthábhachtach sa timpeallacht ar líne, go háirithe i gcás mionaoiseach. I gcás seirbhísí digiteacha, is féidir le díobhálacha méadú go tapa agus is féidir le moilleanna éifeachtacht na hidirghabhála a laghdú go mór. Dá bhrí sin, ní mór don chreat forfheidhmiúcháin gníomhaíocht thráthúil a cheadú, lena n-áirítear an cumas freagairt go tapa i gcás ina dtagann rioscaí tromchúiseacha chun cinn.

Neartaíonn forfheidhmiú inchreidte comhlíonadh. I gcás ina bhfuil an acmhainneacht agus na huirlisí ag na húdaráis chun gníomhú go cinntitheach, cruthaíonn sé sin dreasachtaí do sholáthraithe a bheith rannpháirteach go dáiríre agus comhlíonadh níos réamhghníomhaí a dhéanamh. Is éard atá i gceist le maoirseacht éifeachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh tionchar praiticiúil ag na rialacha.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

Bainfidh an tionscnamh leas as táille mhaoirseachta a bheidh le híoc ag gach soláthraí seirbhísí líonra líonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus siopaí feidhmchlár bogearraí a bhfuil inniúlacht ag an gCoimisiún ina leith maoirseacht a dhéanamh ar a gcomhlíonadh agus atá ainmnithe mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus comrádaithe IS, agus botaí comhrá ginearálta a cháilíonn mar ardán an-mhór ar líne. Ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil bunaithe ar Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2065, nach méadófar, áfach, ar sholáthraí áirithe ardáin an-mhór ar líne nó innill cuardaigh an-mhór le haghaidh níos mó ná 0,03 % dá ghlanioncam bliantúil domhanda sa bhliain airgeadais roimhe sin.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Is breisiú ar an táille mhaoirseachta atá ann cheana faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha í an rogha mhaoiniúcháin thosaíochta. Chuige sin, maidir le soláthraithe seirbhísí líonralíonraithe shóisialta ar líne, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus siopaí feidhmchlár bogearraí a thagann faoi mhaoirseacht an Choimisiúin Eorpaigh agus atá ainmnithe mar Ardán an-Mhór ar Líne faoi Rialachán (AE) 2022/2065, agus comrádaithe IS agus botaí comhrá ginearálta a cháilíonn mar ardán an-mhór ar líne, gearrfar táille bhreise orthu as an táille mhaoirseachta bhliantúil de bhun Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2065.

Chun na rialacha faoin tionscnamh seo a fhorfheidhmiú, beidh an Coimisiún ag brath go páirteach ar ath-imlonnú. Mar sin féin, agus na cúraimí maoirseachta suntasacha

nua á ndéanamh gan an baol a bheith ann go gcuirfí an obair forfheidhmiúcháin atá ann cheana i mbaol, eisiatar spleáchas iomlán ar ath-imlonnú. Féach freisin Roinn 4.1 den iarscríbhinn.

I gcás ina mbraitheann forfheidhmiú ar tháillí maoirseachta, ba cheart a chur in iúl go mbeidh bearna dhosheachanta ann idir an gá tosaigh le hacmhainní daonna agus an ranníocaíocht airgeadais a eascraíonn as an táille mhaoirseachta nach mbeidh ar fáil go dtí go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm agus go n-íocfar an táille. Tá riosca criticiúil ag baint leis an mbearna sin do chur chun feidhme ceart an togra, ós rud é nach mbeadh na hacmhainní is gá ar fáil nuair a bheadh gá leo, i.e. ón uair a thiocfaidh siad i bhfeidhm. Is ard iad na hionchais pholaitiúla agus phoiblí maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach chun mionaoisigh a chosaint ar líne, agus beidh ar an gCoimisiún a léiriú go diongbháilte go bhfuil sé in ann seasamh in iompar díobhálach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca ón mbearna idir an gá tosaigh le hacmhainní daonna agus an ranníocaíocht airgeadais a eascraíonn as an táille bhunaidh agus a áirithiú go mbeidh na hacmhainní leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun an togra a fhorfheidhmiú ón gcéad lá a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

X tréimhse neamhtheoranta

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2028 go neamhtheoranta,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[11]

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

– **X** ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a

[11] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Ceann	ar	bith

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar dianmheastóireacht ar an togra, go háirithe i dtéarmaí éifeachtacht na moille ar rochtain, raon feidhme pearsanta na moille ar rochtain agus a chomhréireacht agus na ceanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht sin an taithí a fuarthas agus an togra á chur chun feidhme mar aon le forbairtí teicneolaíochta, margaidh agus dlíthiúla. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Lúnasa 2030.

I gcás inarb iomchuí, beidh an togra chun na rialacháin a leasú ag gabháil leis an tuarascáil. Tar éis an athbhreithnithe tosaigh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhreise faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 4 bliana maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo chuspóirí an Rialacháin a bhaint amach.

Comhlánóidh sé sin an faireachán leanúnach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Bunaítear leis an Rialachán timpeallacht níos sábháilte ar líne do leanaí agus feabhas á chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh an tráth céanna. Leagtar amach ann rialacha soiléire chun teorainn a chur le rochtain mionaoiseach ar sheirbhísí digiteacha agus ar chórais dhigiteacha lena mbaineann na rioscaí is mó dóibh, cosaint mionaoiseach a neartú trí cheanglais maidir le sábháilteacht trí dhearadh, ceanglais agus critéir shoiléire a bhunú maidir le córais dearbhaithe aoise a úsáid chun tacú leis an moill ar rochtain agus le cur chun feidhme na mbeart maidir le sábháilteacht trí dhearadh araon, agus forfheidhmiú éifeachtach a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais trí chreat láidir comhleanúnach rialála agus forfheidhmithe a bhunú

Chun go gcomhlíonfaidh an Coimisiún na freagrachtaí nua a shanntar dó, is gá acmhainní iomchuí a chur ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin toisc go mbeidh ar an gCoimisiún, agus a chúraimí á bhfeidhmiú aige, maoirseacht a dhéanamh ar chuid de na cuideachtaí is láidre ó thaobh airgeadais de agus is sofaisticiúla ar domhan ó thaobh na teicneolaíochta de, i dtimpeallacht an-dlíthiúil. Chun maoirseacht a dhéanamh ar na cuideachtaí sin, beidh gá le baill foirne a bhfuil próifílí ardoilte speisialaithe acu. Tá riosca nach beag polaitiúil roimh an gCoimisiún má tá an forfheidhmiú gann ar acmhainní, go háirithe toisc go ndéileálann an ionstraim seo le mionaoisigh, atá ar na daoine is leochailí sa tsochaí, a chosaint. Tá an t-éileamh ag méadú go ndéanfaí gníomhaíocht thapa chun leanaí na hEorpa a chosaint ar líne agus tá foireann leordhóthanach ag teastáil chun a áirithiú go ndéanfar an chéad ghlúin eile a chosaint go héifeachtach, go háirithe chun cur ar a chumas don Choimisiún an forfheidhmiú mear a cheanglófar leis an ionstraim reachtach nua, arb é is aidhm di leanaí a chosaint go leordhóthanach agus go tapa, a bhaint amach.

Meastar go mbeidh 85 aonad de choibhéis lánaimseartha ag teastáil chun an Rialachán a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Tá na leibhéil foirne atá beartaithe comhréireach le méid agus castacht na bhfreagrachtaí nua agus léiríonn siad an rogha is costéifeachtaí, agus dúbláil á seachaint ar an leibhéal náisiúnta.

Chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní sin ar fáil, déanfaidh an Coimisiún 45 aonad de choibhéis lánaimseartha a ath-imlonnú. Thairis sin, chun na riachtanais acmhainní a chomhlánú agus chun na cúraimí maoirseachta nach beag nua faoin ionstraim seo a chomhlíonadh, beidh 40 aonad de choibhéis lánaimseartha de bhaill foirne nua de dhíth ar an gCoimisiún.

Chun maoirseacht na rialacha faoin ionstraim seo a mhaoiniú, beidh an Coimisiún ag brath ar ‘breisiú’ leis an táille mhaoirseachta atá ann cheana faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, táille nach mór do na soláthraithe sin a íoc faoi raon feidhme na hionstraime nua a ainmnítear mar ardán an-mhór ar líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Cosúil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, comhlíonann an togra reachtach seo na trí cheanglas charnacha maidir le brath ar tháille:

- Tá seirbhís á soláthar: Baineann an tseirbhís le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, i.e. maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin. Tá tairbhí inláimhsithe comhlíontachta ag baint le maoirseacht le haghaidh na n-eintiteas dá ndéantar difear. Mar shampla, i gcás inar féidir le soláthraithe a léiriú gur seirbhís iad atá oiriúnach do leanaí, féadfaidh siad rochtain a dheonú freisin do mhionaoisigh faoi bhun 13 bliana d’aois trí bhíthin cuntais arna gcruthú agus arna maoirsiú ag a gcaomhnóir. Áirítear ar na costais a bhaineann le soláthar na seirbhíse costais uirlisí TF, costais foirne, agus costais riaracháin eile.

- Faigheann na daoine a íocann an ranníocaíocht an tseirbhís ina n-aonar: Soláthraíonn an tseirbhís sochair dhíreacha do na heintitis a n-iarrtar orthu an táille a íoc. Trí dhul faoi na seirbhísí maoirseachta dá bhforáiltear sa togra, is féidir le soláthraithe a chruthú go hiontaofa go bhfuil seirbhís á tairiscint acu atá sábháilte do mhionaoisigh. Ní íocfaidh ach na heintitis sin atá faoi raon feidhme na hionstraime nua an breisiú ar tháille mhaoirseachta an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha faoin ionstraim seo agus, de bhua a n-ainmnithe mar ardáin an-mhór ar líne nó innill chuardaigh an-mhór ar líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, a thagann faoi mhaoirseacht dhíreach an Choimisiúin.

- Leibhéal comhréireach táillí: De réir an chleachtais sheanbhunaithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, bunófar leibhéal na táille (agus a breisiú) go bliantúil agus cuirfear in oiriúint é, ó thaobh méide de, don eintiteas aonair faoi mhaoirseacht trí fhoirmle a úsáid lena gcuirfear san áireamh líon úsáideoirí na seirbhíse agus a bhféadfar uasteorainn a chur léi ar leibhéal bhrabús domhanda an tsoláthraí seirbhíse sa bhliain airgeadais roimhe sin. Tá uasteorainn 0,03 % dá ghlanioncam bliantúil domhanda sa bhliain airgeadais roimhe sin leagtha síos don mhéadú uasta ar chostais i ndáil le gníomhaíochtaí maoirseachta faoin ionstraim nua seo, i gcás soláthraí ardáin an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne.

Mar is amhlaidh leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, is cás í an ionstraim seo inar féidir cineál buan an ioncaim agus cineál buan na gcúraimí a dhéantar mar mhalairt ar an táille a áirithiú. Bailíodh táille mhaoirseachta an Ghnímh um

Sheirbhísí Digiteacha ó bhí 2024 ann. Go dtí seo, EUR 40 agus 60 milliún in aghaidh na bliana a bhí i gceist leis, agus mínítear éagsúlachtaí beaga le hathruithe ar na costais mhaoirseachta a bhfuil coinne leo don bhliain dár gcionn. Lean an díorma inneall cuardaigh an-mhór ar líne (> 45 mhilliún úsáideoir gníomhach míosúil) de bheith ag fás seachas ag laghdú de réir mar a thrasnaíonn níos mó seirbhísí an tairseach maidir leis an líon úsáideoirí. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil bonn ioncaim bunúsach na táille nua cobhsaí, ós rud é nach dócha go gcaillfidh seirbhísí ag a bhfuil > 45 mhilliún úsáideoir gníomhach in aghaidh na míosa uimhreacha úsáideoirí go tapa agus go mbainfear iad de mhaoirseacht an Choimisiúin.

Mar gheall ar chineál buan tháille an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, mar aon le buaine agus tábhacht chúraimí maoirseachta an Choimisiúin maidir le sábháilteacht agus iontaofacht ardán ar líne lena n-áirítear sábháilteacht agus iontaofacht ardán chun leanaí a chosaint ar líne, fágann sé gur sampla oiriúnach iad an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an ionstraim atá ann faoi láthair de réimse ina bhféadfaí poist sa phlean bunaíochta a mhaoiniú leis an táille fholuiteach.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Baineann na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa Rialachán leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis náisiúnta gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh. Beidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag gníomhaíochtaí den sórt sin, agus freisin go mbeidh sé réidh chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, treoirdhoiciméid, rúnaíocht nós imeachta coiste a ullmhú, lena n-áirítear faireachán in aghaidh príomhtháscairí feidhmíochta agus garspriocanna seanbhunaithe. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí saincheisteanna agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a ghníomhaíochtaí á gcur i gcrích a shainaithint go pras.

Thairis sin, i gcás na n-ioncam a eascraíonn as an táille mhaoirseachta, déanfar foráil sa Rialachán maidir le hoibleagáidí tuairiscithe tráthrialta don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na costais a thabhaítear agus na hioncaim a bhailítear.

